CINNEADH (AE) 2022/1328 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2021

maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil agus ag Réigiún Lazio i bhfabhar Laziomar agus a fhaighteora CLN

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2021) 6989)

(Is é an leagan Iodáilise an t-aon leagan barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach

1. Nós Imeachta 157
2. Cúlra agus tuairisc ar na bearta atá faoi réir imscrúdú 158
   2.1. Creat ginearálta 158
      2.1.1. Na Coinbhinsiúin tosaigh 158
      2.1.2. Fadú na gCoinbhinsiún tosaigh 160
      2.1.3. Príobháidiú Laziomar agus tabhairt i gcrích an chonartha seirbhíse nua 161
   2.2. Bearta i raon feidhme Chinntí 2011 agus 2012 161
   2.3. Tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá faoi réir an Chinnidh seo 161
      2.3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil 162
         2.3.1.1. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí 162
         2.3.1.2. Buiséad agus fad 162
      2.3.2. Príobháidiú Laziomar 164
         2.3.2.1. An nós imeachta díolacháin agus dámhachtain deiridh 165
         2.3.2.2. An conradh díolacháin 165
         2.3.2.3. Imeachtaí ar an leibhéal náisiúnta 165
      2.3.3. An conradh seirbhíse nua idir Réigiún Lazio agus Laziomar 166
         2.3.3.1. An tairbhí 166
         2.3.3.2. Na bealaí 166
         2.3.3.3. Fad 166
         2.3.3.4. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí 166
         2.3.3.5. Na forálacha cúitimh agus an dámhachtain deiridh 166
      2.3.4. An tosaíocht feistithe 168
      2.3.5. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 168
   2.4. Nós imeachta maidir le sárú Uimh. 2007/4609 168
3. Forais maidir leis an nós imeachta a thionscnamh agus síneadh a chur leis 170

3.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil 170
3.1.1. Altmark a urramú agus cabhair a bheith ann 170
3.1.2. Comhoiriúnacht 171
3.2. Príobháidiú Laziomar 172
3.3. An conradh seirbhíse nua idir Réigiún Lazio agus Laziomar 172
3.3.1. Altmark a urramú, agus cabhair agus comhoiriúnacht a bheith ann 172
3.3.2. Comhoiriúnacht 172
3.4. An tosaíocht feistithe 173
3.5. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 173
4. Barúlacha ón Iodáil 173
4.1. Maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus an timpeallacht iomaíoch 173
4.2. Maidir le príobháidiú Laziomar 173
4.2.1. Maidir le praghas díola Laziomar 174
4.2.2. Maidir le cineál trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach an nóis imeachta 174
4.3. Maidir le comhlíontacht fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh agus an chonartha nua seirbhíse poiblí le coinníollacha *Altmark* 175
4.4. An tosaíocht feistithe 175
4.5. Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 175
4.6 Maidir leis na rialacha chun an cúiteamh le haghaidh na tréimhse 2011–2019 a ríomh agus maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a leagtar síos i dTreoir CIPE ó 2010 amach 175
4.7. Maidir le comhlíontacht an chonartha nua seirbhíse poiblí le Cinneadh 2011 maidir le SGEI 176
4.8. Maidir le comhlíontacht an chonartha nua seirbhíse poiblí le Creat SGEI 2011 177
5. Measúnú 177
5.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE 177
5.1.1. Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil 177
5.1.1.1. Acmhainní Stáit 178
5.1.1.2. Roghnaíocht 178
5.1.1.3. Buntáiste eacnamaíoch 179
5.1.1.4. Éifeacht ar iomaíocht agus ar thrádáil 179
5.1.1.5. Conclúid 180
5.1.1.6. Cabhair nua nó cabhair atá ann cheana 180
5.1.2. Dámhachtain an chonartha nua seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar 180
5.1.2.1. Altmark 1 180
5.1.2.2. Altmark 2 187
5.1.2.3. Altmark 3 187
5.1.2.4. Altmark 4 190
5.1.2.5. Conclúid 196
5.1.3. Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 196
5.1.3.1. An úsáid a d'fhéadfadh a bheith arna baint as cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta 196

5.1.3.2. Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe 197

5.1.3.3. An fhéidearthacht a bhaineann le hacmhainní FAS a úsáid chun freastal ar riachtanais leachtachta 198

5.1.4. An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann 198

5.2. Dleathacht na cabhrach 198

5.3. Comhoiriúnacht na cabhrach 198

5.3.1. Rialacha is infheidhme 200

5.3.2. Fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 106 CFAE 200

5.3.3. An gá le gníomh iontaoibhe ina sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna ríomha cúitimh 202

5.3.4. Fad na tréimhse iontaoibhe 203

5.3.5. Comhlíontacht le Treoir 2006/111/CE 204

5.3.6. An méid cúitimh 204

5.3.7. An tosaíocht feistithe 206

5.3.8. Conclúid 206

6. Conclúid 206

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na forála nó na bhforálacha atá luaite thuas ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. **Nós Imeachta**

(1) An 23 Márta 2009, 9 Nollaig 2009, 21 Nollaig 2009, 6 Eanáir 2010, 27 Meán Fómhair 2010 agus 12 Deireadh Fómhair 2010, fuair an Coimisiún sé ghearán maidir le bearta tacaíochta éagsúla arna nglacadh ag an Iodáil i bhfabhar na gcuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia ([2]). Bhain na gearáin leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do na cuideachtaí sin tar éis do na conarthaí seirbhíse poiblí tosaigh a tugadh i gcrích leis an Iodáil don tréimhse idir mí Eanáir 1989 agus mí na Nollag 2008 dul in éag ("na Coinbhinsiúin tosaigh"), bearta tacaíochta breise arna leagan síos sa dlí náisiúnta i gcomhthéacs phróiseas príobháidithe na gcuideachtaí, mar aon le saincheisteanna áirithe a bhaineann go háirithe le nós imeachta príobháidithe Tirrenia di Navigazione S.p.A. ("Tirrenia") agus Siremar – Sicilia Regionale Marittima S.p.A. ("Siremar").

(2) Thug an Iodáil fógra don Choimisiún an 29 Iúil 2010 faoin gcúiteamh a d'íoc an Iodáil in 2008, 2009 agus 2010 le Caremar – Campania Regionale Maritima S.p.A. ("Caremar"). Tugadh an fógra sin arís an 1 Nollaig 2010 agus cumhdaíodh an cúiteamh a íocadh le Caremar in 2009 agus 2010. Cumhdaíodh an cúiteamh a íocadh le Caremar in 2008 le cinneadh ar leithligh (féach aithris 20).

(3) An 5 Deireadh Fómhair 2011, thionscain an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil i leith bearta éagsúla arna nglacadh ag an Iodáil i bhfabhar na gcuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia ("Cinneadh 2011") ([3]). Bhain an t-imscrúdú *inter alia* leis na gcúiteamh a deonaíodh do Caremar – chun roinnt bealaí muirí a oibriú ón 1 Eanáir 2009 agus le roinnt bearta eile a deonaíodh don chuideachta sin (féach aithris 38).

(4) An tráth sin, d'oibrigh Caremar bealaí cabatáiste muirí ([4]) i Murascaill Naples (Réigiún Campania) agus in oileánra Pontino (Réigiún Lazio). Ina dhiaidh sin, d'aistrigh Réigiún Campania na bealaí in oileánra Pontino chuig Réigiún Lazio ar bhonn neamhspleách faoin ainm Laziomar S.p.A. ("Laziomar") ([5]). Cuireadh an t-aistriú sin ar bhonn foirmiúil an 1 Meitheamh 2011 (féach aithrisí 32 agus 33).

(5) Foilsíodh Cinneadh 2011 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(6) I litir dar dáta an 28 Meán Fómhair 2011, dheimhnigh an Iodáil go raibh sé beartaithe aici na cuideachtaí réigiúnacha in iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, a phríobháidiú. Chuir an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an Iodáil an 26 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an nós imeachta príobháidithe. An 30 Samhain 2011 chuir an Iodáil freagra isteach ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 26 Deireadh Fómhair 2011.

([1]) IO C 28, 1.2.2012, lch. 18 agus IO C 84, 22.3.2013, lch. 58.

([2]) Bhí iar-ghrúpa Tirrenia comhdhéanta de na cuideachtaí Tirrenia di Navigazione S.p.A., Adriatica S.p.A., Caremar – Campania Regionale Maritima S.p.A., Saremar – Sardegna Regionale Marittima S.p.A., Siremar – Sicilia Regionale Marittima S.p.A., agus Toremar – Toscana Regionale Marittima S.p.A..

([3]) Státchabhair – Poblacht na hIodáile – Státchabhair SA.32014 (11/C) (ex 11/NN), SA.32015 (11/C) (ex 11/NN), SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) – Státchabhair leis na cuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia – Iarratas chun barúlacha a thabhairt de bhun Airteagal 108(2) de CFAE (IO C 28, 1.2.2012, lch. 18).

([4]) Féach Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le hiompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí) (IO L 364, 12.12.1992, lch. 7) ("an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí").

([5]) Bunaíodh Laziomar an 1 Nollaig 2010, agus ba é Réigiún Lazio an t-aon scairshealbhóir amháin.

(7) Chuir an Iodáil barúlacha isteach an 15 Samhain 2011 maidir leis na bearta arna gcumhdach ag Cinneadh 2011.

(8) An 25 Aibreán 2012, chuir an Coimisiún iarraidh eile ar fhaisnéis chuig an Iodáil maidir leis an nós imeachta príobháidithe. D'fhreagair an Iodáil i litir dar dáta an 22 Bealtaine 2012.

(9) Chuir an Coimisiún síneadh leis an nós imeachta imscrúdaithe an 7 Samhain 2012 *inter alia* chun bearta breise tacaíochta áirithe arna ndeonú ag Réigiún Lazio do Laziomar i leith an chúitimh phoiblí a deonaíodh do Laziomar faoin gconradh nua seirbhíse poiblí a chumhdach. Ghlac an Coimisiún leagan leasaithe den Chinneadh sin an 19 Nollaig 2012 ("Cinneadh 2012") ([6]).

(10) Foilsíodh Cinneadh 2012 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoi na bearta faoi imscrúdú.

(11) Chuir an Iodáil a barúlacha isteach an 11 Nollaig 2012.

(12) D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ón Iodáil an 25 Eanáir 2018, an 29 Márta 2018, an 31 Lúnasa 2018, an 4 Márta 2019, an 15 Aibreán 2020, an 9 Feabhra 2021 agus an 26 Feabhra 2021. Sholáthair an Iodáil an fhaisnéis sin an 26 Aibreán 2018, an 8 Bealtaine 2018, an 31 Bealtaine 2018, an 2 Samhain 2018, an 11 Nollaig 2018, an 30 Aibreán 2019, an 22 Meitheamh 2020, an 22 Feabhra 2021 agus an 17 Márta 2021.

(13) Ní bhaineann an Cinneadh seo ach le cabhair fhéideartha do Laziomar mar a shonraítear i roinn 2.3. Tá imscrúdú ar leithligh faoi na cásanna SA.32014, SA.32015 agus SA.32016 á dhéanamh ar gach beart eile atá fágtha faoi réir Chinntí 2011 agus 2012 agus dá réir sin ní chumhdaítear leis an gCinneadh seo iad. Is le cuideachtaí eile de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia go háirithe a bhaineann na bearta sin atá fágtha.

2. **Cúlra agus tuairisc ar na bearta atá faoi réir imscrúdú**

2.1. **Creat ginearálta**

2.1.1. *Na Coinbhinsiúin tosaigh*

(14) Ba leis an Iodáil, tríd an gcuideachta Fintecna ([7]), an Grúpa Tirrenia go traidisiúnta agus sé chuideachta a bhí i gceist leis an chéad lá riamh, is iad sin Tirrenia, Adriatica, Caremar, Saremar, Siremar agus Toremar. Sholáthair na cuideachtaí sin seirbhísí iompair mhuirí faoi chonarthaí seirbhíse poiblí ar leithligh a tugadh i gcrích in 1991 leis an Iodáil, agus a bhí i bhfeidhm ar feadh 20 bliain idir mí Eanáir 1989 agus mí na Nollag 2008 ("na Coinbhinsiúin tosaigh"). Bhí 100 % de scairchaipiteal Tirrenia ag Fintecna, agus ba le Terrinia ar a sheal na cuideachtaí réigiúnacha Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar ina n-iomláine. Rinne Adriatica, a bhíodh ag oibriú roinnt bealaí idir an Iodáil agus an Albain, an Chróit, an Ghréig agus Montainéagró faoi seach, cónascadh le Tirrenia in 2004.

(15) Ba é cuspóir na gCoinbhinsiún tosaigh sin rialtacht agus iontaofacht na seirbhísí iompair mhuirí a ráthú, a gceanglaíonn an chuid is mó díobh mórthír na hIodáile leis an tSicil, an tSairdín agus le hoileáin bheaga eile de chuid na hIodáile. Chuige sin, dheonaigh an Iodáil tacaíocht airgeadais i bhfoirm fóirdheontas a íocadh go díreach le gach ceann de na cuideachtaí i nGrúpa Tirrenia.

(16) Thosaigh Laziomar ag oibriú sraith bealaí cabatáiste muirí idir Réigiún Lazio agus na hoileáin bheaga máguaird an 1 Meitheamh 2011 (féach aithris 33). Tugtar tuairisc in aithris 43 ar na bealaí beachta lena mbaineann.

([6]) Státchabhair – Poblacht na hIodáile – Státchabhair SA.32014 (2011/C), SA.32015 (2011/C), SA.32016 (2011/C) – Státchabhair leis na cuideachtaí in iar-Ghrúpa Tirrenia agus lena bhfaighteoirí – Iarratas chun barúlacha a thabhairt de bhun Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO C 84, 22.3.2013, lch. 58).

([7]) Tá Fintecna (Finanziaria per i Settori Industriale e dei Servizi S.p.A.) faoi úinéireacht iomlán Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na hIodáile agus tá saineolas speisialta aige maidir le bainistíocht ar phróisis scairsheilbhe agus phríobháidithe, chomh maith le bheith ag láimhseáil tionscadal chun cuideachtaí a bhfuil deacrachtaí tionsclaíocha, airgeadais nó eagraíochtúla acu a chuíchóiriú agus a athstruchtúrú.

(17) Chinn an Coimisiún an 6 Lúnasa 1999 tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") i leith cabhair arna híoc ar bhonn na gCoinbhinsiún tosaigh leis na sé chuideachta a bhí mar chuid de Ghrúpa Tirrenia an tráth sin.

(18) Le linn chéim an imscrúdaithe, d'iarr an Iodáil go roinnfí cás Ghrúpa Tirrenia ionas go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do theacht ar chinneadh críochnaitheach maidir le Tirrenia. Rinneadh an iarraidh sin de bharr an phlean a bhí ag an Iodáil an Grúpa a phríobháidiú, ag tosú le Tirrenia, agus mar gheall ar an rún a bhí aici luas a chur faoin bpróiseas i ndáil leis an gcuideachta sin.

(19) Chinn an Coimisiún go bhféadfadh sé aontú d'iarraidh na hIodáile, agus lena Chinneadh 2001/851/CE ([8]) ("Cinneadh 2001"), thug sé an nós imeachta a tionscnaíodh i leith na cabhrach a deonaíodh do Tirrenia i gcrích. Dearbhaíodh go raibh an chabhair comhoiriúnach faoi réir gealltanais áirithe a thug an Iodáil.

(20) Lena Chinneadh 2005/163/CE ([9]) ("Cinneadh 2004"), dhearbhaigh an Coimisiún go raibh cuid den chúiteamh a dheonaigh an Iodáil do chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, go raibh cuid de comhoiriúnach ar choinníoll go dtabharfaí urraim do ghnóthais áirithe de chuid na hIodáile, agus nach raibh cuid de comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Bhí an cinneadh bunaithe ar shonraí cuntasaíochta ó na blianta 1992 go 2001 agus áiríodh leis coinníollacha áirithe arbh é ab aidhm dóibh comhoiriúnacht an chúitimh a áirithiú ar feadh achar iomlán na gCoinbhinsiún tosaigh.

(21) Le Breithiúnas an 4 Márta 2009 i gcásanna T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 ([10]) ("Breithiúnas 2009") chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh 2004 ar neamhní.

(22) Lena Chinneadh (AE) 2018/261 ([11]) ("Cinneadh 2014") thug an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann le bearta éagsúla arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar i gcrích. Rinne an Chúirt Ghinearálta an t-achomharc a thaisc Saremar agus Réigiún na Sairdíne in aghaidh an chinnidh sin a dhíbhe in 2017 ([12]).

(23) Lena Chinneadh (AE) 2020/1411 ([13]) ("cinneadh Ghrúpa Tirrenia 2020"), thug an Coimisiún an t-imscrúdú ar chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia seachas Tirrenia i gcrích le haghaidh na tréimhse 1992–2008. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh ionann an chabhair a ceadaíodh chun seirbhísí iompair cabatáiste muirí agus cabhair atá ann cheana, fad agus a bhí formhór na cabhrach a deonaíodh chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar comhoiriúnach le Creat 2011 um sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ("SGEI") ([14]) ("Creat SGEI 2011").

(24) Lena chinneadh (AE) 2020/1412 ([15]) ("Cinneadh Tirrenia/CIN 2020"), thug an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta a deonaíodh do Tirrenia agus dá fhaighteoir CIN, don tréimhse 2009–2020 i gcrích.

(25) Lena Chinneadh (AE) 2021/4268 ([16]) agus lena chinneadh (AE) 2021/4271 ([17]), thug an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis na bearta a deonaíodh do Siremar agus do Toremar agus dá bhfaighteoirí, le haghaidh na tréimhse ó 2009 ar aghaidh i gcrích.

([8]) Cinneadh 2001/851/CE ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2001 maidir leis an Státchabhair arna dámhadh ag an Iodáil don chuideachta loingseoireachta Tirrenia di Navigazione (IO L 318, 4.12.2001, lch. 9).

([9]) Cinneadh 2005/163/CE ón gCoimisiún an 16 Márta 2004 maidir leis an Státchabhair arna híoc ag an Iodáil le cuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (IO L 53, 26.2.2005, lch. 29).

([10]) Cásanna Uamtha T-265/04, T-292/04 agus T-504/04 *Tirrenia di Navigazione v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2009:48.

([11]) Cinneadh (AE) 2018/261 ón gCoimisiún an 22 Eanáir 2014 maidir leis na bearta SA.32014 (2011/C), SA.32015 (2011/C), SA.32016 (2011/C) arna gcur chun feidhme ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (IO L 49 an 22.02.2018, lch. 22).

([12]) Féach Breithiúnas an 6 Aibreán 2017 sa Chás T-219/14 *Regione autonoma della Sardegna (an Iodáil) v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2017:266.

([13]) Cinneadh (AE) 2020/1411 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir leis an Státchabhair Uimh. C 64/99 (ex NN 68/99) arna cur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh na gcuideachtaí loingseoireachta Adriatica, Caremar, Siremar, Saremar agus Toremar (Grúpa Tirrenia) (IO L 332, 12.10.2020, lch. 1).

([14]) Teachtaireacht ón gCoimisiún: An Creat Eorpach um Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí (IO C 8, 11.1.2012, lch. 15).

([15]) Cinneadh (AE) 2020/1412 ón gCoimisiún an 2 Márta 2020 maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (11/C) (ex 11/NN) arna gcur chun feidhme ag an Iodáil le haghaidh Tirrenia di Navigazione agus le haghaidh a fhaighteora Compagnia Italiana di Navigazione (IO L 332, 12.10.2020, lch. 45).

([16]) Nach bhfuil foilsithe fós in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([17]) Nach bhfuil foilsithe fós in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2.1.2. *Fadú na gCoinbhinsiún tosaigh*

(26) Leagadh síos le hAirteagal 26 de Dhlí Foraithne Uimh. 207 an 30 Nollaig 2008, a tiontaíodh i nDlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009, fadú de 1 bhliain amháin ar na Coinbhinsiúin tosaigh (lena n-áirítear an ceann is infheidhme maidir le Laziomar) a bhí le dul in éag an 31 Nollaig 2008, go dtí an 31 Nollaig 2009.

(27) Leagadh síos le hAirteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne Uimh. 135 an 25 Meán Fómhair 2009, a tiontaíodh i nDlí Uimh. 166 an 20 Samhain 2009 ("Dlí 2009"), i bhfianaise phríobháidiú chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia, go ndéanfaí scairsheilbhe na gcuideachtaí réigiúnacha (seachas Siremar) a aistriú ón máthairchuideachta Tirrenia gan aon chomaoin a dhéanamh mar a leanas:

(a) D'aistreofaí Caremar ar dtús chuig Réigiún Campania. Ina dhiaidh sin, dhéanfadh an réigiún sin cuid gnó Caremar a oibríonn na naisc iompair le hoileánra Pontina a aistriú chuig Réigiún Lazio ar bhonn neamhspleách faoin ainm Laziomar;

(b) D'aistreofaí Saremar chuig Réigiún na Sairdíne; agus

(c) D'aistreofaí Toremar chuig Réigiún na Tuscáine.

(28) Sonraíodh le Dlí 2009 freisin go gcomhaontófaí Coinbhinsiúin nua idir an Iodáil agus Tirrenia agus Siremar faoin 31 Nollaig 2009. Mar an gcéanna, dhéanfaí na seirbhísí réigiúnacha a chumhdach i ndréacht-Chonarthaí Seirbhíse Poiblí a bheadh le comhaontú idir Réigiúin na Sairdíne agus na Tuscáine agus Saremar agus Toremar faoi seach faoin 31 Nollaig 2009 agus idir réigiúin Campania agus Lazio agus Caremar agus Laziomar faoi seach faoin 28 Feabhra 2010. Dhéanfaí na dréacht-Choinbhinsiúin nua / dréacht-Chonarthaí nua Seirbhíse Poiblí a chur chun tairisceana leis na cuideachtaí iad féin agus a shíniú leis na ceannaitheoirí ar thabhairt i gcrích phríobháidiú gach ceann de na cuideachtaí sin ([18]).

(29) Chuige sin, fadaíodh tuilleadh le Dlí 2009 na Coinbhinsiúin tosaigh (lena n-áirítear an ceann is infheidhme maidir le Caremar) ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010.

(30) Socraíodh freisin le Dlí 2009 uasteorainneacha bliantúla i gcomhair cúitimh chun na seirbhísí a oibriú ó 2010 (faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh agus faoi na Coinbhinsiúin nua agus na Conarthaí nua Seirbhíse Poiblí), ag méid iomlán EUR 184 942 251, mar a leanas:

Tábla 1

Tairseacha cúitimh ó 2010

Cuideachta	Uasmhéid an chúitimh bhliantúil
Tirrenia	72 685 642
Siremar	55 694 895
Saremar	13 686 441
Toremar	13 005 441
Caremar	29 869 832 ([1])
([1]) As a dtiocfadh EUR 19 839 226 ó Réigiún Campania agus EUR 10 030 606 ó Réigiún Lazio.	

(31) Leagadh síos le hAirteagal 1 de Dhlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010, lenar tiontaíodh Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010 ("Dlí 2010"), fadú breise na gCoinbhinsiún tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí an tráth a mbeadh próisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar tugtha i gcrích, rud a tharla an 19 Iúil 2012 agus an 31 Iúil 2012 faoi seach.

([18]) Airteagal 19-*ter*, mír 10 de Dhlí 2009.

(32) I bhfianaise fhorálacha Airteagal 19-*ter* de Dhlí 2009, bhunaigh Réigiún Lazio an 1 Nollaig 2010, trí dhlí réigiúnach Uimh. 2/2010, cuideachta phoiblí theoranta le haghaidh na seirbhísí cabatáiste muirí réigiúnacha, ar a dtugtar Laziomar, chun an brainse de chuid Caremar a raibh bealaí oileánra Pontino á n-oibriú aige agus a bhí le príobháidiú ina dhiaidh sin a fháil.

(33) An 7 Márta 2011, dhíol Caremar a bhrainse a bhain le bealaí oileánra Pontino le Laziomar. Thosaigh Laziomar ag oibriú na mbealaí an 1 Meitheamh 2011.

(34) De réir Fhoraithne Réigiún Lazio Uimh. 508 an 28 Deireadh Fómhair 2011 ("Foraithne Lazio"), cuireadh treoirlínte ar fáil maidir le próiseas príobháidithe Laziomar arna chuachadh le tabhairt i gcrích an chonartha nua seirbhíse poiblí le haghaidh bealaí oileánra Pontino.

(35) Thairis sin, de réir Dhlí Uimh. 228 an 24 Nollaig 2012, chuir Réigiún Lazio de chúram ar Laziomar, ar bhonn conartha "naisc", oibleagáid maidir le leanúnachas críche bhealaí oileánra Pontino a áirithiú go dtí a phríobháidiú, faoi na coinníollacha céanna. Síníodh an conradh sin an 12 Feabhra 2013 agus d'fhan sé i bhfeidhm go dtí gur príobháidíodh Laziomar.

2.1.3. *Príobháidiú Laziomar agus tabhairt i gcrích an chonartha seirbhíse nua*

(36) Cuireadh tús le nós imeachta tairisceana i mí Feabhra 2012, (féach roinn 2.3.2) chun ceannaitheoir a aimsiú le haghaidh Laziomar a bhí cuachta leis an gconradh nua seirbhíse poiblí faoina soláthrófaí seirbhísí muirí in imeacht tréimhse 10 mbliana ar chúiteamh seirbhíse poiblí.

(37) D'éirigh leis an tairiscint a rinne Compagnia Laziale di Navigazione S.r.l. ("CLN") sa nós imeachta tairisceana, agus is é a bhí ina úinéir nua ar Laziomar. Síníodh an conradh díolacháin idir Réigiún Lazio agus CLN an 30 Nollaig 2013. Shínigh Réigiún Lazio agus Laziomar an conradh seirbhíse nua chun seirbhísí muirí a sholáthar in oileánra Pontino an 15 Eanáir 2014.

2.2. **Bearta i raon feidhme Chinntí 2011 agus 2012**

(38) Bhí na bearta seo a leanas faoi réir measúnú sa nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a cuireadh ar bun le Cinntí 2011 agus 2012:

(a) Cúiteamh chun seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ("SGEI") a sholáthar faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh (*beart 1*);

(b) Mí-úsáid ionchasach á baint as cúnamh tarrthála ag Tirrenia agus Siremar (*beart 2*);

(c) Príobháidiú cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia ([19]) (*beart 3*);

(d) Cúiteamh a íocadh chun SGEI a oibriú faoi na Coinbhinsiúin nua / Conarthaí nua Seirbhíse Poiblí (*beart 4*);

(e) An tosaíocht feistithe (*beart 5*);

(f) Na bearta arna leagan síos le Dlí 2010 lenar tiontaíodh Dlí Foraithne Uimh. Uimh. 125/2010 (*beart 6*);

(g) Cúig bheart bhreise arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar (*beart 7*);

(39) Le Cinneadh 2014 uaidh chuir an Coimisiún clabhsúr leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a mhéid a bhaineann le bearta arna nglacadh ag Réigiún na Sairdíne i bhfabhar Saremar dá dtagraítear thuas mar Bheart 7 cé is moite de bheart amháin ([20]).

2.3. **Tuairisc mhionsonraithe ar na bearta atá faoi réir an Chinnidh seo**

(40) Ní phléann an Cinneadh seo ach le bearta 1, 3, 4, 5 agus 6 mar a liostaítear in aithris 38 iad a mhéid a bhaineann siad le Laziomar agus CLN. Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na bearta sin sna ranna seo a leanas.

([19]) Orthu sin tá an íocaíocht iarchurtha a rinne CIN ar chuid de phraghas ceannaigh chun brainse gnó Tirrenia a fháil agus roinnt bearta cúnaimh breise a líomhnaítear i gcomhthéacs phríobháidiú bhrainse gnó Siremar (e.g. frithráthaíocht agus méadú ar chaipiteal ag an Stát do CdI, arb é an t-eintiteas é a fuair brainse gnó Siremar ar dtús).

([20]) Ní dhearnadh measúnú i gCinneadh 2014 ar an tionscadal Bonus Sardo – Vacanza, go háirithe, ar cuid de Bheart 7 é, agus ní dhéanfar measúnú air sa Chinneadh seo ach oiread.

2.3.1. *Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil*

2.3.1.1. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí

(41) Bhí foráil in Airteagal 1 den Choinbhinsiún tosaigh le Caremar le haghaidh pleananna 5 bliana chun na calafoirt atá le seirbheáil a mhionsonrú, an cineál soithí a úsáidfear agus minicíocht na seirbhíse arna cur ar iontaoibh Caremar (agus ina dhiaidh sin ar Laziomar tar éis bealaí Pontine a aistriú chuig Réigiún Lazio an 1 Meitheamh 2011).

(42) De réir na hIodáile, ba é an plean 5 bliana deiridh le haghaidh Caremar (an tráth sin) a formheasadh go foirmiúil ná an ceann a bhain leis an tréimhse 2000–2004, agus gur tarraingíodh suas plean don tréimhse 2005–2008 ach nár fhormheas na haireachtaí inniúla go foirmiúil riamh é. Ina ionad sin, tá cinntí *ad hoc* arna ndéanamh ag an rialtas d'fhonn na seirbhísí a thabhairt i gcomhréir níos fearr le riachtanais na bpobal áitiúil, ach gan athruithe substainteacha a dhéanamh ar an gcóras seirbhíse poiblí.

(43) Bunaithe ar an gCoinbhinsiún tosaigh, mar a fadaíodh le gníomhartha dlíthiúla ina dhiaidh sin é a luaitear in aithrisí 26 go 33, bhí na bealaí seo a leanas á n-oibriú ag Laziomar ar feadh na bliana:

— Ar an mbealach Ponza – Formia (**Líne T1**) d'oibrigh Laziomar an t-aon nasc amháin chuig an líne sin. D'áirithigh sé dhá nasc in aghaidh an lae lena soláthraíodh seirbhísí measctha (paisinéirí, feithiclí agus earraí). D'fhág an soitheach an t-oileán ar 05.30 a.m., rud a thug ráthaíocht do na cónaitheoirí go mbeadh nasc acu leis an mórthír ar chúiseanna staidéir agus oibre, agus d'fhág an turas fillte deireanach ar 17.30 p.m.

— Ar an mbealach Ponza – Formia (**Líne A2**) d'oibrigh Laziomar an t-aon tseirbhís ardluais do phaisinéirí freisin, ina raibh nasc laethúil amháin, agus choinnigh sé an soitheach ar an oileán thar oíche;

— Ar an mbealach Anzio – Ponza (**Líne A1**) d'áirithigh Laziomar seirbhís ardluais laethúil do phaisinéirí san ardséasúr ón Luan go dtí an Satharn. Méadaíodh an tseirbhís ar an Domhnach agus ar laethanta saoire, áfach, agus bhí údar leis sin ar fhorais shóisialta agus eacnamaíocha (go háirithe toisc gurb í an turasóireacht an t-aon fhoinse ioncaim ar an oileán, go bunúsach). D'oibrigh iomaitheoir amháin, Vetor, seirbhís ardluais do phaisinéirí ar an líne chéanna le linn an ardséasúir freisin.

— Ar an mbealach Ventotene – Formia (**Líne T2**) d'áirithigh Laziomar seirbhís laethúil ar feadh na bliana agus soitheach measctha á húsáid aige. Ba í an tseirbhís mheasctha an t-aon nasc tráthrialta chun paisinéirí, feithiclí agus earraí a iompar ar feadh na bliana;

— Ar an mbealach Ponza – Formia (**Líne A3**) d'oibrigh Laziomar an t-aon nasc ardluais freisin. D'fhág sé ar 06.45 a. m., rud a chuir ar chumas na gcónaitheoirí taisteal chuig an mórthír ar chúiseanna gairmiúla nó staidéir, agus d'fhan sé ar an oileán thar oíche chun buaine i gcás éigeandála leighis a áirithiú.

2.3.1.2. Buiséad agus fad

(44) Léirítear i dTábla 2 an méid bliantúil cúitimh arna íoc ag an Iodáil le Laziomar don tréimhse 2011–2013.

Tábla 2

Cúiteamh arna dheonú don tréimhse 2011–2013

Bliain	Cúiteamh a íocadh (EUR)
2011	8 601 187
2012	13 780 506
2013	12 696 006

(45) Foráiltear leis an gCoinbhinsiún tosaigh go n-íocfar cúiteamh bliantúil seirbhíse poiblí mar a leanas: déantar réamhíocaíocht tosaigh i mí an Mhárta gach bliain atá coibhéiseach le 70 % den chúiteamh a íocadh an bhliain roimhe sin. Déantar an dara híocaíocht i mí an Mheithimh atá coibhéiseach le 20 % den chúiteamh. Is é an difríocht

idir na méideanna a íocadh agus an gannchion idir costais oibriúcháin agus ioncam le linn na bliana reatha é an t-iarmhéid, a íoctar faoin 30 Samhain. Má tharlaíonn sé go bhfuair Laziomar suim a bhí níos mó ná glanchostas na seirbhísí a soláthraíodh (ioncam lúide caillteanais), foráiltear leis an gCoinbhinsiún tosaigh go gceanglaítear ar Laziomar an difríocht a aisíoc. ([21])

— Cúiteamh a deonaíodh in 2011–2013

(46) Sonraítear i bhForaithne Uimh. 501 ón Uachtarán an 1 Meitheamh 1979 ("Foraithne Uimh. 501/79") na gnéithe éagsúla (ioncaim agus costais) a chuirtear san áireamh nuair a bhíonn an fóirdheontas a íoctar le hoibreoirí seirbhíse poiblí muirí á ríomh. Thairis sin, bhí foráil i nDlí Uimh. 856 an 5 Nollaig 1986 ("Dlí Uimh. 856/86") le haghaidh athruithe áirithe ar an gcóras maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí muirí san Iodáil. Maidir leis na naisc le hoileáin bheaga agus le mór-oileáin, leasaíodh le hAirteagal 11 de sin na critéir chun cúiteamh na seirbhíse poiblí a ríomh. Go deimhin, b'éigean an fóirdheontas a ríomh bunaithe ar an difríocht idir ioncaim agus costais na seirbhíse arna gcinneadh le tagairt do mheán-pharaiméadair agus do pharaiméadair oibiachtúla, agus chaithfí toradh réasúnach ar chaipiteal infheistithe a áireamh leo. Leagtar síos freisin le hAirteagal 11 go gcaithfí an liosta de na bealaí a fuair fóirdheontas, an mhinicíocht agus na cineálacha long a bhí le húsáid a áireamh sna conarthaí seirbhíse poiblí. Bhí na fóirdheontais le formheas ag na hAirí freagracha. Léiríodh sna Coinbhinsiúin tosaigh na prionsabail a leagadh síos i bhForaithne Uimh. 501/79 ón Uachtarán agus i nDlí Uimh. 856/86.

(47) Ó 2010, cinneadh an cúiteamh chun SGEI a oibriú trí mhodheolaíocht nua a chur i bhfeidhm a leagadh síos i dTreoir CIPE ([22]) an 9 Samhain 2007 dar teideal "Critéir maidir leis an sainmhíniú ar oibleagáidí seirbhíse poiblí agus na dinimicí maidir le táillí in earnáil an chabatáiste mhuirí um leas poiblí" ("Treoir CIPE") ([23]). De réir an réamhrá, eisíodh an Treoir CIPE i bhfianaise phríobháidiú na gcuideachtaí poiblí a oibríonn seirbhísí muirí faoi chóras seirbhíse poiblí ([24]). Cuireadh forálacha Threoir CIPE i bhfeidhm i leith na seirbhísí arna soláthar ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia ó 2010, fiú sular tháinig na Coinbhinsiúin nua agus na Conarthaí nua Seirbhíse Poiblí faoi seach i bhfeidhm i ndiaidh na bpríobháidithe faoi seach.

(48) Leis an modh a leagtar síos i dTreoir CIPE tugtar caoi do na cuideachtaí a oibríonn an tseirbhís phoiblí mhuirí toradh iomchuí a dhéanamh. Déantar ráta an toraidh ar chaipiteal a ríomh ar bhonn meánchostas ualaithe an chaipitil ("WACC").

(49) Déantar an toradh riachtanach ar chothromas ([25]) a ríomh ag úsáid na Samhla Praghsála i leith Sócmhainní Caipitiúla ("CAPM"). Ar bhonn na samhla praghsála i leith sócmhainní caipitiúla, díorthaítear costas an chothromais mar fheidhm de (i) an ráta saor ó riosca, (ii) an Beta (meastachán ar phróifíl riosca na cuideachta i gcoibhneas leis an margadh cothromais) agus (iii) an phréimh riosca cothromais a sannadh don mhargadh cothromais.

(50) Go háirithe, dhéanfaí costas an chothromais a ríomh trí phréimh a chur i bhfeidhm as riosca breise a iompar ar an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca. Ríomhtar an phréimh sin mar phréimh riosca an mhargaidh arna iolrú faoina Beta, lena dtomhaistear an méid riosca a bhaineann le gníomhaíocht shonrach i gcoibhneas leis an margadh.

(51) De réir Threoir CIPE, comhfhreagraíonn an ráta toraidh ar ghníomhaíochtaí saor ó riosca don mheántoradh comhlán ar bhannaí tagarmhairc 10 mbliana thar an 12 mhí roimhe sin, dá bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

(52) Leagtar préimh riosca margaidh 4 % síos i dTreoir CIPE. I gcás seirbhíse a oibrítear ar bhonn neamheisiach, áfach, déantar 2,5 % breise a chur leis an bpréimh riosca margaidh a thugtar de luach saothair don oibreoir as an riosca níos mó a bhíonn á iompar aige, glactar leis.

([21]) Tar éis an 25 Samhain 2010, trí chinneadh na Comhdhála Idir-roinne maidir le bunú an fhóirdheontais bhliantúil a bunaíodh faoi Airteagal 11 de Dhlí Uimh. 856/1986 idir an Aireacht Bonneagair agus Iompair, an Aireacht Geilleagair agus Airgeadais, agus an Aireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch (an "Chomhdháil Idir-roinne"), déantar aon tsuim ró-chúitimh a asbhaint as réamhíocaíochtaí fóirdheontais sa todhchaí.

([22]) Comitato Interministeriale per la Programmazione Economica.

([23]) Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana, ("GURI") Uimh. 50 an 28 Feabhra 2008.

([24]) Amhail de bhun Airteagal 1, litir 999 de Dhlí Uimh. 296 an 27 Nollaig 2006 agus Airteagal 1, litir e) de Dhlí Foraithne Uimh. 430/1997.

([25]) An ráta toraidh inmhianaithe d'infheisteoir cothromais i bhfianaise phróifíl riosca na cuideachta agus na sreafaí airgid a bhaineann leis.

(53) Sa chleachtas, áfach, ní féidir leis an méid cúitimh a íoctar le Laziomar mar a leagtar síos le Dlí 2009 a bheith níos mó ná an uasteorainn EUR 10 030 606 in aghaidh na bliana (féach aithris 30). Cé go gcuirtear uasteorainn le Dlí 2009 ar an gcúiteamh bliantúil a íoctar le gach cuideachta Tirrenia as oibriú na seirbhísí muirí atá faoi réir an chórais seirbhíse poiblí, áirítear freisin i dTreoir CIPE bearta coimirce áirithe a chuireann ar a gcumas é do na hoibreoirí sin a gcostais oibriúcháin a chumhdach go leordhóthanach. I bhfianaise an mhéid sin, mar a léirítear i dTábla 2, méadaíodh an cúiteamh a íocadh in 2012 agus in 2013 chun iomlán an chostais seirbhíse poiblí sna blianta sin a chumhdach.

(54) Go háirithe, de réir Threoir CIPE, ní mór raon feidhme na seirbhísí, na huastáillí a leagtar amach leis an gconradh nua seirbhíse poiblí agus an cúiteamh arna dheonú iarbhír a shainiú chun go ndeonófar don soláthraí seirbhíse cumhdach ar na costais inghlactha ina n-iomláine. Is í an fhoirmle seo a leanas is infheidhme:

$$VA(RSP) + VA(AI(X)) = VA(CA)$$

i gcás inarb amhlaidh:

— gurb ionann *VA(RSP)* agus luach lascainithe an chúitimh chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chur i gcrích;

— gurb ionann *VA(AI(X))* agus luach lascainithe ioncaim eile (fáltais ó tháillí agus fáltais eile);

— gurb ionann *(VA(CA))* agus luach lascainithe na gcostas oibriúcháin, aisíocaíocht fiachais agus an toradh ar chaipiteal.

(55) I gcás nach seastar leis an gcothromóid thuas, d'fhéadfaí raon feidhme na ngníomhaíochtaí fóirdheonaithe a laghdú, nó mar mhalairt air sin dhéanfaí athbhreithniú ar an eagraíocht seirbhíse (e.g. an cineál long) nó mhodhnófaí na srianta táillí.

(56) Thairis sin, déantar coigeartú gach bliain ar an uasteorainn táillí is infheidhme maidir le gach seirbhís, glan ar chánacha agus ar dhleachtanna calafoirt, ar bhonn foirmle praghasteorann mar a leanas:

$$\Delta T = \Delta P - X$$

i gcás inarb amhlaidh:

— ΔT gurb ionann agus an t-athrú céatadáin san uasteorainn táillí;

— ΔP gurb ionann agus an ráta boilscithe don bhliain tagartha;

— X gurb ionann agus fíor-ráta coigeartaithe bliantúil na huasteorann táillí, a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí, a fhanann gan athrú fad a mhaireann an conradh.

(57) Sonraítear freisin le Treoir CIPE go bhféadfar an uasteorainn táillí a choigeartú chun léiriú a thabhairt ar éagsúlachtaí i gcostais bhreosla, agus gnáthphraghsanna atá ar fáil go poiblí á n-úsáid mar thagairt.

2.3.2. *Príobháidiú Laziomar*

(58) An 13 Feabhra 2013 d'fhoilsigh Réigiún Lazio ar a shuíomh gréasáin an glao ar thairiscintí le haghaidh Laziomar a dhíol agus cúiteamh seirbhíse poiblí a dhámhachtain as oibleagáidí seirbhíse poiblí a dhéanamh ar na bealaí muirí a shainaithnítear in aithris 43 ([26]). Foilsíodh an glao in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([27]), in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile ([28]) agus i gceithre cinn de nuachtáin laethúla náisiúnta agus áitiúla na hIodáile.

(59) Roghnaigh an Iodáil an nós imeachta tairisceana srianta dá dtagraítear in Airteagal 55(6) den Chód Conarthaí Poiblí – Foraithne Reachtach Uimh. 163/2006 (*il Codice dei Contratti pubblici*). Ba é an critéar dámhachtana a roghnaíodh ná an tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch.

(60) Chun an réimse ba leithne tairgeoirí agus ab fhéidir a spreagadh a bheith rannpháirteach sa nós imeachta, ceadaíodh do thairgeoirí go sainráite sa ghlao ar thairiscintí a bheith rannpháirteach go comhpháirteach ann trí bhíthin grúpálacha sealadacha tairgeoirí, cuibhreannas nó Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch ("GELEnna").

([26]) www.regione.lazio.it
([27]) IO Uimh. S/149, an 4 Lúnasa 2012.
([28]) GURI, Uimh. 91, an 6 Lúnasa 2012.

2.3.2.1. An nós imeachta díolacháin agus dámhachtain deiridh

(61) Tar éis fhoilsiú an ghlao ar thairiscintí, ar dháta éaga an sprioc-ama, léirigh ocht bpáirtí spéis i rannpháirtíocht sa nós imeachta a ghlacadh (eadhon: Navigazione Libera del Golfo S.r.l., Carpoint Motorsport S.p.A., Blu Navy Cruise & Tour S.r.l., Traghetti Lines, CLN, Navigazione Generale Italiana S.p.A., Vetor S.r.l. agus Ustica Lines, a bhfuil an ceann deireanach sin ag oibriú faoi láthair faoin ainm Liberty Lines) agus thug siad an fhaisnéis a iarradh don roghnú cáilíochtúil sa chéad chéim den nós imeachta. Ligeadh seacht gcinn de na rannpháirtithe sin, seachas Blu Navy Cruise & Tour S.r.l., isteach sa chéad chéim eile agus iarradh orthu tairiscint a chur isteach an 16 Bealtaine 2013.

(62) Is éard a bhí sa chuireadh chun tairisceana an dréachtchonradh nua 10 mbliana a bhí le síniú idir an tairgeoir a n-éireodh leis agus Réigiún Lazio, agus faisnéis níos mionsonraithe maidir leis an nós imeachta tairisceana. Go háirithe, deimhníodh sa chuireadh go roghnófaí an tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch le haghaidh an chonartha seirbhíse agus go mbeadh 30 pointe scórála ag dul don phraghas agus 70 pointe do cháilíochtaí teicniúla. A mhéid a bhaineann leis an bpraghas ar dhíolachán Laziomar, luadh sa chuireadh méid socraithe a chomhfhreagraigh do EUR 2 272 000, a ríomhadh ar bhonn staidéar neamhspleách a rinne measúnú ar luach iomlán shócmhainní Laziomar (féach aithrisí 66 agus 67). Ní raibh an praghas sin inchaibidle ná faoi réir thairiscint airgeadais na dtairgeoirí dá bhrí sin.

(63) Ar an gcúis sin, iarradh ar na tairgeoirí ionchasacha uile an méid socraithe thuas ar dhíolachán Laziomar a chur san áireamh ina dtairiscint airgeadais, agus roghnódh Réigiún Lazio an tairiscint ba mhó buntáiste eacnamaíoch don tairiscint ar an iomlán bunaithe ar an bpraghas agus ar chritéir eile, critéir cháilíochta go príomha, a bhaineann leis an tseirbhís, mar a leagtar amach sa chuireadh (féach aithris 62).

(64) Chuir CLN a thairiscint isteach ar dháta éaga an sprioc-ama, rinneadh scrúdú ar a shonraíochtaí agus bhí toradh dearfach air. Níor cuireadh aon tairiscint eile isteach.

(65) Dámhadh an tairiscint do CLN dá réir sin a mhéid a bhaineann le príobháidiú ghnó Laziomar agus le hoibriú na seirbhísí muirí araon (féach roinn 2.3.3).

2.3.2.2. An conradh díolacháin

(66) Tugadh an conradh díolacháin i gcrích an 30 Nollaig 2013 agus sainmhíníonn sé aistriú scaireanna Laziomar chuig CLN ar an bpraghas socraithe EUR 2 272 000, ar bhonn meastóireacht saineolaí neamhspleách arna coimisiúnú ag Réigiún Lazio.

(67) Léiríonn an méid luach na sócmhainní seasta inláimhsithe go príomha (arb iad ceithre shoitheach agus trealamh tionsclaíoch agus tráchtála) agus luach an ticéadaithe d'oileán Ventotene, mar a chonacthas ar chlár comhardaithe na cuideachta an 1 Meitheamh 2011.

(68) De réir Airteagal 4 den chonradh díolacháin, tá CLN faoi cheangal fógra a thabhairt do Réigiún Lazio faoi aon díolachán sa todhchaí de scaireanna Laziomar le tríú páirtithe agus sa chás sin bheadh CLN fós freagrach, áfach, i gcomhpháirt le ceannaitheoir nua Laziomar i ndáil le hoibleagáidí an chonartha seirbhíse.

2.3.2.3. Imeachtaí ar an leibhéal náisiúnta

(69) Bhí toradh an nóis imeachta tairisceana inar dámhadh gnó Laziomar agus an conradh seirbhíse poiblí do CLN faoi réir díospóide os comhair Chúirt Réigiúnach Riaracháin Lazio ("TAR").

(70) Thionscain Vetor S.r.l. ("Vetor"), a bhí ag oibriú an bhealaigh Anzio-Ponza freisin le duillárthaigh (Líne A1) iarratas ar fhaoiseamh eatramhach in aghaidh dhlisteanacht an nóis imeachta tairisceana os comhair TAR, agus diúltaíodh dó le hOrdú Uimh. 2995/2013. Rialaigh an chúirt chéanna ar an bhfiúntas agus dhiúltaigh do ghearán Vetor le Breithiúnas Uimh. 467/2014. Dheimhnigh an Chomhairle Stáit na breitheanna thuas ar achomharc le Breithiúnas Uimh. 5421/2018.

2.3.3. *An conradh seirbhíse nua idir Réigiún Lazio agus Laziomar*

2.3.3.1. An tairbhí

(71) Mar a luadh in aithris 64, chuir CLN tairiscint isteach ar an gconradh nua seirbhíse poiblí. D'éirigh le tairiscint CLN agus shínigh Laziomar (a bhí faighte ag CLN ach a choinnigh a fhéiniúlacht dhlíthiúil ar leithligh) an conradh nua seirbhíse poiblí le Réigiún Lazio an 15 Eanáir 2014 le haghaidh bealaí muirí a oibriú.

2.3.3.2. Na bealaí

(72) Soláthraíonn Laziomar seirbhísí do phaisinéirí, seirbhísí measctha (paisinéirí, feithiclí agus lasta) agus seirbhísí lasta amháin (earraí agus earraí speisialta) faoin gcóras seirbhíse poiblí ar na bealaí cabatáiste muirí mar a leanas:

Tábla 3

An líonra bealaí atá á oibriú ag Laziomar faoin gconradh seirbhíse nua

Formia – Ponza (bád farantóireachta – seirbhís mheasctha) – **(Líne T1)**
Formia – Ventotene (bád farantóireachta – seirbhís mheasctha) – **(Líne T2)**
Terracina – Ponza (bád farantóireachta – seirbhísí measctha agus lasta ([1])) – **(Líne T3)**
Terracina – Ventotene (bád farantóireachta – seirbhís lasta) – **(Líne T4)**
Anzio – Ponza (duillárthach – seirbhís do phaisinéirí) – **Líne A1**
Formia – Ponza (duillárthach – seirbhís do phaisinéirí) – **Líne A2**
Formia – Ventotene (duillárthach – seirbhís do phaisinéirí) – **Líne A3**
([1]) Is do lasta amháin iad roinnt seoltaí ar an Líne seo (féach Tábla 9).

2.3.3.3. Fad

(73) Tá fad 10 mbliana (2014–2024) ar an gconradh seirbhíse nua idir Réigiún Lazio agus Laziomar.

2.3.3.4. Na hoibleagáidí seirbhíse poiblí

(74) Baineann na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuirtear ar Laziomar, i measc nithe eile, leis na calafoirt a bhfreastalaítear orthu, le cineál agus toilleadh na soithí arna sannadh do na bealaí muirí atá á n-oibriú, le minicíocht na seirbhíse agus leis na huastáillí.

2.3.3.5. Na forálacha cúitimh agus an dámhachtain deiridh

(75) Chuir Réigiún Lazio uasteorainn EUR 14 300 550, faoi réir ag leasú síos, ar an luach saothair bunúsach bliantúil ar bhonn an nóis imeachta tairisceana don chúiteamh faoin gconradh nua as oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh ar na bealaí muirí a shainaithnítear faoi aithris 43. Socraíodh an méid ag EUR 12 752 074 ar deireadh (EUR 127 520 740 ar an iomlán, le linn thréimhse 10 mbliana an chonartha).

(76) De bhun Airteagal 6 den chonradh, féadfaidh Réigiún Lazio an cúiteamh a choigeartú, suas nó síos, chun athruithe maidir leis na seoltaí iarbhír a dhéantar gach bliain a chur san áireamh. Ní dhéantar difear don leibhéal cúitimh i gcás go bhfuil an líon seoltaí a dhéantar gach bliain 3 % nó níos lú ná sin níos airde nó níos ísle ná an líon a comhaontaíodh sa chonradh. I gcás athruithe, thuas nó thíos, níos mó ná 3 %, déantar an cúiteamh a choigeartú dá réir, tríd an líon níos mó ná níos lú seoltaí a iolrú faoin bpraghas aonaid, mar a tugadh le tuiscint sa tairiscint. Leasaíodh an conradh seirbhíse in 2017 chun an leibhéal cúiteamh a choigeartú chuig an méid EUR 13 524 536.

(77) Cinntear méid an chúitimh ar bhonn na modheolaíochta a leagtar síos le Treoir CIPE (féach aithrisí 47 go 57). Léirítear sa chonradh nua seirbhíse na bearta coimirce a leagtar síos le Treoir CIPE.

(78) Déantar foráil sa chonradh seirbhíse le híoc cúitimh nach mó ná an méid is gá chun na glanchostais arna dtabhú as comhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach (cothromaíocht eacnamaíoch-airgeadais). I gcás imeachtaí ón gcothromaíocht chonarthach sin, déantar foráil in Airteagal 25 den chonradh seirbhíse le sásra athchothromúcháin a dhéanfaidh meastóireacht ar na paraiméadair uile atá nasctha le híoc an chúitimh. Má tharlaíonn sé, mar sin, mar thoradh ar athrú ábhartha ([29]) ar na paraiméadair eacnamaíocha a bhfuil sé bunaithe orthu, nach mbeidh méid an chúitimh leordhóthanach chun na costais uile a thabhaítear as soláthar na seirbhíse a chumhdach, ceadaítear sa chonradh nua seirbhíse leasú ar phríomhpharaiméadair an chúitimh, is iad sin: (i) an córas táillí; (ii) leibhéal na seirbhísí poiblí a thairgtear; (iii) leibhéal na huasteorann praghais bhliantúil; agus (iv) ranníocaíochtaí caipitil le haghaidh infheistíochtaí.

(79) Faoi Airteagal 4 (míreanna 4 go 6) den chonradh seirbhíse, déanfar laghdú 80 % ar an gcúiteamh a íocfar leis an oibreoir i gcás briseadh seirbhísí de dhroim fostaithe a bheith ag dul ar stailc agus laghdú 30 % i gcás teagmhais eile nach bhfuil coinne leo, ach íocfaidh an t-oibreoir na pionóis, de bhun Airteagal 9 den chonradh seirbhíse, i gcás ina dteipfidh air na seirbhísí a dhéanamh in imthosca seachas stailceanna nó teagmhais nach bhfuil coinne leo.

(80) De bhun Airteagal 22 den chonradh seirbhíse, ceanglaítear ar an oibreoir córas faireacháin theicniúil, eacnamaíoch agus bainistíochta a chur chun feidhme, ar dá réir a dhéantar na cuntais bhliantúla bhrabúis agus chaillteanais a bhaineann leis an tseirbhís arna soláthar ar bhonn an chonartha seirbhíse a chur chuig na húdaráis réigiúnacha lena bhfíorú.

(81) De bhun Airteagal 4(2) den chonradh seirbhíse, measadh gurb é EUR 12 752 074 an méid cúitimh bhliantúil atá le híoc le Laziomar. Mar sin féin, de réir Airteagal 4(3) den chonradh seirbhíse, déantar an praghas iarbhír a íoctar le Laziomar a chinneadh mar thoradh an táirgthe a dhéantar iarbhír (i.e. praghas in aghaidh an mhíle le haghaidh gach bealaigh), agus na rioscaí a bhaineann léi (idir thráchtála agus tionsclaíocha) á gcur san áireamh mar a leagtar síos sa chonradh (e.g. laghdú ar chúiteamh i gcás nach gcuirfidh an chuideachta na soithí ag seoladh, pionóis i gcás seirbhísí a bheith dícheangailte, etc.).

(82) Léirítear i dTábla 4 an cúiteamh a socraíodh ar bhonn an nóis imeachta tairisceana le linn thréimhse iomlán an chonartha agus an cúiteamh a íocadh iarbhír le Laziomar don tréimhse 2014–2019, i ndiaidh leasuithe maidir leis an táirgeadh seolta, de bhun Airteagal 6 den chonradh seirbhíse

Tábla 4

Cúiteamh a socraíodh agus a íocadh le Laziomar faoin gconradh seirbhíse nua (EUR) 2014–2019

Bliain	Cúiteamh a socraíodh (EUR)	Cúiteamh a íocadh (EUR)
2014	12 752 074	13 374 589
2015	12 752 074	13 376 167
2016	12 752 074	13 330 304
2017	12 752 074	13 370 070
2018	12 752 074	13 356 282
2019	12 752 074	13 366 510

([29]) Luaitear in Airteagal 25(2): "Féadann na nithe seo a leanas a bheith ina gcúis le himeacht dheimhneach nó dhiúltach ón gcothromaíocht eacnamaíoch agus airgeadais:
(a) neamhéifeachtúlachtaí bainistíochta;
(b) cumarsáid earráideach ó Laziomar maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear iarbhír chun an praghas bliantúil a chinneadh;
(c) imthosca margaidh fíor-neamhfhabhracha nach bhfuil smacht ag Laziomar orthu, as a dtiocfaidh meath ar imthosca oibriúcháin agus mar sin costais oibriúcháin níos airde nó ioncam níos ísle ó tháillí, as a leanfaidh laghdú níos mó ná 10 % ar an toradh oibriúcháin.
(d) muirir airgeadais;
(e) leasuithe ar fhorálacha reachtacha agus rialála lena mbunaítear imthosca nua d'fheidhmhiú na seirbhíse dá bhforáiltear sa chonradh;
(f) infheistíocht nua a éilíonn an Réigiún a dhéanamh le hacmhainní poiblí dá bhforáiltear le hAirteagal 19;
(g) athrú ar an gcóras táillí dá dtagraítear in Airteagal 3;
(h) imthosca margaidh fíor-fhabhracha as a leanfaidh méadú níos mó ná 10 % ar an toradh oibriúcháin;
(i) méaduithe ar an gcostas aonaid ar bhaill foirne mar thoradh ar oibleagáidí faoi CCNL [an Comhaontú Náisiúnta Comhchoiteann um Shaothar] agus breis margála cuideachta;
(j) beartas tráchtála á chur i bhfeidhm ag Laziomar chuig na huasleibhéil a leagtar síos in Iarscríbhinn G a ghabhann leis an gconradh seo". (Aistriúchán neamhoifigiúil an Choimisiúin).

2.3.4. *An tosaíocht feistithe*

(83) Chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise a gcuid oibleagáidí seirbhíse poiblí, leagadh síos in Airteagal 19-*ter*, mír 21, de Dhlí 2009 go ndéanfadh cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, an feistiú a leithdháileadh cheana agus an tosaíocht maidir le leithdháileadh sliotán nua a choimeád i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna leagan síos ag na hÚdaráis Mhuirí mar a bhunaítear le Dlí Uimh. 84 an 28 Eanáir 1994 agus le Cód Muirí na hIodáile.

2.3.5. *Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010*

(84) Leagadh síos i nDlí 2010 an fhéidearthacht go mbainfeadh gnóthais iar-Ghrúpa Tirrenia úsáid, ar bhonn sealadach, as na hacmhainní airgeadais a gealladh ([30]) cheana d'uasghrádú agus nuachóiriú an chabhlaigh chun riachtanais phráinneacha leachtachta a chumhdach ina áit. Ceanglaíodh ar na gnóthais úd de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia a bhain úsáid as an bhféidearthacht sin, áfach, na cistí tiomnaithe sin a athshlánú sa chaoi agus go mbeidís fós in ann na huasghráduithe ba ghá a dhéanamh ar a longa. Bhí gá leis na huasghráduithe sin chun caighdeáin nua idirnáisiúnta sábháilteachta a chomhlíonadh i ndiaidh Chomhaontú Stócólm de 1996 ([31]).

(85) Go háirithe, cuireadh ([32]) EUR 23 750 000 ar leataobh chun na huasghráduithe do Ghrúpa Tirrenia ina iomláine a íoc, á tharraingt as dhá shaoráid. Níor bhain Laziomar aon úsáid as na saoráidí sin, áfach (féach aithris 132).

(86) Ina theannta sin, leagadh síos na nithe seo a leanas le hAirteagal 1 de Dhlí 2010:

(a) Fadaítear na Coinbhinsiúin tosaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2010 go dtí deireadh phróiseas príobháidithe Tirrenia agus Siremar (féach freisin aithris 31);

(b) Leasaítear Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, a tiontaíodh le modhnuithe i nDlí 2009, trí mhír 24 bis a thabhairt isteach. De réir na míre sin, tairbhíonn gach gníomh oifigiúil agus oibríocht oifigiúil i gcur chun feidhme fhorálacha mhíreanna 1–15 de Dhlí 2009 de dhíolúine fhioscach. Baineann na míreanna sin le léirscaoileadh na hearnála cabatáiste mhuirí trí phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear a réamhbheart, i.e. aistriú na gcuideachtaí réigiúnacha chuig na réigiúin faoi seach;

(c) Chun a áirithiú go leanfar den tseirbhís phoiblí agus chun tacaíocht a thabhairt do phróiseas príobháidithe iar-chuideachtaí ghrúpa Tirrenia, féadfaidh na réigiúin i gceist úsáid a bhaint as acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* ("FAS") ([33]) de bhun Threoir CIPE Uimh. 1/2009 an 6 Márta 2009 ([34]).

2.4. **Nós imeachta maidir le sárú Uimh. 2007/4609**

(87) I ndiaidh malartuithe roimhe seo idir seirbhísí an Choimisiúin agus an Iodáil, rinne an tArd-Stiúrthóir Coimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar faisnéis a iarraidh ar an Iodáil an 19 Nollaig 2008. Bhain an iarraidh sin i measc nithe eile, le forbhreathnú ar na bealaí seirbhíse poiblí ag an am agus ar an saindualgas seirbhíse poiblí arna shamhlú ag an Iodáil faoi na Coinbhinsiúin nua a moladh. Thairis sin, iarradh ar an Iodáil tuilleadh mionsonraí a sholáthar faoi na pleananna príobháidithe do Ghrúpa Tirrenia.

(88) I litir uaithi an 28 Aibreán 2009, thug an Iodáil freagra mionsonraithe ar iarraidh an Choimisiúin an 19 Nollaig 2008. Luaigh an Iodáil na nithe seo a leanas sa litir sin, i measc nithe eile:

(1) b'éigean síneadh a chur leis na Coinbhinsiúin tosaigh go dtí an 31 Nollaig 2009 sa chaoi agus go mbainfí amach léirscaoileadh na hearnála cabatáiste mhuirí san Iodáil trí phríobháidiú Ghrúpa Tirrenia;

([30]) Mar a leagtar síos le hAirteagal 19, mír 13a, de Dhlí Foraithne Uimh. 78/2009, a tiontaíodh i nDlí Uimh. 102/2009 ("Dlí Uimh. 102/2009"), agus le mír 19 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí 2009.

([31]) Mionsonraíodh na caighdeáin sábháilteachta sin ina dhiaidh sin i dTreoir 98/18/CE ón gComhairle an 17 Márta 1998, arna trasuíomh ag Foraithne Reachtach Uimh. 45 an 4 Feabhra 2000, de Threoir 2003/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003, arna trasuíomh ag Foraithne Reachtach Uimh. 52 an 8 Márta 2005 agus de Threoir 2003/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna trasuíomh ag Foraithne Reachtach Uimh. 65 an 14 Márta 2005.

([32]) Na cistí uile (i.e. EUR 7 000 000) arna soláthar le mír 19 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí 2009 agus EUR 16 750 000 as na cistí arna soláthar le Dlí Uimh. 102/2009.

([33]) Is ciste náisiúnta é an Ciste um Limistéir Thearcúsáidte (*Fondo Aree Sottoutilizzate*) a thacaíonn le cur chun feidhme bheartas Réigiúnach na hIodáile. Tá a chuid acmhainní curtha in áirithe go príomha do réigiúin arna sainaithint amhlaidh ag an Iodáil.

([34]) *Gazzetta Ufficiale della Repubblica Italiana*, Uimh. 137 an 16 Meitheamh 2009.

(2) b'éigean cúiteamh seirbhíse poiblí a dheonú do Ghrúpa Tirrenia sa chaoi agus go n-áiritheofaí leanúnachas críche leis na hoileáin trí bhíthin naisc mhuirí nach raibh á soláthar go sásúil ag oibreoirí príobháideacha ar an margadh;

(3) tugadh próiseas críochnúil cuíchóirithe ar na bealaí i gcrích an 10 Márta 2009. Cuireadh na gnéithe ábhartha sóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha san áireamh sa phróiseas sin, mar aon leis an ngá atá ann naisc fíor-riachtanacha le haghaidh leanúnachas críche a choimirciú agus áiríodh leis comhairliúchán leis na sé Réigiún lena mbaineann. Is é a bheadh mar thoradh ar an gcuíchóiriú sin laghdú ar ghlanchostas na seirbhíse poiblí de thuairim agus EUR 66 mhilliún agus iomarcaíocht thart ar 600 ball den chriú thar Ghrúpa Tirrenia ina iomláine. Mheabhraigh an Iodáil freisin gur chomhlánaigh cuíchóiriú 2009 iarrachtaí a rinneadh roimhe sin (in 2004, 2006 agus 2008) chun na seirbhísí a bhí á n-oibriú ag Grúpa Tirrenia a laghdú;

(4) ba iad na cuspóirí (i) na naisc a raibh gá leo chun leanúnachas críche a áirithiú idir na hoileáin agus an mhórthír agus idir na hoileáin féin a choinneáil ar bun, agus an ceart chun sláinte, staidéir agus gluaiseachta a choimeád, (ii) naisc a chuíchóiriú i gcás oibreoirí príobháideacha a bhí ag soláthar na nasc céanna sa tréimhse chéanna ama, agus ráthaíochtaí comhchosúla cáilíochta agus leanúnachais acu, agus (iii) naisc shamhraidh agus mhearluais nach n-iompraíonn ach daoine a chuíchóiriú;

(5) thug an Iodáil forbhreathnú sa litir ar na bealaí a bhí á n-oibriú ag cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia le linn 2008 agus ar an líon laghdaithe bealaí a d'oibreodh cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia in 2009. De réir na hIodáile, ba iad na bealaí sa chás deireanach sin ba bhonn leis na Coinbhinsiúin nua a bhí le tabhairt i gcrích le húinéirí nua chuideachtaí Ghrúpa Tirrenia.

(89) Chuir an tArd-Stiúrthóir de chuid an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar litir chuig an Iodáil an 21 Nollaig 2009 inar tugadh dá n-aire dóibh inter alia, i bhfianaise an ollchóirithe radacaigh a rinneadh ar earnáil an chabatáiste mhuirí san Iodáil, agus mar gheall ar an tionchar mór sóisialta a d'imreodh an príobháidiú, dá mba rud é go ndéanfaí na tairiscintí ar bhonn conradh simplí seirbhíse poiblí, gurbh inghlactha cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil na conarthaí sin acu a chur chun tairisceana – i bprionsabal agus mar eisceacht – chun comhlíontacht a áirithiú le critéar an neamh-idirdhealaithe idir longúinéirí Comhphobail mar a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle ([35]) ("an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí"). Tugann an Coimisiún dá aire nach gcuireann an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí de cheangal ar Bhallstáit a gcuideachtaí iompair mhuirí a phríobháidiú seachas an margadh sonrach sin a léirscaoileadh agus sin amháin.

(90) An 29 Eanáir 2010 ([36]) sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil maidir leis an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí a bheith á chur chun feidhme go mícheart. Mheabhraigh an Coimisiún sa litir sin go gceanglaítear leis an Rialachán go ndéanfaidh Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích nó oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur, tráth ar bith a dhéanann sé amhlaidh, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Aontais. Foráiltear in Airteagal 4(3) den Rialachán sin go bhféadfaidh conarthaí seirbhíse poiblí atá ann faoi láthair fanacht i bhfeidhm suas go dtí dáta éaga an chonartha ábhartha. Thug an Coimisiún dá aire, áfach, gur lean cuideachtaí Ghrúpa Tirrenia de bheith ag oibriú seirbhísí iompair mhuirí tar éis do na conarthaí seirbhíse poiblí faoi seach a bheith dulta in éag (na Coinbhinsiúin tosaigh). Bhí na Coinbhinsiúin sin, go háirithe, le dul in éag ag deireadh 2008 ach d'fhadaigh an Iodáil arís agus arís eile iad. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an Iodáil a cuid barúlacha a thíolacadh.

(91) An 29 Eanáir 2010 thug Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin atá freagrach as fuinneamh agus iompar freagra freisin ar litir de chuid na hIodáile an 22 Eanáir 2010. Chuir an tArd-Stiúrthóir i dtábhacht nár bhain a fhreagra ach le comhlíontacht leis an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí agus ní le saincheisteanna Státchabhrach. Ina fhianaise sin, shonraigh an tArd-Stiúrthóir gur leormhaith na réasúnuithe a soláthraíodh maidir le bealaí áirithe chun an t-amhras a cuireadh in iúl roimhe sin a bhaint. Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir nach bhféadann conarthaí seirbhíse poiblí ach bealaí dá bhfuil teip mhargaidh ann a chumhdach.

(92) Thug an Iodáil freagra an 29 Márta 2010 ar litir fógra fhoirmiúil an Choimisiúin an 29 Eanáir 2010.

(93) Chuir an Iodáil in iúl don Choimisiún le linn chruinniú *ad hoc* an 10 Meán Fómhair 2010 gur cuireadh moill freisin ar an nós imeachta iomaíoch don chonradh le haghaidh oileánra Pontino arna oibriú ag Caremar an tráth sin i measc conarthaí eile. Ina dhiaidh sin, le Dlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010 fadaíodh na Coinbhinsiúin tosaigh a thuilleadh go dtí deireadh phróisis phríobháidithe Tirrenia agus Siremar (féach freisin (31)).

([35]) Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí) (IO L 364, 12.12.1992, lch. 7).

([36]) Glacadh an litir fógra fhoirmiúil an 28 Eanáir 2010 ach níor tugadh fógra don Iodáil fúithi go dtí an lá dar gcionn.

(94) I bhfianaise na bhforbairtí sin, sheol an Coimisiún litir fógra fhoirmiúil chomhlántach an 24 Samhain 2010. Luaigh an Coimisiún an méid seo a leanas sa litir sin:

(a) cuireadh síneadh le Coinbhinsiún tosaigh Caremar, i measc cinn eile, go huathoibríoch agus gan aon nós imeachta iomaíoch;

(b) cé gur leanadh de chur i bhfeidhm na gconarthaí seirbhíse poiblí atá i gceist, níor tugadh i gcrích aon nós imeachta iomaíoch, i gcás Caremar i measc cinn eile;

(c) d'fhorchoimeád sé an ceart chun tuairim réasúnaithe a thabhairt más gá (agus aon bharúil a thabharfadh an Iodáil á cur san áireamh).

(95) An 21 Meitheamh 2012, ghlac an Coimisiún tuairim réasúnaithe maidir leis an moill ar phríobháidiú trí chuideachta (Caremar, Laziomar agus Saremar) de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia. Ós rud é gur tugadh na nósanna imeachta tairisceana le haghaidh na dtrí chuideachta eile (Tirrenia, Toremar agus Siremar) chun críche le linn 2011 ([37]), níor cumhdaíodh na cuideachtaí sin leis an tuairim réasúnaithe. Thug an Coimisiún dá aire nach raibh nósanna imeachta iomaíocha curtha i bhfeidhm ag an Iodáil chun conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain le haghaidh cabatáiste muirí oibrithe ag Laziomar, i measc oibreoirí eile, níos mó ná 3 bliana tar éis ghnáthdhul in éag na gCoinbhinsiún tosaigh faoi seach. Cuireadh síneadh uathoibríoch agus éiginnte leis na Coinbhinsiúin sin, rud a chuir cosc ar longúinéirí eile de chuid an Aontais dul in iomaíocht le haghaidh dhámhachtain na gconarthaí sin.

(96) An 8 Lúnasa 2012, thug an Iodáil freagra ar an tuairim réasúnaithe á rá go raibh, nó go mbeadh, fógraí tairisceana maidir le conarthaí nua seirbhíse poiblí a dhámhachtain do na cuideachtaí dearlaicthe foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Go háirithe, le haghaidh Laziomar, seoladh an fógra lena fhoilsiú an 1 Lúnasa 2012.

(97) An 14 Eanáir 2014, tháinig CLN chun bheith ar an úinéir nua ar Laziomar agus shínigh sé conradh seirbhíse poiblí 10 mbliana le haghaidh naisc le hoileánra Pontino.

(98) I litir uaithi an 15 Iúil 2016, chuir an Iodáil in iúl don Choimisiún gur tugadh i gcrích príobháidiú chuideachtaí uile iar-Ghrúpa Tirrenia. An 8 Nollaig 2016, chinn an Coimisiún an nós imeachta um shárú a thabhairt chun críche.

3. **Forais maidir leis an nós imeachta a thionscnamh agus síneadh a chur leis**

3.1. **Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil** ([38])

3.1.1. *Altmark a urramú agus cabhair a bheith ann*

(99) I gCinneadh 2011 uaidh, thug an Coimisiún an réamhthuairim nach raibh an sainmhíniú ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a áiríodh sna Coinbhinsiúin tosaigh le cuideachtaí uile iar-ghrúpa Tirrenia soiléir go leordhóthanach agus dá réir sin nach raibh an Coimisiún in ann teacht ar chonclúid chinnte maidir le cibé acu a bhí nó nach raibh earráid fhollasach ann. Go háirithe, ní raibh tuairim iomlán ag an gCoimisiún ag an tráth sin maidir leis na hoibleagáidí iarbhír a forchuireadh as oibriú na mbealaí in oileánra Pontino, i measc bealaí eile, i gcomparáid leis na seirbhísí a bhí á soláthar ag iomaitheoirí ar chuid de na bealaí sin.

(100) Thug an Coimisiún an réamhthuairim gur urramaíodh an dara coinníoll de bhreithiúnas *Altmark* ([39]) toisc gur suíodh roimh ré na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh agus gur urramaíodh na ceanglais trédhearcachta. Go háirithe, thug an Coimisiún dá aire go dtugtar tuairisc ar na paraiméadair sin sna hoinbhinsiúin tosaigh (le haghaidh cúiteamh a bhaineann leis an mbliain 2009) agus i dTreoir CIPE (le haghaidh cúiteamh ó 2010 ar aghaidh).

([37]) Fiú murar tharla aistriú foirmiúil na húinéireachta ar Tirrenia, Toremar agus Siremar ach in 2012.

([38]) Tá forais i gCinneadh 2011 chun an nós imeachta i leith cabhair a íocadh leis na 6 chuideachta d'iar-ghrúpa Terrenia, i measc nithe eile, a thionscain ar bhonn na gCoinbhinsiún tosaigh. An tráth a glacadh le Cinneadh 2011 (an 5 Deireadh Fómhair 2011), bhí na seirbhísí muirí ar bhealaí oileánra Pontino díreach aistrithe ag Caremar chuig Laziomar (an 1 Meitheamh 2011). Cé nach bhfuil tagairt shainráite do Laziomar i gCinneadh 2011, tá feidhm ag réamh-mheasúnú an Choimisiúin ar an gCoinbhinsiún tosaigh lena gcumhdaítear na bealaí luaite, go cothrom maidir le Laziomar, mar oibreoir nua na mbealaí sin.

([39]) Féach Breithiúnas an 24 Iúil 2003 i gCás C-280/00 *Altmark Trans*, ECLI:EU:C:2003:415.

(101) Mheas an Coimisiún, áfach, gur chosúil nár urramaíodh an tríú coinníoll de bhreithiúnas *Altmark* agus go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do na hoibreoirí i leith fheidhmiú na gcúraimí seirbhíse poiblí. Go háirithe, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht an chúitimh a íocadh le cuideachtaí iar-ghrúpa Tirrenia ó 2009 i leith, i bhfianaise sainmhíniú soiléir ar na hoibleagáidí a forchuireadh ar na cuideachtaí sin a bheith in easnamh. Ar an mbealach céanna, bhí amhras ar an gCoimisiún maidir le cibé acu a léiríonn nó nach léiríonn an phréimh riosca 6,5 %, a bhfuil feidhm aici ó 2010 ar aghaidh, leibhéal iomchuí riosca ó tharla gur chosúil *prima facie* nár ghlac na hoibreoirí chucu féin na rioscaí a iompraítear de ghnáth in oibriú na seirbhísí sin.

(102) Thug an Coimisiún an réamhthuairim freisin nár urramaíodh an ceathrú coinníoll de bhreithiúnas *Altmark* a mhéid nár cuireadh fadú na gCoinbhinsiún tosaigh amach chun tairisceana. Thug an Coimisiún dá aire thairis sin nach bhfuair sé aon fhianaise a thacódh leis an argóint gur sholáthraigh na hoibreoirí i ndáiríre na seirbhísí lena mbaineann ar an gcostas ba lú don phobal.

(103) Tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid i gCinneadh 2011 dá bhrí sin gur Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí sa chúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh leis na hoibreoirí le linn fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh. Ina theannta sin, ba é tuairim an Choimisiúin gur cheart a mheas gur cabhair nua an chabhair sin.

3.1.2. *Comhoiriúnacht*

(104) I gCinneadh 2011 uaidh, thug an Coimisiún an réamhthuairim nach dtagann an cúiteamh seirbhíse poiblí le haghaidh na mblianta 2009-2011 faoi raon feidhme Chinneadh 2005 maidir le SGEI ([40]) ná faoi raon feidhme Chreat SGEI 2005 ([41]). Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú ar an mbeart sin go díreach faoi Airteagal 106(2) CFAE agus shuigh sé go raibh amhras air maidir le cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na coinníollacha comhoiriúnachta is infheidhme.

(105) I gCinneadh 2012, thug an Coimisiún dá aire gur tháinig pacáiste nua SGEI i bhfeidhm an 31 Eanáir 2012, arb é a bhí ann Cinneadh 2011 maidir le SGEI ([42]) agus Creat SGEI 2011 ([43]). Thug an Coimisiún an réamhthuairim, áfach, nach bhféadfaí a mheas go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí faoi fhadú na gCoinbhinsiún tosaigh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná díolmhaithe ón gceanglas fógra faoi Chinneadh 2011 maidir le SGEI.

(106) Rinneadh foráil le Dlí 2010 maidir le fadú na gCoinbhinsiún tosaigh ón 30 Meán Fómhair 2010 go deireadh an phróisis príobháidithe. Dá thoradh sin, an cúiteamh a fuair Laziomar amhail ón 1 Meitheamh 2011 go dtí a phríobháidiú, d'fhéadfaí measúnú a dhéanamh air ar bhonn Chreat SGEI 2011.

3.2. **Príobháidiú Laziomar**

(107) I gCinneadh 2012, léirigh an Coimisiún go raibh amhras air an raibh an nós imeachta tairisceana chun Laziomar a dhíol trédhearcach agus neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a áirithiú gur tharla an díol ar phraghas an mhargaidh.

(108) Mheas an Coimisiún go mb'fhéidir go raibh an líon tairgeoirí srianta le coinníollacha áirithe a forchuireadh sa phríobháidiú agus/nó go mb'fhéidir go raibh tionchar aige sin ar an bpraghas díola. D'athluaigh an Coimisiún a chleachtas bunaithe maidir le sócmhainní gnóthas faoi úinéireacht Stáit a bheith á ndíol ag an Stát (nó a ndíol a bheith inchurtha i leith an Stáit sa chás seo): is comhartha ar Státchabhair a bheith ann cúinsí neamheacnamaíocha a bheith á meas nach measfadh díoltóir príobháideach, amhail cúiseanna beartais phoiblí, ceanglais fostaíochta nó forbairt réigiúnach, más amhlaidh go bhforchuirtear leo oibleagáidí dochraideacha ar an gceannaitheoir ionchasach agus más dóigh dá bhrí sin go laghdófar an praghas díola.

([40]) Cinneadh 2005/842/CE ón gCoimisiún an 28 Samhain 2005 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 86(2) de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 312, 29.11.2005, lgh. 67).

([41]) Creat Comhphobail le haghaidh Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí (IO C 297, 29.11.2005, lch. 4).

([42]) Cinneadh 2012/21/AE ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2011 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 106(2) CFAE maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí arna dheonú do ghnóthais áirithe a gcuirtear ar a n-iontaoibh seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (IO L 7, 11.1.2012, lch. 3).

([43]) Teachtaireacht ón gCoimisiún: An Creat Eorpach um Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí.

(109) Mheas an Coimisiún freisin gur chuir na *ceanglais airgeadais* mar a thugtar orthu agus mar a fhorchuirtear i dtairiscint Laziomar míshocracht éifeachtach sa tairiscint trí thairgeoirí ionchasacha a shrianadh do chuideachtaí muirí a bhí ann faoi láthair, ó tharla sa chás seo gur cuireadh an chuideachta féin a raibh an conradh seirbhíse poiblí aici ar díol ([44]).

(110) Ar an mbealach céanna, mheas an Coimisiún gur scóráladh na *tairiscintí teicniúla* , agus ualach orthu a bhí níos airde go suntasach ná na tairiscintí eacnamaíocha (féach aithris 62), agus go raibh praghas na scaireanna socraithe ag na húdaráis áitiúla.

(111) Ar na cúiseanna thuas, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid nach raibh nós imeachta príobháidithe Laziomar trédhearcach ná neamhchoinníollach go leordhóthanach chun a áirithiú as féin gur tharla an díolachán ar phraghas an mhargaidh agus go bhfuair sé an praghas ab airde ar na scaireanna. Dá bhrí sin, níor fhéad an Coimisiún é a eisiamh ag an tráth sin gur tugadh buntáiste eacnamaíoch don cheannaitheoir.

(112) Mheas an Coimisiún freisin, ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil nuair a bhí Cinneadh 2012 á eisiúint aige, gur neamh-chomhoiriúnach a bheadh aon chabhair a thiocfadh aníos i gcaitheamh an phróisis príobháidithe.

3.3. **An conradh seirbhíse nua idir Réigiún Lazio agus Laziomar**

3.3.1. *Altmark a urramú, agus cabhair agus comhoiriúnacht a bheith ann*

(113) Thug an Coimisiún an réamhthuairim i gCinneadh 2012 nár chomhlíon an cúiteamh a íocadh le Laziomar na critéir a leagadh síos i mbreithiúnas *Altmark* agus gur cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE a bhí ann dá bhrí sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sin i bhfianaise an mhéid seo a leanas: (i) bhí iomaitheoirí ar dhealraitheach go raibh seirbhísí comhchosúla á dtairiscint acu i láthair ar a laghad ar bhealaí áirithe a bhí á n-oibriú ag Laziomar agus ní raibh faisnéis leordhóthanach ar fáil a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún teacht ar chonclúid maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ina léiriú ar fhíor-riachtanas seirbhíse poiblí nárbh fhéidir le fórsaí margaidh iad féin a chomhlíonadh; (ii) ba chosúil mar thoradh ar ríomh an chúitimh de bhun Threoir CIPE gur tugadh róchúiteamh don oibreoir as an tseirbhís phoiblí a sholáthar ar na cúiseanna céanna a luaitear i gCinneadh 2011; agus (iii) an ceathrú critéar de bhreithiúnas *Altmark*, ba chosúil nár urramaíodh é, i bhfianaise gur cuireadh an tseirbhís phoiblí chun tairisceana ar an gcoinníoll go bhfaigheadh an tairgeoir a n-éireodh leis cuideachta Laziomar ina hiomláine. Mheas an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeadh costas níos ísle don phobal ann dá mbeadh an conradh seirbhíse poiblí curtha chun tairisceana gan an ceanglas ceannaigh.

3.3.2. *Comhoiriúnacht*

(114) I dtaca le comhoiriúnacht an chúitimh do Laziomar, thug an Coimisiún dá aire, ar bhonn na faisnéise a sholáthair údaráis na hIodáile, nárbh infheidhme Cinneadh 2011 maidir le SGEI. In aon chás, níor fhéad an Coimisiún teacht ar chonclúid maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2011 maidir le SGEI, toisc nach raibh an conradh sínithe soláthraithe ag an tráth sin. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhaisnéis (e.g. an líon paisinéirí a iompraíodh sa 2 bhliain roimh bhliain an chur in iontaoibh) chun scrúdú a dhéanamh ar choinníollacha eile comhoiriúnachta Chinneadh 2011 maidir le SGEI. Rinne an Coimisiún measúnú ina dhiaidh sin ar an gcabhair bunaithe ar Chreat SGEI 2011 ach shuigh sé go raibh amhras air maidir le cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha comhoiriúnachta an Chreata sin agus d'iarr ar an Iodáil go léireofaí gurb amhlaidh gur comhlíonadh.

3.4. **An tosaíocht feistithe**

(115) I gCinneadh 2011, thug an Coimisiún an réamhthuairim gurb amhlaidh, a mhéid nach bhfaightear luach saothair i leith na tosaíochta feistithe, is buntáiste rialála an beart nach mbaineann aon aistriú ar acmhainní Stáit leis agus nach féidir leis dá bhrí sin cáiliú mar státchabhair. Ina mhalairt de chás, má thugtar luach saothair i leith na tosaíochta feistithe, mheas an Coimisiún, a mhéid a sholáthraíonn Laziomar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus nach ndeonaítear an tosaíocht sin ach i ndáil le bealaí a chumhdaítear leis an tseirbhís sin lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, nach mbeadh buntáiste breise eacnamaíoch mar thoradh ar an méid sin ós rud é go mbeadh sé ina dhlúthchuid de sholáthar na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Mar sin féin, d'iarr an Coimisiún ar an Iodáil agus ar thríú páirtithe tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir leis an mbeart sin.

([44]) Rinneadh foráil sa chuireadh chun tairisceana nach bhféadfadh láimhdeachas iomlán in earnáil an iompair mhuirí de chuid na dtairgeoirí ionchasacha sna 3 bliana roimhe sin a bheith faoi bhun EUR 60 milliún.

(116) Ós rud é gur léirigh sé go raibh sé in amhras faoi dhlisteanacht mhisean SGEI, ní fhéadfadh an Coimisiún teacht ar chonclúid maidir le comhoiriúnacht an bhirt dá mba chabhair é.

3.5. **Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010**

(117) I gCinneadh 2011, thug an Coimisiún an réamhthuairim gur státchabhair i bhfabhar chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, a bhí sna bearta uile a leagtar síos le Dlí 2010. Áiríodh orthu sin: (1) úsáid fhéideartha, chun críche leachtachta, na gcistí a bhí curtha in áirithe chun na longa a uasghrádú; (2) na díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe; agus (3) úsáid fhéideartha acmhainní FAS. D'iarr an Coimisiún ar an Iodáil a shoiléiriú cé acu a bhí nó nach raibh gá le gach ceann de na bearta sin chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar agus, más amhlaidh gur gá, cén chaoi.

(118) Thug an Coimisiún an réamhthuairim freisin gur dhócha gur chabhair oibriúcháin a bhí sna bearta sin lena laghdaítear na costais a bheadh le seasamh murach sin ag Laziomar féin, agus ag na cuideachtaí féin eile de chuid iar-Ghrúpa Tirrenia, agus gur cheart a mheas dá bhrí sin go bhfuil na bearta sin neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

4. **Barúlacha ón Iodáil**

4.1. **Maidir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus an timpeallacht iomaíoch**

(119) Sholáthair an Iodáil liosta de na bealaí (mar aon le doiciméadacht dhlíthiúil chomhfhreagrach mar thacaíocht) arna n-oibriú ag Caremar agus ina dhiaidh sin ag Laziomar agus atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí, lena n-áirítear tráthchláir agus minicíocht de réir séasúir, an timpeallacht iomaíoch agus na cúiseanna atá leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sin.

(120) A mhéid a bhaineann le fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann, thug an Iodáil dá haire gur leagadh síos na hoibleagáidí seirbhíse poiblí thuas chun leanúnachas críche agus an nasc idir an mhórthír agus na hoileáin a choinneáil ar bun, agus chun a áirithiú go soláthraítear na hearraí, lena n-áirítear earraí speisialta, is gá chun seirbhísí poiblí agus sóisialta do na hoileáin a dhéanamh go cuí. Cuireann an tseirbhís sin le forbairt eacnamaíoch na n-oileán agus ráthaíonn sí an tráth céanna riachtanais soghluaisteachta fhíor-riachtanacha phobail na n-oileán ar feadh na bliana agus áirithíonn sí go n-urramaítear an ceart chun leanúnachas críche, rud a ráthaítear go bunreachtúil. ([45])

(121) A mhéid a bhaineann leis an timpeallacht iomaíoch, chuir an Iodáil faisnéis isteach a léiríonn gurb é Laziomar an t-aon oibreoir amháin a bhíonn i mbun seoltóireachta ar na línte ar feadh na bliana, agus nach raibh iomaíochas ann ar roinnt bealaí ach amháin le linn an ardséasúir. Mar sin féin, is é tuairim na hIodáile nach féidir an tseirbhís a sholáthraíonn Laziomar a ionadú agus nárbh fhéidir le fórsaí margaidh ina n-aonar ráthú an leanúnachais críche a bhaint amach.

4.2. **Maidir le príobháidiú Laziomar**

4.2.1. *Maidir le praghas díola Laziomar*

(122) De réir na hIodáile, is é a bhí i bpríobháidiú Laziomar ná aistriú scairchaipiteal iomlán na cuideachta trí bhíthin nós imeachta tairisceana poiblí arna thionscnamh ag Réigiún Lazio. Is é a bhí i gceist go comhuaineach leis an nós imeachta sin freisin seirbhísí poiblí muirí in oileánra Pontino a chur ar iontaoibh na cuideachta ar feadh tréimhse 10 mbliana chun leanúnachas críche a choinneáil ar bun.

(123) Choimisiúnaigh Réigiún Lazio meastóireacht neamhspleách le saineolaithe (féach aithrisí 66 agus 67) chun measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna dlíthiúla agus eacnamaíocha maidir le díolachán Laziomar. De réir na hIodáile, leagtar amach go soiléir gonta sa mheastóireacht sin na nósanna imeachta a leanadh chun margadhluach scairchaipiteal Laziomar a chinneadh.

([45]) De réir na hIodáile, tá géarghá le leanúnachas críche go háirithe d'oileán Ponza, atá lonnaithe thart ar 27 muirmhíle ó Terracina agus 36 mhuirmhíle ó Anzio, agus a bhfuil níos lú ná 3 400 duine ina gcónaí ann. Ba cheart go mbeadh feidhm ag breithniú comhchosúil, dar léi, a mhéid a bhaineann le hoileán Ventotene, a bhfuil níos lú ná 800 duine ina gcónaí ann.

4.2.2. *Maidir le cineál trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach an nóis imeachta*

(124) Cuireann an Iodáil i dtábhacht go ndearnadh na nósanna imeachta i gcomhréir le prionsabail dhlíthiúla na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe. Rinne sí an chosaint gur tugadh do na seacht bpáirtí uile a ligeadh isteach sa chéad chéim eile den nós imeachta tairisceana an fhaisnéis ábhartha ba ghá chun a dtairiscint a chur isteach, lena n-áirítear na "rialacháin tairisceana" agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo, an "conradh seirbhíse" agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis agus an "conradh chun na scaireanna a aistriú" agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis.

(125) Áitíonn an Iodáil thairis sin gur cuireadh Réigiún Lazio amach as an gcuireadh chun na ceanglais incháilitheachta airgeadais a chur ar tairiscint a d'fhágfadh go bhféadfadh cuideachtaí loingseoireachta, agus iad sin amháin, a bheith rannpháirteach sa nós imeachta (féach aithris 109). Chun é a chur ar a gcumas don réimse ba leithne tairgeoirí agus ab fhéidir a bheith rannpháirteach sa tairiscint, ceadaíodh do thairgeoirí go sainráite sa chuireadh chun tairisceana, ina theannta sin, a bheith rannpháirteach go comhpháirteach ann trí bhíthin grúpálacha sealadacha tairgeoirí, cuibhreannas nó GELEnna.

(126) Maidir le hamhras an Choimisiúin gur mhó i bhfad ualú na dtairiscintí teicniúla ná na tairiscintí eacnamaíocha (i.e. 70 pointe agus 30 pointe faoi seach), tagraíonn an Iodáil do Bhreithiúnas Uimh. 782/2017 ón gComhairle Stáit an 30 Márta 2017 ([46]), ina ndúradh gur cheart don pháirtí conarthach, agus an critéar sin á chur i bhfeidhm aige, "gnéithe cáilíochtúla na tairisceana a chur i dtábhacht agus critéir a roghnú a áiritheoidh go ndéanfar comparáid éifeachtach iomaíoch idir na próifílí teicniúla. Chuige sin, ba cheart di an scór uasta a bhfuil coinne leis don tairiscint eacnamaíoch a shuí chun a áirithiú nach mbeidh tús áite ag an ngné sin seachas ag na cinn uile eile".

(127) Dá bhrí sin, de réir na hIodáile, d'fhág an t-ualú éagsúil go rabhthas in ann meastóireacht a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla na tairisceana go comhsheasmhach agus leasuithe síos iomarcacha ar an bpraghas a dhíspreagadh, rud ba dheacair a choinneáil gan cáilíocht na seirbhíse poiblí a bheith thíos leo. Thairis sin, bhíothas in ann coigilteas mór costais a bhaint amach do Réigiún Lazio dá bharr, i bhfianaise gur dámhadh an conradh don tairgeoir buach a dhéanfadh an tseirbhís phoiblí ar a bhonn ar mhéid cúitimh a socraíodh 10,8 % níos ísle ná an bonnphraghas (féach aithris 75).

4.3. **Maidir le comhlíontacht fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh agus an chonartha nua seirbhíse poiblí le coinníollacha *Altmark***

(128) Áitíonn an Iodáil go gcomhlíontar na ceithre chritéar *Altmark* don tréimhse 2011–2013 agus don tréimhse 2014–2024 araon ar na cúiseanna seo a leanas:

— Níor chuir an Coimisiún i gcoinne an chéad ná an dara critéar *Altmark* i gCinneadh 2012 uaidh;

— I dtaca leis an tríú critéar *Altmark*, agus i dtaca leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinneadh 2011 uaidh nach cosúil go léiríonn an phréimh riosca 6,5 % a leagtar síos i dTreoir CIPE leibhéal iomchuí riosca (aithrisí 206–207), tagraíonn an Iodáil don chinneadh ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2017 maidir le mearnasc muirí do phaisinéirí san Iodáil idir Messina agus Reggio Calabria, áit nár cuireadh i gcoinne na modheolaíochta ríomha a bhain úsáid as ráta seasta 8 % mar an ráta luach saothair a raibh coinne leis ([47]). Sa chás deireanach sin, go háirithe, ghlac an Coimisiún le ráta 8 % a bhí comhdhéanta den phréimh riosca 6,5 % dá dtagraítear i dTreoir CIPE, i bhfianaise nach raibh dámhachtain ceart eisiach i gceist leis an gconradh, móide méadú breise 1,5 % i bhfianaise thréimhse ghearr an chonartha. Ina theannta sin, áitíonn an Iodáil agus í ag tagairt don chonradh nua seirbhíse poiblí nach bhféadfaí aon bheart chun an chothromaíocht eacnamaíoch – airgeadais a athbhunú a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ina mbeadh athrú de bhreis agus 3 % ar ghlanioncaim, ach dá mbeadh aon laghdú de bhreis agus 3 % ann, gurbh é Laziomar a d'iompródh é. Dá thoradh sin, seachnaítear aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith ann; agus

— Measann an Iodáil go gcomhlíontar an ceathrú critéar *Altmark* freisin i bhfianaise go raibh dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí faoi réir nós imeachta trédhearcach iomaíoch lenarbh fhéidir an tairgeoir a bheadh in ann na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas ba lú don phobal a roghnú. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le cuachadh an chonartha nua seirbhíse le príobháidiú Laziomar, áitíonn an Iodáil nach bhfuil i méid na tairisceana chun Laziomar a dhíol ach timpeall 1,4 % den mhéid foriomlán a suíodh le haghaidh na seirbhíse poiblí (i.e. den chúiteamh foriomlán EUR 127 520 740 i gcaitheamh thréimhse 10 mbliana an chonartha). Dá réir sin, ní cosúil go bhfuil aon tionchar suntasach aige ar thoradh roghnú an tairgeora a mhéid a bhaineann le costas na seirbhíse.

([46]) Tugadh an breithiúnas sin arna iarraidh sin don Aireacht Bonneagair agus Iompair i dtaca leis an dréacht-fhoraithne reachtach maidir le "Forálacha forlíontacha agus ceartaitheacha maidir le Foraithne Reachtach Uimh. 50 an 18 Aibreán 2016" (i.e. foraithne cheartaitheach leis an gCód um Chonarthaí Poiblí).

([47]) SA.42710 SGEI – mearnasc muirí do phaisinéirí idir Messina agus Reggio Calabria.

4.4. **An tosaíocht feistithe**

(129) Maidir leis an tosaíocht feistithe (féach aithris 83), áitíonn an Iodáil gurb é an gá atá le seirbhís phoiblí a sholáthar a thugann údar leis an tosaíocht sin, agus nach dtugtar aon bhuntáiste eacnamaíoch do Laziomar a thabharfadh le tuiscint go mbeadh caillteanas acmhainní Stáit ann freisin.

(130) De réir na hIodáile, íocann na hoibreoirí farantóireachta uile táillí tráthrialta leis na húdaráis ábhartha chalafoirt as feistiú. Maíonn an Iodáil freisin nach bhfuil an tosaíocht feistithe sin infheidhme ach amháin maidir leis na bealaí seirbhíse poiblí agus nár íoc Laziomar aon táille bhreise as an tosaíocht feistithe sin agus nach n-íocann go fóill, óir thabharfadh calafoirt an chéad rogha de shliotáin feistithe dó fiú in éagmais tosaíochta foirmiúla feistithe mar gheall ar a mhisean seirbhíse poiblí.

4.5. **Maidir leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010**

(131) Ar an mbealach céanna, a mhéid a bhaineann leis na bearta a leagtar síos le Dlí 2010 (féach aithrisí 84, 85 agus 86), áitíonn an Iodáil nár leithdháileadh na bearta sin ar Laziomar, nár thairbhigh Laziomar díobh agus nach dtairbheoidh amach anseo.

(132) Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Iodáil gur leithdháileadh ar Caremar tráth a bhí na bealaí cabatáiste muirí in oileánra Pontino á n-oibriú aige féin, acmhainní airgeadais a gealladh cheana le Dlí Uimh. 102/2009 agus gur bhain Caremar úsáid éifeachtach as na hacmhainní sin. Go háirithe, leithdháileadh EUR 1 410 000 ar Caremar chun uasghrádú a dhéanamh ar 2 cheann de na longa a aistríodh ina dhiaidh sin chuig Laziomar saor in aisce (Quirino agus Tetide). Áitítear freisin nár úsáideadh na cistí sin chun críoch leachtachta.

(133) I ndáil leis na díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe, áitíonn an Iodáil, a mhéid a bhaineann le cáin chorparáide, nár cuireadh an beart i bhfeidhm toisc gur aistríodh Caremar, Saremar agus Toremar chuig na réigiúin saor in aisce. Dá bhrí sin, in éagmais aon luach saothair, níl feidhm ag Airteagal 86(1)(a) den Dlí Cánach Ioncaim Comhdhlúite maidir le gnóthachain chaipitiúla i gcás aistrithe sócmhainní in aghaidh íocaíochta. I dtaca le cáin bhreisluacha, thug an Iodáil dá haire go raibh aistrithe Caremar, Saremar agus Toremar ina n-idirbhearta atá díolmhaithe ó cháin bhreisluacha faoi Airteagal 10(1)(4) d'Fhoraithne Uimh. 633 ón Uachtarán an 26 Deireadh Fómhair 1972. I dtaca le cánacha indíreacha seachas cáin bhreisluacha, chuir an Iodáil i dtábhacht gur ceapadh an díolúine dá bhforáiltear i nDlí 2010 d'fhonn riarachán a shimpliú. Ón bpeirspictíocht chánachais, is féidir éifeacht na díolúine a mheas a bheith diomaibhseach agus ar bheagán tionchair i ndáil le cánacha a muirearaítear ar rátaí comhréidhe. Ar bhealach níos sonraí, baineann sé leis an dleacht chlárúcháin (EUR 168 in aghaidh an doiciméid), le táillí clárúcháin clár talún agus morgáiste (EUR 168 an ceann) agus leis an dleacht stampála (EUR 14,62 le haghaidh thaobh).

(134) Maidir leis na hacmhainní FAS, áitíonn an Iodáil nach bhfuair Laziomar aon sochar uathu. Ina theannta sin, shoiléirigh sí nár úsáideadh acmhainní FAS chun cúiteamh breise a thabhairt do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar. Ina ionad sin, cuireadh na hacmhainní sin ar fáil chun forlíonadh a dhéanamh ar na leithreasuithe buiséid a cuireadh ar bun chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, i gcás nár leordhóthanach na leithreasuithe buiséid sin. Tugann an Iodáil dá haire gur chuir Airteagal 1, mír 5-*ter* de Dhlí Foraithne Uimh. 125/2010 ar a gcumas do na réigiúin na hacmhainní FAS a úsáid chun (cuid den) chúiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta a chistiú agus leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú dá réir sin. Thairis sin, shoiléirigh an Iodáil gurb amhlaidh, faoi Airteagal 26 de Dhlí Foraithne 185/2008, a bhí EUR 65 mhilliún le haghaidh gach ceann de na blianta 2009, 2010 agus 2011 curtha i leataobh le haghaidh ghrúpa Tirrenia agus a tarraingíodh anuas EUR 195 mhilliún dá réir sin ó acmhainní FAS. Aistríodh na cistí sin ansin chuig cuntas na hAireachta Iompair a cuireadh i leataobh chun an cúiteamh seirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia (Tirrenia, Siremar, Caremar (an tráth sin), Toremar agus Saremar). Dá bhrí sin, ní bhainfeadh an beart sin ach le leithdháileadh acmhainní i mbuiséad na hIodáile chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc.

4.6. **Maidir leis na rialacha chun an cúiteamh le haghaidh na tréimhse 2011–2019 a ríomh agus maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a leagtar síos i dTreoir CIPE ó 2010 amach**

(135) Áitíonn an Iodáil gurbh iad na paraiméadair a sainmhíníodh le Treoir CIPE iad na paraiméadair a úsáideadh go dtí an 14 Eanáir 2014 chun an cúiteamh a íocadh do Laziomar a ríomh. Ón 15 Eanáir 2014 sainmhínítear an cúiteamh sa chonradh seirbhíse poiblí bunaithe ar an modheolaíocht dá dtagraítear i dTreoir CIPE, á chur san áireamh freisin an tairiscint eacnamaíoch a chuir ceannaitheoir Laziomar, CLN, isteach faoin nós imeachta tairisceana.

(136) Soiléiríonn an Iodáil gur cinneadh go deimhin an ríomh a shimpliú trí 6,5 % a chur i bhfeidhm mar ráta comhréidh i ndáil le toradh ar chaipiteal mar gheall go gcuirtear uasteorainn le méid an chúitimh le Dlí 2009. Bhí an cur chuige simplithe sin infheidhme le linn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh agus tá sé i bhfeidhm fós faoin gconradh nua seirbhíse poiblí le Laziomar.

(137) Ina theannta sin, de réir na hIodáile, meastar gurb iomchuí é an ráta comhréidh 6,5 % i ndáil le toradh ar chaipiteal i bhfianaise go bhfuil an sásra athchothromúcháin a leagtar síos in Airteagal 25 den chonradh (féach aithris 78) an-docht ina chur i bhfeidhm. Thairis sin, ní fhéadfadh sásra den sórt sin (e.g. leasú ar an bpraghasteorainn uasta bhliantúil) a bheith infheidhme i gcásanna ina bhfaigheann tairbhí amhail Laziomar tearc-chúiteamh.

(138) I dTábla 5, soláthraíonn an Iodáil na gnéithe a cuireadh san áireamh chun an phréimh riosca a ríomh le haghaidh Laziomar le linn na tréimhse 2011–2019:

Tábla 5

Toradh ar chaipiteal infheistithe Laziomar le haghaidh 2011–2019

(EUR '000)

	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Sócmhainní dochta láimhsithe agus doláimhsithe	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
Fardail	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
Creidiúintí custaiméara agus tráchtála	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
Suimeanna iníoctha le soláthróirí	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
Glanchaipiteal infheistithe	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
Toradh ar chaipiteal (6,5 %)	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]

4.7. Maidir le comhlíontacht an chonartha nua seirbhíse poiblí le Cinneadh 2011 maidir le SGEI

(139) Fiú má mheasann an Iodáil nach Státchabhair atá sa chúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh le Laziomar faoin gconradh nua seirbhíse poiblí, tá sí tar éis a áitiú freisin cén fáth a gcomhlíonfadh an beart sin Cinneadh 2011 maidir le SGEI dá mba chabhair a bheadh ann.

(140) Ina freagra, áitíonn an Iodáil gurb infheidhme iad araon Cinneadh 2005 agus Cinneadh 2011 maidir le SGEI, ós rud é go ndearnadh foráil in Airteagal 19-*ter* de Dhlí 2009 agus i bhForaithne Lazio maidir le tabhairt i gcrích an chonartha seirbhíse poiblí.

(141) Sholáthair an Iodáil figiúirí i gcomhair na mblianta 2012 agus 2013 a léiríonn nár sháraigh an meánlíon bliantúil paisinéirí an tairseach 300 000 paisinéir a leagtar síos in Airteagal 2(1)(d) de Chinneadh 2011 maidir le SGEI ar aon cheann de na bealaí seoltóireachta lena mbaineann le linn an 2 bhliain airgeadais roimh an mbliain inar sannadh SGEI do Laziomar (i.e. 240 430 paisinéir in 2012 agus 254 167 bpaisinéir in 2013).

4.8. Maidir le comhlíontacht an chonartha nua seirbhíse poiblí le Creat SGEI 2011

(142) Áitíonn an Iodáil go bhfuil an tseirbhís phoiblí a cuireadh ar iontaoibh Laziomar ina fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta bunaithe ar ghníomh iontaoibhe, i.e. an conradh seirbhíse, ina gcuimsítear ábhar agus fad na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí, an chríoch lena mbaineann, an sásra cúitimh agus na paraiméadair chun cúiteamh a ríomh agus ina dtugtar tuairisc ar na nithe sin.

(143) Thairis sin, de réir na hIodáile, ní mó an cúiteamh ná an méid is gá chun na costais a tabhaíodh i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, ós rud é gur suíodh an méid cúitimh i gcomhthéacs nóis imeachta tairisceana ar bhonn critéir a leagtar amach i dTreoir CIPE, agus go ndéantar foráil sa chonradh maidir le córas faireacháin chun róchúiteamh a sheachaint.

(144) Ar an mbealach céanna, a mhéid a bhaineann leis an ráta toraidh, tagraíonn an Iodáil don chinneadh ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2017 (i gcás SA.42710) (féach aithris 128), áit nár chuir an Coimisiún i gcoinne ráta toraidh níos airde ná 6,5 % (i.e. 8 %).

5. **Measúnú**

5.1. **Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE**

(145) Foráiltear de réir Airteagal 107(1) CFAE "aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit".

(146) Is critéir charnacha iad na critéir a leagtar síos le hAirteagal 107(1) CFAE. Dá bhrí sin, ní mór gach ceann de na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na bearta ar tugadh fógra ina leith ina Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Is é sin, ba cheart don tacaíocht airgeadais:

(a) a bheith á deonú ag Ballstát nó trí bhíthin acmhainní Stáit,

(b) a bheith i bhfabhar gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe,

(c) iomaíocht a shaobhadh nó an baol ar shaobhadh ar iomaíocht a bhreith, agus

(d) dul i gcion ar an trádáil idir na Ballstáit.

(147) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an tosaíocht feistithe, nach bhfuil feidhm léi ach maidir leis na bealaí seirbhíse poiblí amháin, nasctha go dlúth le SGEI a bheith á feidhmiú ag Laziomar agus ag a fhaighteoir CLN. Dá bhrí sin, déanfar measúnú ar an mbeart sin go comhpháirteach leis an gcúiteamh seirbhíse poiblí faoi seach a deonaíodh do na cuideachtaí sin (féach ranna 5.1.1 agus 5.1.2).

(148) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur cheart an conradh nua seirbhíse poiblí idir an Iodáil agus Laziomar a mheasúnú go comhpháirteach le príobháidiú Laziomar. Is iomchuí measúnú comhpháirteach den sórt sin toisc gur eagraigh an Iodáil, go bunúsach, tairiscint le haghaidh an chonartha nua seirbhíse poiblí inarbh éigean don tairgeoir ar éirigh leis scairchaipiteal Laziomar ina iomláine a fháil chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí sin a chomhlíonadh.

5.1.1. *Fadú an Choinbhinsiúin tosaigh idir Laziomar agus an Iodáil*

5.1.1.1. Acmhainní Stáit

(149) Chuir an Iodáil oibriú bealaí muirí mar a mionsonraíodh sa Choinbhinsiún tosaigh, mar a fadaíodh, ar iontaoibh Laziomar. Tugadh an Coinbhinsiún tosaigh i gcrích leis an Stát agus íocann an Stát an cúiteamh seirbhíse poiblí a thagann as sin le Laziomar as a bhuiséad féin. Dá bhrí sin, tá an cúiteamh seirbhíse poiblí le Laziomar inchurtha i leith an Stáit agus tugtar é trí bhíthin acmhainní Stáit.

(150) Tugann an Coimisiún dá aire, de réir na hIodáile, go n-íocann na hoibreoirí farantóireachta uile táillí tráthrialta leis na húdaráis ábhartha chalafoirt as feistiú ach nár íoc Laziomar aon táille bhreise as an tosaíocht feistithe. Measann an Coimisiún mar sin féin gur fhéad an Iodáil a roghnú, i bprionsabal, táille bhreise a ghearradh ar an tosaíocht feistithe sin agus gur lig sí ioncaim Stáit thar ceal nuair nach ndearna sí amhlaidh. Thairis sin, ós rud é go dtugtar an tosaíocht feistithe le dlí (féach aithris 83) tá sí inchurtha i leith an Stáit.

5.1.1.2. Roghnaíocht

(151) Ní mór do bheart a bheith roghnaíoch chun go gcáileofar mar Státchabhair é. Ní dhéantar an cúiteamh seirbhíse poiblí as soláthar na seirbhísí muirí i gceist a dheonú ach do Laziomar, mar sin tá sé roghnaíoch. Ós rud é nár tugadh an tosaíocht feistithe ach do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, tá sí sin roghnaíoch freisin.

5.1.1.3. Buntáiste eacnamaíoch

(152) Meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfaí, faoi choinníollacha áirithe a shainítear go docht, nach buntáiste eacnamaíoch atá i gcúitimh seirbhíse poiblí a dheonaítear do chuideachta.

(153) Go háirithe, chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *Altmark* ([48]), i gcás ina gcaithfear beart Stáit a mheas mar chúiteamh as na seirbhísí arna soláthar ag na gnóthais faighteora chun oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, sa chaoi is nach dtairbheoidh na gnóthais sin de bhuntáiste airgeadais iarbhír agus nach mbeidh de thoradh an bhirt go mbeidh seasamh iomaíoch níos fabhraí acu ná mar atá ag na gnóthais atá i mbun iomaíochta leo, nach dtagann beart den sórt sin faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE.

(154) Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin, áfach, nár mhór na ceithre chritéar charnacha ("critéir *Altmark*"), a dtugtar achoimre orthu thíos, a chomhlíonadh chun go bhféadfadh cúiteamh seirbhíse poiblí den sórt sin imeacht ó bheith cáilithe mar Státchabhair i gcás ar leith:

— ní mór oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheith le comhlíonadh ag an ngnóthas faighteora iarbhír agus ní mór na hoibleagáidí sin a bheith sainithe go soiléir ("*Altmark* 1");

— ní mór na paraiméadair ar ar a mbonn a ríomhtar an cúiteamh a bhunú roimh ré ar bhealach oibiachtúil trédhearcach ("*Altmark* 2);

— ní fhéadfaidh an cúiteamh a bheith níos mó ná an méid is gá chun na costais uile nó cuid de na costais arna dtabhú i gcomhlíonadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, agus na fáltais ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí sin á gcur san áireamh ("*Altmark* 3");

— más rud é, maidir leis an ngnóthas atá le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, i gcás sonrach, nach roghnaítear é de bhun nós imeachta soláthair phoiblí trína bhféadfaí an tairgeoir atá in ann na seirbhísí sin a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, ní mór an leibhéal cúitimh is gá a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh (*Altmark* 4").

(155) Shonraigh an Coimisiún cén chaoi a gcuireann sé critéir *Altmark* i bhfeidhm ina Theachtaireacht maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ("Teachtaireacht SGEI") ([49]).

(156) Ós rud é nach mór critéir *Altmark* a chomhlíonadh go carnach, mura dtabharfaí urraim d'aon cheann de na critéir sin thiocfadh an Coimisiún ar an gconclúid go soláthraíonn an beart faoi mheasúnú buntáiste eacnamaíoch don tairbhí. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ansin ar dtús ar urraim do *Altmark* 4.

157) Foráiltear le *Altmark* 4 nach mór an méid is lú is gá a bheith sa chúiteamh chun nach gcáileofar mar Státchabhair é. Meastar an critéar sin a bheith comhlíonta má roghnaíodh faighteoir an chúitimh seirbhíse poiblí de bhun nós imeachta tairisceana, trína bhféadtar an tairgeoir atá in ann na seirbhísí a sholáthar ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, nó dá uireasa sin, má ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

([48]) Féach Breithiúnas an 24 Iúil 2003 i gCás C-280/00 *Altmark Trans*, ECLI:EU:C:2003:415.

([49]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm rialacha Státchabhrach an Aontais Eorpaigh maidir le cúiteamh a dheonaítear chun seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar (IO C 8, 11.1.2012, lch. 4).

(158) Níor roghnaíodh Laziomar de bhun nós imeachta tairisceana poiblí i gcás aon cheann d'fhaduithe an Choinbhinsiúin tosaigh sa tréimhse ón 1 Meitheamh 2011 go dtí an 14 Eanáir 2014. Ní dhearna an Iodáil ach an córas a bhí i bhfeidhm cheana a fhadú agus, dá réir sin, teideal a thabhairt don oibreoir réamhbhunaithe leanúint de bheith ag fáil cúitimh as na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(159) Thairis sin, níor thug an Iodáil aon léiriú don Choimisiún go ndearnadh leibhéal an chúitimh a chinneadh ar bhonn anailíse ar na costais a thabhódh gnóthas tipiciúil, atá dea-riartha agus a soláthraítear modhanna iompair leordhóthanacha dó ionas go bhfuil sé in ann na ceanglais seirbhíse poiblí is gá a chomhlíonadh, le linn dó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh, agus na hioncaim ábhartha agus brabús réasúnach as comhlíonadh na n-oibleagáidí á gcur san áireamh.

(160) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin nár comhlíonadh *Altmark* 4 sa chás seo.

(161) Ós rud é nach dtugtar urraim go carnach do na cheithre choinníoll *Altmark* sa chás seo, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur thug an cúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh buntáiste eacnamaíoch do Laziomar.

(162) I dtaca leis an tosaíocht feistithe, meabhraíonn an Coimisiún ar dtús gur mheas údarás iomaíochta na hIodáile, AGCM, faoi dhó cheana ar a laghad go bhfuil luach eacnamaíoch ag an mbeart ([50]). Mar sin féin, ní íocann Laziomar aon táille as an tosaíocht feistithe (féach aithris 130). Thairis sin, tugann an Coimisiún faoi deara go bhféadfadh an tosaíocht feistithe, go teoiriciúil ar a laghad, costais an oibreora a laghdú (e.g. toisc go bhféadfadh an tosaíocht feistithe laghdú ar agaí feithimh i gcalafoirt agus ar chostais bhreosla dá thoradh sin) nó a chuid ioncaim a mhéadú (e.g. toisc go bhféadfadh éileamh ó phaisinéirí a bheith níos mó ag amanna áirithe seachas a chéile). Go deimhin, a mhéid a thugann an tosaíocht feistithe caoi do long teacht níos tapúla chun cé, d'fhéadfadh sé gurb é an t-oibreoir farantóireachta a thairbhíonn den bheart sin a roghnódh úsáideoirí na seirbhíse farantóireachta. Fiú mura mbeadh na héifeachtaí sin ann ach in imthosca teoranta nó mura mbeidís ach réasúnta beag, d'fhéadfadh an tosaíocht feistithe a bheith ina buntáiste eacnamaíoch do Laziomar mar sin féin.

5.1.1.4. Éifeacht ar iomaíocht agus ar thrádáil

(163) I gcás ina dtugann Ballstát cabhair do ghnóthas a láidríonn a sheasamh i gcomparáid le gnóthais eile atá i mbun iomaíochta i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go bhfuil difear á dhéanamh do na gnóthais sa chás deireanach sin ([51]). Is leordhóthanach go dtéann faighteoir na cabhrach sin in iomaíocht le gnóthais eile ar mhargaí atá oscailte don iomaíocht ([52]).

(164) Sa chás reatha, oibríonn an tairbhí in iomaíocht le gnóthais eile a sholáthraíonn seirbhísí iompair mhuirí san Aontas, go háirithe ó tháinig Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle ([53]) agus an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí i bhfeidhm, lena léirscaoiltear margadh an iompair mhuirí idirnáisiúnta agus an chabatáiste mhuirí, faoi seach. Cé gurbh é Laziomar an t-aon oibreoir amháin ar bhealaí áirithe an tráth sin, ní chiallaíonn sin nárbh fhéidir go mbeadh spéis ag oibreoirí (idirnáisiúnta) eile seirbhísí iompair mhuirí comhchosúla a thairiscint. Dá bhrí sin, is dóigh don chúiteamh as bealaí muirí a oibriú faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh difear a dhéanamh do thrádáil an Aontais agus saobhadh ar iomaíocht a bhreith laistigh den mhargadh inmheánach. Ar na cúiseanna céanna, seastar leis an gconclúid sin maidir leis an tosaíocht feistithe.

5.1.1.5. Conclúid

(165) Ó tharla go gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair do Laziomar atá sa chúiteamh seirbhíse poiblí arna íoc ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin tosaigh agus sa tosaíocht feistithe do na bealaí seirbhíse poiblí araon.

([50]) Cinneadh (AE) 2020/1412, aithris 265.

([51]) Féach, go háirithe, C-730/79 *Philip Morris v An Coimisiún*, ECLI:EU:C:1980:209, mír 11; Cás C-53/00 *Ferring*, ECLI:EU:C:2001:627, mír 21; Cás C-372/97 *An Iodáil v An Coimisiún*, ECLI:EU:C:2004:234, mír 44.

([52]) Cás T-214/95 *Het Vlaamse Gewest v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:1998:77.

([53]) Rialachán (CEE) Uimh. 4055/86 ón gComhairle an 22 Nollaig 1986 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha (IO L 378, 31.12.1986, lch. 1).

5.1.1.6. Cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

(166) Tugann an Coimisiún dá aire ar dtús nach ndéantar measúnú sa Chinneadh seo ar an gcúiteamh a íocadh le Caremar (an tráth sin) as oibleagáidí seirbhíse poiblí muirí a oibriú go dtí deireadh 2008. Is ábhar do chinneadh ar leithligh de chuid an Choimisiúin é an measúnú ar an gcúiteamh sin agus cé acu is féidir, nó nach féidir, é a aicmiú mar chabhair atá ann faoi láthair ar bhonn Airteagal 4(3) den Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí ([54]).

(167) De réir Airteagal 1(c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle ([55]), ciallaíonn cabhair nua "gach cabhair, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair, nach cabhair í atá ann faoi láthair, lena n-áirítear athruithe ar chabhair atá ann faoi láthair". Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 108(3) CFAE nach mór fógra a thabhairt don Choimisiún in am trátha maidir le pleananna chun cabhair atá ann faoi láthair a dheonú nó a athrú agus nach bhféadfar iad a chur chun feidhme go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach ann de bharr an nóis imeachta ([56]). I gcomhréir le seasamh Chúirteanna an Aontais ([57]), measann an Coimisiún gur leordhóthanach an rud é fad scéim cabhrach a raibh dáta soiléir éaga aici (i.e. 31 Nollaig 2008) a leasú (i.e. a fhadú) chun go mbeidh sí ina cabhair nua, gan beann ar cé acu a athraíodh, nó nár athraíodh, tréithe eile an bhirt.

(168) Ar na cúiseanna thuas, measann an Coimisiún gur cheart an cúiteamh seirbhíse poiblí a íocadh le Laziomar ar bhonn fhaduithe comhleanúnacha an Choinbhinsiúin tosaigh a mheas mar chabhair nua gan beann ar aicmiú an chúitimh a dámhadh do Caremar (an tráth sin) suas go dtí deireadh 2008 mar chabhair a bhí ann cheana ([58]). Seasann an chonclúid sin maidir leis an tosaíocht feistithe freisin.

5.1.2. *Dámhachtain an chonartha nua seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar*

(169) Chun teacht ar chonclúid maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dámhachtain an chonartha nua seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar ina buntáiste do Laziomar agus dá fhaighteoir, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar urramú chritéir *Altmark* (féach aithris 154).

5.1.2.1. Altmark 1

(170) Meabhraíonn an Coimisiún nach bhfuil aon sainmhíniú comhionann beacht ann ar sheirbhís a d'fhéadfadh a bheith ina seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta faoi dhlí an Aontais, de réir bhrí an chéad choinníll *Altmark* nó de réir bhrí Airteagal 106(2) CFAE ([59]). Is mar a leanas an fhoclaíocht i mír 46 den Teachtaireacht:

"In éagmais rialacha sonracha de chuid an Aontais a shainíonn raon feidhme maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a bheith ann, tá lamháil leathan discréide ag Ballstáit chun seirbhís ar leith a shainiú mar seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus cúiteamh a dheonú don soláthraí seirbhíse. Tá inniúlacht an Choimisiúin chuige sin teoranta do sheiceáil cibé a rinne, nó nach ndearna, Ballstát earráid fhollasach le linn dó an tseirbhís a shainiú mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus do mheasúnú a dhéanamh ar aon Státchabhair atá mar chuid den chúiteamh sin. I gcás ina bhfuil rialacha sonracha de chuid an Aontais ann tá discréid faoi cheangal eile ag na rialacha sin, gan dochar do dhualgas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar cibé ar sainíodh, nó nár sainíodh, seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta i gceart chun críoch rialaithe Státchabhrach."

(171) Tá údaráis náisiúnta i dteideal dá bhrí sin a bheith den tuairim go bhfuil seirbhísí áirithe ar mhaithe leis an leas ginearálta agus nach mór iad a oibriú trí bhíthin oibleagáidí seirbhíse poiblí le háirithiú go gcosnaítear an leas poiblí nuair nach ráthaíonn fórsaí margaidh go soláthraítear ar an leibhéal nó leis na coinníollacha is gá iad.

(172) I réimse an chabatáiste, leagadh rialacha sonracha a rialaíonn oibleagáidí seirbhíse poiblí síos sa Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí agus, chun scrúdú a dhéanamh ar Státchabhair fhéideartha chuig gnóthais atá páirteach san iompar muirí, sna treoirlínte ón gComhphobail maidir le Státchabhair d'iompar muirí ("na Treoirlínte Muirí") ([60]).

([54]) Cinneadh (AE) 2020/1411.
([55]) Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.09.2015, lch. 9).
([56]) Cás C-590/14 P *DEI agus An Coimisiún v Alouminion tis Ellados*, ECLI:EU:C:2016:797, mír 45.
([57]) Cásanna Uamtha T-127/99, T-129/99 agus T-148/99 *Territorio Histórico de Álava – Diputación Foral de Álava agus eile v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2002:59, mír 175.
([58]) Cinneadh (AE) 2020/1411.
([59]) Cás T 289/03 *BUPA agus Eile v an Coimisiún* [2008] ECR II 81, mír 96. Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Tizzano i gCás C 53/00 *Ferring*, ECR I 9069 agus Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Jacobs i gCás C 126/01, *GEMO*, [2003] ECR I 13769.
([60]) Teachtaireacht C(2004) 43 ón gCoimisiún – Treoirlínte ón gComhphobal maidir le Státchabhair d'iompar muirí, (IO C 13, 17.1.2004, lch. 3).

(173) Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 4(1) den Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí:

> "Féadfaidh Ballstát conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibleagáidí seirbhíse poiblí mar chuid díobh, nó oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar chuideachtaí loingseoireachta atá rannpháirteach i seirbhísí rialta chuig, ó agus idir oileáin agus na hoibleagáidí sin mar choinníoll chun seirbhísí cabatáiste a sholáthar. I gcás ina dtugann Ballstát conradh seirbhíse poiblí i gcrích nó ina bhforchuireann sé oibleagáidí seirbhíse poiblí, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn neamh-idirdhealaitheach i leith longúinéirí uile an Chomhphobail."

(174) Leagtar amach le hAirteagal 2(3) den Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí go bhféadfar an méid seo a leanas a chumhdach i gconradh seirbhíse poiblí: seirbhísí iompair a chomhlíonann caighdeáin sheasta maidir le leanúnachas, rialtacht, toilleadh agus cáilíocht, seirbhísí iompair breise, seirbhísí iompair ar rátaí sonraithe agus seirbhísí iompair atá faoi réir coinníollacha sonracha, go háirithe i ndáil le catagóirí áirithe paisinéirí nó bealaí áirithe agus leasuithe ar sheirbhísí chun freastal ar riachtanais iarbhír.

(175) I gcomhréir le Roinn 9 de na Treoirlínte Muirí, "féadfar oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur nó conarthaí seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le haghaidh na seirbhísí a shonraítear in Airteagal 4 de Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92", i. e. seirbhísí sceidealaithe chuig oileáin, ó oileáin agus idir oileáin.

(176) Tá sé mar thoradh ar chásdlí seanbhunaithe nach féidir oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ach amháin má tá údar leo de bharr an gá atá ann le seirbhísí iompair mhuirí rialta a áirithiú nach féidir iad a áirithiú trí fhórsaí margaidh amháin ([61]). Deimhnítear sa Teachtaireacht maidir le léirmhíniú ar an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí ([62]) gur "faoi na Ballstáit (lena n-áirítear údaráis réigiúnacha agus áitiúla i gcás inarb iomchuí) agus ní na longúinéirí, atá sé cinneadh a dhéanamh faoi na bealaí a n-éilítear oibleagáidí seirbhíse poiblí ina leith. Go háirithe, féadfar oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheartú le haghaidh seirbhísí cabatáiste oileáin tráthrialta (sceidealaithe) i gcás ina mainníonn an margadh seirbhísí leordhóthanacha a sholáthar". Thairis sin, sainítear in Airteagal 2(4) den Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí oibleagáidí seirbhíse poiblí mar oibleagáidí nach 'nglacfadh an longúinéir atá i gceist air féin dá mbeadh sé ag féachaint dá leas tráchtála féin, nó nach nglacfadh sé air féin an oiread céanna ná faoi na coinníollacha céanna'.

(177) I gcomhréir leis an gcásdlí ([63]), chun a fhíorú cibé acu atá nó nach bhfuil fíor-riachtanas seirbhíse poiblí ann agus cibé acu a bhí nó nach raibh sé riachtanach agus comhréireach, agus dá bhrí sin, cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an chéad chritéar *Altmark*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid a leanas:

(1) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, **éileamh ó úsáideoirí** ann;

(2) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, na hoibreoirí margaigh in ann an t-éileamh sin a chomhlíonadh in éagmais oibleagáid a fhorchuireann na húdaráis phoiblí (**teip mhargaidh a bheith ann**);

(3) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, comhairle maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí neamhleor chun an easpa sin a leigheas (**an cur chuige lena mbaineann an dochar is lú**).

(1) Éileamh ó úsáideoirí

(178) Sa chás seo, cuireadh ar iontaoibh Laziomar seirbhísí do phaisinéirí, seirbhísí measctha agus seirbhísí lasta a sholáthar ar na línte iomadúla a léirítear i dTábla 9. Baineann na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuirtear ar Laziomar leis na calafoirt a bhfreastalaítear orthu, le cineál agus toilleadh na soithí arna sannadh do na naisc mhuirí atá á n-oibriú faoin gcóras seirbhíse poiblí, le minicíocht na seirbhíse agus leis na huastáillí atá le gearradh.

(179) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 120, d'fhorchuir an Iodáil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa Choinbhinsiún nua chun na nithe seo a leanas a dhéanamh go príomha (i) le leanúnachas críche idir an mhórthír agus na hoileáin a áirithiú agus (ii) rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann, trí sheirbhísí iompair mhuirí tráthrialta agus iontaofa. Measann an Coimisiún gur cuspóirí dlisteanacha leasa phoiblí iad sin.

([61]) Féach Cás C-205/99 *Asociación Profesional de Empresas Navieras de Líneas Regulares (Analir) agus Gnóthais eile agus Administración General del Estado*, ECLI:EU:C:2001:107.

([62]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún lena nuashonraítear agus lena cheartaítear an Teachtaireacht maidir leis an léirmhíniú ar Rialachán (CCE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm ar iompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), An Bhruiséil, COM(2014) 232 final, 22.4.2014.

([63]) Féach Cás T-454/13 *SNCM v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2017:134, míreanna 130 agus 134.

(180) Go stairiúil, níor baineadh na cuspóirí a bheartaíonn an Iodáil amach trí idirghníomhaíocht idir na fórsaí margaidh amháin. Go deimhin, ba iad oibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh chuige sin ar chuideachtaí a bhí mar chuid de Ghrúpa Tirrenia roimhe seo agus atá cumhdaithe sna Coinbhinsiúin tosaigh a d'áirithigh leordhóthanacht na seirbhísí sin go traidisiúnta. Go deimhin, tugann an Coimisiún dá aire gur oibríodh na bealaí atá i gceist, gan athrú den chuid is mó, le blianta fada, i.e. ó theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin tosaigh ar a laghad. Mheas an Iodáil, agus go háirithe na húdaráis réigiúnacha lena mbaineann, go raibh na seirbhísí sin (agus go leanann siad le bheith) riachtanach chun freastal ar éileamh na n-úsáideoirí.

(181) I ndáil leis na bealaí lasta amháin (i.e. Líne T3 agus Líne T4), meabhraíonn an Coimisiún gur shuigh an Chúirt Ghinearálta cheana ([64]) nach gá go mbeadh an tseirbhís i gceist ina seirbhís uilíoch *strictu sensu* chun go bhféadfaí a mheas go bhfuil saintréithe seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta aici. Déanta na fírinne, ní chiallaíonn coincheap na seirbhíse uilíche nach mór don tseirbhís i gceist freastal ar riachtanas atá i gcoitinne ag an bpobal uile ná nach mór an tseirbhís a sholáthar ar fud críche ([65]), ach go bhfreastalaíonn sí ar leasanna na sochaí ina hiomláine. Ina theannta sin, is é dearcadh an Choimisiúin é nach gcuireann reachtaíocht an Aontais cosc ar Bhallstáit, agus a ndiscréid á feidhmiú acu, a mheas go bailí go gcáilíonn seirbhísí lasta muirí áirithe chuig limistéir iargúlta agus uathu mar sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ar choinníoll go gcomhlíontar na prionsabail a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Cabatáiste Muirí.

(182) Tá mínithe ag an Iodáil go bhfuil na riachtanais seirbhíse poiblí nasctha le saintréithe speisialta geografacha agus soch-eacnamaíocha na n-oileán in oileánra Pontino. Sonraítear le hAirteagal 1 den chonradh seirbhíse go bhfuil na seirbhísí a dámhadh do Laziomar *'[…] riachtanach chun leanúnachas críche a choinneáil ar bun chun a áirithiú go soláthraítear na hearraí, lena n-áirítear earraí speisialta, is gá chun seirbhísí poiblí agus sóisialta oileáin Pontino a dhéanamh go cuí […]'*. A mhéid a bhaineann le hoileán Ponza, tá gá le leanúnachas críche agus soláthar earraí agus earraí speisialta i bhfianaise a fhad amach ón mórthír atá sé (timpeall 27 muirmhíle amach ó Terracina) agus an daonra beag atá ann (timpeall 3 500 cónaitheoir). Baineann cúinsí comhchosúla le hoileán Ventotene (timpeall 31 mhuirmhíle amach ó Terracina agus timpeall 800 cónaitheoir ann). Áirithíonn minicíocht thráthrialta na seirbhísí lasta sin ar feadh na bliana go gcoinnítear soláthairtí leordhóthanacha le cónaitheoirí agus cuideachtaí na n-oileán sin i gcaitheamh an lag-shéasúir freisin nuair a bhíonn níos lú éilimh ann ó thurasóirí. Ina theannta sin, rannchuidíonn na seirbhísí sin le forbairt eacnamaíoch an dá oileán trí earraí agus earraí speisialta (e.g. earraí contúirteacha, dramhaíl sholadach chathrach, etc.) a iompar isteach ón mórthír agus amach chuici.

(183) A mhéid a bhaineann leis na seirbhísí do phaisinéirí agus na seirbhísí measctha, chun an fíoréileamh a thaispeáint, sholáthair an Iodáil staidreamh comhiomlánaithe ina léirítear gur iompair Laziomar 240 430 paisinéir agus 13 228 bhfeithicil in 2012 ar na bealaí seirbhíse poiblí le linn na dtréimhsí ama faoi seach a chumhdaítear leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí. Bhí na méideanna sin níos airde in 2013 (i.e. 254 167 bpaisinéir agus 16 927 bhfeithicil). Léiríonn sé sin go raibh éileamh suntasach comhiomlán ann le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí ar na bealaí lena mbaineann sa 2 bhliain sula ndeachaigh Laziomar faoina oibleagáidí seirbhíse poiblí (féach aithris 291 chun staidrimh mhionsonraithe de réir bealaí a fháil le haghaidh na mblianta idir 2011 agus 2013).

(184) D'fhonn a thaispeáint a thuilleadh gur fhan éileamh ó úsáideoirí nuair a thosaigh Laziomar ag oibriú ar bhonn an chonartha nua seirbhíse poiblí ar na bealaí uile, sholáthair an Iodáil staidreamh comhiomlánaithe go dtí deireadh 2019 (féach Táblaí 6 go 8). Deimhnítear leis sin go raibh éileamh ó úsáideoirí fós ann, cé go raibh beagán luaineachta suas nó síos ann. In aon chás, níor soláthraíodh aon eolas san anailís ar staidrimh de réir bealaí le haghaidh gach bliana go dtí deireadh 2019 go n-imeodh an t-éileamh ó úsáideoirí le haghaidh bealaí sonracha.

Tábla 6

Staidreamh ar phaisinéirí le haghaidh na mblianta 2014–2019

Bliain	Líne T1	Líne T2	Líne T3	Líne T4	Líne A1	Líne A2	Líne A3	Líon iomlán paisinéirí
2014	125 720	63 376	30 812	1 509	36 474	58 680	40 000	356 571
2015	131 453	65 822	40 211	165	37 442	69 327	46 847	391 267
2016	141 720	81 572	45 006	308	42 209	60 263	37 981	409 959

([64]) Féach Cás T-289/03 *BUPA agus Eile v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2008:29, mír 186.

([65]) Féach Cás 66/86 *Ahmed Saeed Flugreisen*, ECLI:EU:C:1989:140, mír 55; Cás C-266/96 *Corsica Ferries na Fraince*, ECLI:EU:C:1998:306, mír 45; Cás T-17/02 *Fred Olsen v An Coimisiún*, ECLI:EU:T:2005:218, mír 186 *et seq*.

2017	154 948	86 832	57 165	360	48 985	68 573	39 482	456 345
2018	160 304	85 310	59 642	168	58 013	68 405	37 226	447 581
2019	170 636	88 728	55 047	177	52 569	48 198	32 226	442 409

Tábla 7

Staidreamh ar fheithiclí le haghaidh na mblianta 2014–2019

Bliain	Líne T1	Líne T2	Líne T3	Líne T4	Líne A1	Líne A2	Líne A3	Méid foriomlán na bhfeithiclí (1)
2014	12 822	2 587	3 482	35				18 926
2015	12 874	2 819	3 212	390				19 295
2016	12 942	3 245	3 590	784				20 561
2017	13 796	3 331	3 772	324				21 223
2018	14 165	3 171	3 846	152				21 334
2019	14 011	3 242	3 316	172				20 741

(1) Ní féidir leis na soithí a úsáidtear ar Líne T4, Líne A1, Líne A2 ná Líne A3 feithiclí a iompar.

Tábla 8

Lasta a iompraíodh, arna shloinneadh i méadair líneacha le haghaidh na mblianta 2014–2019 (66)

Bliain	Líne T3	Líne T4	An líon foriomlán méadar líneach
2014	206 514	16 367	222 881
2015	259 112	22 659	281 771
2016	281 229	23 230	304 459
2017	294 442	27 623	322 065
2018	310 736	14 256	324 992
2019	302 631	15 228	317 859

(185) Measann an Coimisiún go dtaispeántar go soiléir leis an staidreamh thuas go bhfuil fíoréileamh ann le haghaidh seirbhísí paisinéirí, measctha agus lasta ar gach ceann de na bealaí seirbhíse poiblí faoi seach. Féadfar an chonclúid a dhéanamh dá bhrí sin go bhfreastalaíonn na seirbhísí sin ar fhíor-riachtanais atá ag an bpobal agus go gcomhlíonann siad fíoréileamh ó úsáideoirí.

(2) **Teip mhargaidh a bheith ann**

(186) De réir mhír 48 de Theachtaireacht SGEI, "ní bheadh sé oiriúnach oibleagáidí seirbhíse poiblí sonracha a cheangal de ghníomhaíocht a chuireann gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh ar fáil cheana féin nó arbh fhéidir le gnóthais a chur ar fáil ar bhealach sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, comhsheasmhach le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát (67)". Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh le meas an mbeadh soláthar na seirbhíse neamhleor dá bhfágfaí a

(66) Cé go n-iompraítear lasta ar an gcuid is mó de na línte, ní thugtar faisnéis mhionsonraithe sa chinneadh seo ach faoi lasta a iompraíodh ar Líne T3 agus Líne T4, toisc go sainmhíníonn an conradh seirbhíse poiblí an dá Líne sin mar bhealaí lasta chun earraí agus earraí speisialta a iompar.

(67) Féach Cás C-205/99 *Analir agus eile*, ECLI:EU:C:2001:107, mír 71.

soláthar faoi fhórsaí an mhargaidh amháin i bhfianaise na gceanglas seirbhíse poiblí a fhorchuireann an Ballstát de bhua an chonartha nua seirbhíse poiblí. Tugtar faoi deara ina leith sin i mír 48 de Theachtaireacht SGEI go bhfuil "measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach".

(187) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir oibreoirí eile, sa tréimhse roimh shíniú an chonartha nua seirbhíse poiblí le Laziomar, seirbhísí farantóireachta ar fáil ar chuid de na bealaí faoi réir an chonartha nua seirbhíse poiblí cé nár chuir siad na seirbhísí sin ar fáil ar feadh na bliana agus cé nach raibh an mhinicíocht chéanna ná an cineál céanna seirbhíse i gceist. Ar bhonn staid iomaíoch na tréimhse roimh an nóiméad a cuireadh cúraimí ar iontaoibh ar an 15 Eanáir 2014, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu is comhionann nó nach comhionann na bealaí a chuir oibreoirí eile ar fáil i gcomparáid leo siúd atá ar Laziomar a sholáthar faoin gconradh nua seirbhíse poiblí agus déanfaidh sé an measúnú sin i ndáil le gach ceann de na bealaí lena mbaineann.

(188) Léirítear i dTábla 9 an staid iomaíoch ar gach ceann de na bealaí a bhí á n-oibriú ag Laziomar tráth an ghnímh iontaoibhe:

Tábla 9

Staid iomaíoch ar na bealaí atá á oibriú ag Laziomar

Bealach	Laziomar (gach seoladh ar feadh na bliana)	Iomaitheoirí
Formia – Ponza **(Líne T1)**	Seirbhís mheasctha (paisinéirí, feithiclí agus earraí)	Dada
Formia – Ventotene **(Líne T2)**	Seirbhís mheasctha (paisinéirí, feithiclí agus earraí)	Dada
Terracina – Ponza **(Líne T3)** – bealach nua	Seirbhís lasta agus mheasctha agus an meánlíon seoltaí seo a leanas aici: — Ó mhí Eanáir go mí an Mhárta agus ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, ceithre sheoladh (in aghaidh na seachtaine) – seirbhís lasta amháin — I mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair, ceithre sheoladh (in aghaidh na seachtaine) – seirbhís lasta amháin, agus ceithre sheoladh (in aghaidh na seachtaine) – seirbhís mheasctha — Ó mhí na Bealtaine go mí Lúnasa, cúig sheoladh (in aghaidh na seachtaine) – seirbhís lasta amháin, agus cúig sheoladh (in aghaidh na seachtaine) – seirbhís mheasctha	Navigazione Libera del Golfo ("**NLG**"), seirbhís do phaisinéirí amháin agus an meánlíon seoltaí seo a leanas aici: — Ó mhí Aibreáin go mí na Bealtaine agus ó mhí Mheán Fómhair go mí Dheireadh Fómhair, trí sheoladh (in aghaidh na seachtaine) — Ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa, idir aon seoladh amháin agus dhá sheoladh (in aghaidh an lae)
Terracina – Ventotene **(Líne T4)** – bealach nua	Seirbhís lasta agus an meánlíon seoltaí seo a leanas aici: — Ó mhí Eanáir go mí an Mhárta agus ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag, aon seoladh amháin (in aghaidh na seachtaine) — I mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair, dhá sheoladh (in aghaidh na seachtaine) — Ó mhí na Bealtaine go mí Lúnasa, cúig sheoladh (in aghaidh na seachtaine)	Seirbhís **NLG** do phaisinéirí amháin (mar shíneadh a cuireadh le **Líne T3**) nach bhfuil ach aon seoladh amháin in aghaidh na seachtaine aici ó mhí Iúil go mí Lúnasa
Anzio – Ponza **(Líne A1)**	Seirbhís do phaisinéirí (duillárthach) idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair a bhfuil aon seoladh amháin in aghaidh an lae aici, seachas ar an Aoine, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc nuair a bhíonn dhá sheoladh ann	**Vetor**, seirbhís do phaisinéirí agus an meánlíon seoltaí seo a leanas aici: — Ó mhí an Mheithimh go mí Iúil, idir dhá sheoladh agus trí sheoladh ar laethanta seachtaine agus idir ceithre sheoladh agus cúig sheoladh ag an deireadh seachtaine (in aghaidh an lae – féach aithris 192) — I mí Lúnasa, idir trí sheoladh agus ceithre sheoladh ar laethanta seachtaine agus idir ceithre sheoladh agus cúig sheoladh ag an deireadh seachtaine (in aghaidh an lae) — I mí Mheán Fómhair, aon seoladh amháin (in aghaidh an lae – féach aithris 192)

Formia – Ponza **(Líne A2)**	Seirbhís do phaisinéirí (duillárthach)	Dada
Formia – Ventotene **(Líne A3)**	Seirbhís do phaisinéirí (duillárthach)	Dada

(189) Measann an Coimisiún, mar a léirítear go soiléir i dTábla 9, nach féidir seirbhísí a chuireann iomaitheoirí eile ar fáil a chur in ionad na seirbhísí a chuireann Laziomar ar fáil, toisc nach gcomhlíonann na hiomaitheoirí eile na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh nua seirbhíse poiblí le Laziomar, nó nach gcomhlíonann siad go hiomlán iad. Mar sin féin, maidir le ceithre cinn de na seacht mbealach, níl aon oibreoir eile ann seachas Laziomar a chuireann an tseirbhís ar fáil (Línte T1, T2, A2 agus A3). Mar thoradh air sin, tá údar leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh le Laziomar chun na bealaí sin a oibriú i ngeall ar an bhfíor-riachtanas poiblí atá ann leanúnachas críche a áirithiú, ó nach féidir leis an margadh ann féin sin a chomhlíonadh.

(190) A mhéid a bhaineann leis na bealaí ar a bhfuil oibreoirí eile ag cur seirbhísí ar fáil freisin (Línte T3, T4 agus A1), measann an Coimisiún go bhfuil difríochtaí móra ann maidir le cineál, rialtacht, toilleadh agus praghas na seirbhísí a chuirtear ar fáil, ar na cúiseanna a mhionsonraítear sna míreanna seo a leanas.

(191) I gcás Línte T3 agus T4, seolann Laziomar na bealaí sin go leanúnach ar feadh na bliana, ach ní chuireann an t-oibreoir eile, NLG, an tseirbhís leanúnach sin ar fáil ar feadh na bliana ná ní chuireann sé ar fáil chomh minic céanna í le Laziomar. Ina theannta sin, cuireann Laziomar seirbhísí measctha lasta (Líne T3) agus seirbhísí lasta (Líne T4) ar fáil ag úsáid soithigh ina bhfuil dóthain toillte chun lasta, feithiclí agus suas le 400 paisinéir a iompar, ach úsáideann NLG árthach ardluais chun paisinéirí amháin a iompar. Ar deireadh, tá difríocht shuntasach sa phraghas idir an dá oibreoir. I gcás Líne T3, mar a bhfuil paisinéirí á n-iompar ag an dá oibreoir (i gcodarsnacht le Líne T4 ar seirbhís lasta Laziomar í), tá an praghas a thairgeann NLG dírithe ar earnáil na turasóireachta (e.g. cosnaíonn ticéad aontreo do dhuine fásta idir EUR 24 agus EUR 26 agus do leanaí suas le 12 bhliain d'aois idir EUR 13 agus EUR 15). Os a choinne sin, tá seirbhís Laziomar faoi réir oibleagáidí maidir le táillí seirbhíse poiblí (e.g. cosnaíonn ticéad aontreo do dhuine fásta EUR 10 agus do leanaí suas le 12 bhliain d'aois EUR 5) agus tá feidhm ag táillí sóisialta maidir le cónaitheoirí agus comaitéirí (cosnaíonn ticéad aontreo timpeall EUR 3,50). Dá thoradh sin, murach seirbhís ó Laziomar ar na bealaí áirithe sin, ní chomhlíonfaí an riachtanas seirbhíse poiblí maidir le nascacht thráthrialta an oileáin sin leis an mórthír toisc nach mbeadh NLG in ann na seirbhísí céanna a sholáthar ná iad a sholáthar faoi na coinníollacha céanna agus a sholáthair Laziomar iad i gcaitheamh thréimhse iomlán an chonartha.

(192) Maidir le Líne A1, reáchtálann Laziomar agus a iomaitheoir, Vetor, araon seirbhís do phaisinéirí amháin le linn an tsamhraidh (idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair). Sholáthair an Iodáil faisnéis, áfach, a léiríonn go ndírítear seirbhís Vetor go príomha ar earnáil na turasóireachta agus go soláthraítear faoi dhálaí an mhargaidh í. Cé gur cosúil go mbíonn Vetor ag seoladh níos minice ná Laziomar de réir sceideal ama 2013 (i.e. an bhliain sular tugadh an gníomh iontaoibhe i gcrích le Laziomar) mar a léirítear i dTábla 9, tugann an Coimisiún dá aire nár soláthraíodh an tseirbhís go leanúnach ar bhonn laethúil. Ar dhóigh níos sonraí, níor soláthraíodh an tseirbhís ar an 4, 5, 11 ná 12 Meitheamh 2013 ná ar an 10 go 12 ná an 16 go 20 Meán Fómhair 2013. Le linn bhlianta na tréimhse iontaoibhe ina dhiaidh sin, léirítear san fhaisnéis a chuir an Iodáil isteach nár áirithigh an tseirbhís a sholáthair Vetor go mbeadh nascacht laethúil ann ar an mbealach sin. Mar shampla, in 2018 níor sholáthair Vetor an tseirbhís ar an 5 agus 6 Meitheamh ná ar an 17 go 20 Meán Fómhair. Go ginearálta, mar sin, bíonn minicíochtaí seirbhíse Vetor éagsúil ó mhí go mí.

(193) Ina theannta sin, faoin gconradh seirbhíse, tá Laziomar faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí i dtéarmaí leanúnachais agus cáilíochta. Mar sin féin, i gcás ina mainneoidh ar Laziomar seoladh gan cúis chuí beidh sé faoi réir laghdú ar tháillí agus pionóis chomhfhreagracha. Thairis sin, tugann an oibleagáid cháilíochta le tuiscint nach mór do Laziomar íoschaighdeáin bheachta a chomhlíonadh i dtéarmaí iontaofachta, dálaí maithe sláinteachais agus compord aistir *inter alia*. Os a choinne sin, níl Vetor faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí agus níl sé ceaptha ardchaighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh agus an tseirbhís á cur ar fáil. Chomh maith leis sin, ó thaobh toilleadh iompair, is féidir le soitheach Laziomar uasmhéid 300 paisinéir a iompar i gcomparáid leis an 150 paisinéir, a bheag nó a mhór, is féidir le duillárthach Vetor a iompar.

(194) Ar deireadh, tá difríocht shuntasach sa phraghas idir an dá oibreoir. Tá an praghas a thairgeann Vetor dírithe go príomha ar earnáil na turasóireachta (e.g. cosnaíonn ticéad aontreo do dhuine fásta EUR 36, a ardaítear go EUR 46 ag an deireadh seachtaine, agus do leanaí suas le 12 bhliain d'aois cosnaíonn sé EUR 18), cé go gcuirtear táille do chónaitheoirí ar fáil ar EUR 23. Tá saoirse ag Vetor praghas a chuid ticéad a chinneadh ar toil agus é a choigeartú ar bhonn tráchtála amháin. Os a choinne sin, tá seirbhís Laziomar faoi réir oibleagáidí maidir le táillí seirbhíse poiblí (e. g. cosnaíonn ticéad aontreo do dhuine fásta EUR 23,40 agus do leanaí suas le 12 bhliain d'aois EUR 11,70) agus tá

feidhm ag táillí sóisialta maidir le cónaitheoirí agus comaitéirí (e.g. ní chosnaíonn ticéad aontreo ach timpeall EUR 7). Dá thoradh sin, murach an tseirbhís ó Laziomar ar an mbealach áirithe sin, ní chomhlíonfaí an riachtanas seirbhíse poiblí maidir le nascacht thráthrialta an oileáin sin leis an mórthír ar phraghsanna inacmhainne toisc nach mbeadh Vetor in ann na seirbhísí céanna a sholáthar ná iad a sholáthar faoi na coinníollacha céanna agus a sholáthair Laziomar iad i gcaitheamh thréimhse iomlán an chonartha.

(195) I bhfianaise a bhfuil thuas, cinneann an Coimisiún go raibh na fórsaí margaidh amháin neamhleor chun freastal ar riachtanais seirbhíse poiblí an phobail tráth a cuireadh na hoibleagáidí ar iontaoibh Laziomar. Go deimhin, ba é Laziomar an t-aon oibreoir amháin ar roinnt bealaí, agus ar bhealaí eile ní raibh na seirbhísí a sholáthair na hiomaitheoirí in oileánra Pontino comhionann i dtéarmaí leanúnachais, rialtachta, toillte ná praghais agus níor chomhlíon siad dá bhrí sin na riachtanais seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh nua seirbhíse le Laziomar.

(3) **An cur chuige is lú dochar**

(196) Tugann an Coimisiún dá aire gur roghnaigh an Iodáil conradh seirbhíse poiblí a thabhairt i gcrích le hoibreoir amháin (Laziomar) seachas oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur ar na hoibreoirí uile a bhfuil suim acu freastal ar na bealaí atá i gceist. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chur an Iodáil ar fáil, glacann an Coimisiún nach mbeifí in ann freastal ar éileamh na n-úsáideoirí trí oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchur (féach aithris 180). Go háirithe, is é Laziomar an t-aon oibreoir amháin ar roinnt bealaí agus, i gcásanna nach amhlaidh sin, ní chomhlíonann an tseirbhís a sholáthraíonn na hoibreoirí eile (gach ceann de) na ceanglais a bhaineann le rialtacht, leanúnachas, toilleadh ná praghas. Thairis sin, ní ghintear brabús ag riar an chuid is mó de na bealaí, go háirithe le linn an tséasúir chiúin, agus ní riarfaí iad ar chor ar bith murach cúiteamh seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún argóint na hIodáile dá aire go raibh gá le conradh seirbhíse poiblí i bhfianaise phríobháidiú Laziomar. Go sonrach, áitíonn an Iodáil gur ceadaíodh don mhéid seo a leanas trí Laziomar a chur ar tairiscint le chéile le conradh nua seirbhíse poiblí chun (i) leanúnachas na seirbhíse muirí poiblí a áirithiú agus (ii) an luach a uasmhéadú don Stát. Is ar na cúiseanna sin a d'aontaigh an Coimisiún (féach aithris 89) go gcuirfeadh an Iodáil gnó Laziomar ar tairiscint le chéile le conradh nua seirbhíse poiblí. Ar an mbealach sin, ghlac an Coimisiún, agus athdhearbhaíonn sé sa Chinneadh seo, nach bhféadfadh an Iodáil brath ar oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhfuil feidhm leo maidir le gach oibritheoir ach go gcuirfeadh sí conradh seirbhíse poiblí i gcrích le Laziomar amháin.

Conclúid

(197) Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, measann an Coimisiún nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach nuair a bhí na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Laziomar á sainiú aici mar SGEI. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinneadh 2012.

(198) Chun cinneadh a dhéanamh ar comhlíonadh, nó nár comhlíonadh, *Altmark* 1, ní mór don Choimisiún a sheiceáil fós ar cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí a bhí sainithe go soiléir ar Laziomar. Chuige sin, tugann an Coimisiún dá aire go dtugtar tuairisc shoiléir ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí sa chonradh nua seirbhíse poiblí agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis (a bhfuil sonraíochtaí long le haghaidh gach bealaigh mar chuid de mar shampla). Ar an mbealach céanna, is iad Dlí 2009 agus Treoir CIPE a shonraíonn na rialacha a rialaíonn cúiteamh sa chonradh nua seirbhíse poiblí. Baineann fad soiléir (10 mbliana) leis an gconradh nua seirbhíse poiblí freisin, aithnítear Laziomar mar an bpríomhoibreoir seirbhíse poiblí ann agus tá socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisghabháil le fáil ann (féach aithris 215). Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar an chéad chritéar *Altmark*.

Tosaíocht feistithe

(199) Sonraítear go soiléir in Airteagal 19-*ter,* mír 21 de Dhlí 2009 gur gá tosaíocht feistithe chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise oibleagáidí seirbhíse poiblí na gcuideachtaí den iar-ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar. Go deimhin, mura mbeadh aon tosaíocht feistithe ann le haghaidh cuideachtaí a gcuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí ar a n-iontaoibh, d'fhéadfaí (in amanna) go mbeadh orthu fanacht lena seal sula bhféadfaidís dul chun cé agus go gcuirfí moill orthu dá réir, rud a chuirfeadh ar neamhní an cuspóir atá leis na hoibleagáidí, is é sin nascacht iontaofa áisiúil a áirithiú le haghaidh na saoránach. Gan amhras, tá gá le hamchlár tráthrialta chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta dhaonra na n-oileán agus chun cur le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann. Thairis sin, ós rud é go bhfuil oibleagáidí sceidealaithe sonracha sa chonradh nua seirbhíse poiblí maidir le himeacht bealaí seirbhíse poiblí, cuidíonn an tosaíocht feistithe le háirithiú go leithdháileann calafoirt na beartanna feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuireann ar a chumas é don oibreoir seirbhíse poiblí a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún go ndeonaítear an beart sin chun é a chur ar a chumas do Laziomar a chuid oibleagáidí seirbhíse poiblí a fheidhmiú, ar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta í (féach aithris 197). Thairis sin, dheimhnigh an Iodáil nach bhfuil an tosaíocht feistithe infheidhme ach maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras seirbhíse poiblí amháin. Dá bhrí sin, comhlíonann an tosaíocht feistithe an chéad choinníoll de bhreithiúnas *Altmark*.

5.1.2.2. Altmark 2

(200) Meabhraíonn an Coimisiún gur thug sé an réamhthuairim i gCinneadh 2012 (féach mír 205 de) go n-urramaítear an dara critéar de chuid bhreithiúnas *Altmark*.

(201) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur suíodh na paraiméadair a bhí mar bhonn le ríomh an chúitimh roimh ré agus go n-urramaítear na ceanglais trédhearcachta i gcomhréir leis an dara critéar *Altmark*.

(202) Ar dhóigh níos sonraí, déantar na paraiméadair ar ríomhadh an cúiteamh ar a mbonn a mhíniú go mionsonraithe i dTreoir CIPE agus cuireadh i bhfeidhm sa chonradh nua seirbhíse poiblí iad (agus in iarscríbhinní a ghabhann leis) agus leagtar síos na híosmhéideanna cúitimh i nDlí 2009. Mionsonraítear i dTreoir CIPE modh ríomha an chúitimh, lena n-áirítear, mar shampla, na gnéithe costais a cuireadh san áireamh. Ós rud é nach mbaineann cúiteamh airgeadais leis an tosaíocht feistithe do Laziomar, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an beart sin *Altmark* 2.

(203) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíontar an dara coinníoll de bhreithiúnas *Altmark*.

5.1.2.3. Altmark 3

(204) De réir an tríú coinníoll *Altmark*, ní fhéadfaidh an cúiteamh a fhaightear chun SGEI a chur i gcrích a bheith níos airde ná an tsuim is gá chun gach costas nó páirt de na costais a thabhaítear agus na hoibleagáidí seirbhíse poiblí á gcur i gcrích a chumhdach, ag cur na hadmhálacha ábhartha agus brabús réasúnach chun na hoibleagáidí sin a chur i gcrích san áireamh.

(205) Mar sin féin, ní sholáthraíonn rialú *Altmark* sainiú beacht maidir leis an mbrabús réasúnach. De réir Theachtaireacht SGEI, ba cheart a ghlacadh leis go gciallaíonn brabús réasúnach an ráta toraidh ar chaipiteal a dteastódh ó ghnáthchuideachta a bhfuil cinneadh á dhéanamh aici an ceart nó nár cheart an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar ar feadh na tréimhse iomláine a mbeadh na hoibleagáidí sin ar a iontaoibh, agus an leibhéal riosca á chur san áireamh. Bíonn an leibhéal riosca ag brath ar an earnáil lena mbaineann, leis an gcineál seirbhíse agus le saintréithe an tsásra cúitimh.

(206) I gCinneadh 2012, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht an chúitimh a íocadh leis na cuideachtaí a bhí san iar-ghrúpa Tirrenia, lenar áiríodh Laziomar ó 2014. Go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an gcúiteamh a íocadh ó 2010, thug an Coimisiún an réamhthuairim nár léiríodh leibhéal iomchuí riosca sa phréimh riosca sheasta 6,5 % toisc nár chosúil *prima facie* gur ghlac Laziomar chuige féin na rioscaí a ghlacann oibreoir chuige féin de ghnáth in oibriú seirbhísí den sórt sin. Go sonrach, áirítear sna gnéithe costais chun críoch an cúiteamh a ríomh na costais uile a bhaineann leis an tseirbhís a sholáthar agus na hathruithe i gcostais, e.g. praghsanna breosla. Mar thoradh air sin, mheas an Coimisiún ag an gcéim sin go mb'fhéidir gur tugadh róchúiteamh do Laziomar

(207) Tugann an Coimisiún dá aire gur cosúil go laghdaíonn gnéithe áirithe den mhodh cúitimh mar a leagtar síos sa chonradh nua seirbhíse poiblí an riosca tráchtála a thabhaigh Laziomar. Go háirithe, athraítear na huastáillí is féidir le Laziomar a ghearradh go bliantúil chun boilsciú a chur san áireamh agus chun athruithe sa phraghasinnéacs tomhaltóirí a léiriú iontu. Thairis sin, tá clásail áirithe (féach aithris 78) mar chuid den chonradh nua seirbhíse poiblí a bhfuil sé mar aidhm acu cothromaíocht eacnamaíoch–airgeadais na seirbhíse poiblí a choinneáil ar bun. Go háirithe, i gcás nach mbeadh an cúiteamh seirbhíse poiblí leordhóthanach chun costas na seirbhísí a chuireann an conradh nua seirbhíse poiblí de chúram a chumhdach, ceadaítear leis na clásail sin athbhreithniú a dhéanamh ar na míreanna seo (i) an córas taraife, (ii) leibhéal na seirbhísí poiblí atá á thairiscint, (iii) leibhéal na huasteorann praghais bhliantúil, agus (iv) na deontais chaipitiúla le haghaidh infheistíochtaí.

(208) De réir Airteagal 25 den chonradh, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir a chothromaíocht eacnamaíoch agus airgeadais, féadfaidh Laziomar athchrothromú a iarraidh trí thogra a chur faoi bhráid Réigiún Lazio. Cuirtear an togra sin faoi bhráid an Choiste Theicniúil atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an gconradh ansin.

(209) Cé gur cosúil go laghdaíonn na cosaintí sin an riosca tráchtála a thabhaigh Laziomar, measann an Coimisiún go bhfanann an chuideachta le bheith nochta don riosca nach mbeadh an cúiteamh leordhóthanach chun na costais a bhaineann le reáchtáil na seirbhíse a chumhdach. D'fhéadfadh nach nglacfaí leis an togra athchothromaithe, mar rialóidh Réigiún Lazio ar a thuillteanais agus glacfaidh sé cinneadh tar éis tuairim a fháil ón gCoiste Teicniúil laistigh de 90 lá ón dáta ar chuir Laziomar a iarraidh isteach. Go dtí go nglacfar cinneadh, ní mór do Laziomar leanúint den tseirbhís phoiblí a oibriú gan aon athrú uirthi. Go deimhin, mar a chuir an Iodáil in iúl, is deacair an sásra a chur i bhfeidhm agus tá na dálaí faoina gcuirtear i bhfeidhm é an-docht, mar sin níor bhain Laziomar úsáid go fóill as an bhféidearthacht sin.

(210) Anuas air sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil gach ceann de na catagóirí costais faoi réir ranníocaíocht athchothromaithe. Go háirithe, de réir Airteagal 25 den chonradh seirbhíse poiblí, ba cheart do Laziomar féin na costais a bhaineann le neamhéifeachtúlachtaí bainistíochta, na muirir airgeadais agus na méaduithe ar chostais an aonaid foirne chun riachtanais dhlíthiúla lucht saothair a chomhlíonadh agus aon chostas a bhaineann leis an mbeartas tráchtála arna chur i bhfeidhm ag Laziomar, a íoc. Dá bhrí sin, bíonn dreasacht fós ann do Laziomar a sheirbhísí a fheidhmiú go héifeachtúil agus ar an gcostas is lú don phobal.

(211) Mar a luaitear thuas in aithrisí 48 go 52, beartaítear le Treoir CIPE go n-úsáidfí préimh riosca 6,5 % chun an toradh ar chaipiteal a ríomh ag úsáid foirmle WACC. Mar sin féin, cuireadh 6,5 % i bhfeidhm sa chleachtas mar ráta comhréidh toraidh ar chaipiteal (féach aithris 136 chomh maith).

(212) Sa chomhthéacs sin, gan beann ar an méid cúitimh a bheadh Laziomar ina theideal, agus an phréimh riosca 6,5 % á cur san áireamh, ní féidir riamh le Laziomar níos mó ná an méid uasta a leagtar amach sa chonradh seirbhíse poiblí a fháil (féach aithris 76). I gcomhréir le mír 47 de Chreat SGEI 2011, déanann an Coimisiún measúnú ar cibé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann le linn thréimhse fhoriomlán an chonartha. Mar a thaispeántar i dTábla 10, léirítear sna figiúirí le haghaidh na tréimhse 2014–2019 go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí arna fháil iarbhír (gan na méideanna do 2016 agus 2018 a chur san áireamh – méideanna a bhí níos lú mar sin féin ná an uasteorainn a comhaontaíodh faoin gconradh, i.e. EUR 13 524 536) neamhleor chun glanchostas na seirbhíse a chumhdach (i.e. EUR 80 173 862 a íocadh, rud a fhágann glanchostas EUR 80 397 000 ann) fiú sula gcuirtear an phréimh riosca 6,5 % san áireamh (i.e. EUR 1 928 000). Go bunúsach, le haghaidh na tréimhse 2014–2019, fuair Laziomar thart ar EUR 2 150 000 níos lú ná an méid a raibh sé ina theideal (i.e. EUR 82 325 000 (cúiteamh incháilithe) lúide EUR 80 173 862 (cúiteamh iarbhír)), arna ríomh trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a n-áirítear toradh 6,5 % ar chaipiteal léi. Ciallaíonn sin sa chleachtas nach bhfuair Laziomar an méid arna ríomh mar thoradh ar chaipiteal. Déanta na fírinne, bhí toradh Laziomar ar chaipiteal le haghaidh na tréimhse ina hiomláine (suas le 2019) nialas seachas 6,5 % mar a thuar an Iodáil ar dtús ([68]). Deimhníonn na figiúirí sin nach gcosnaíonn na forálacha athchothromaithe in Airteagal 25 Laziomar ar na rioscaí uile a bhaineann leis an tseirbhís phoiblí a oibriú.

Tábla 10

Glanchostas na seirbhíse poiblí atá a oibriú ag Laziomar le haghaidh na tréimhse 2014–2019

(EUR)

Cúram seirbhíse poiblí Laziomar	2014	2015	2016	2017	2018	2019	Comhiomlán
Ioncaim iomlána	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
- Costais iomlána	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
- Amúchtaí	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]

([68]) Tá an méid foriomlán a fuair Laziomar in imeacht na tréimhse 2012–2019 níos lú ná an glanchostas arna thabhú i soláthar na seirbhíse poiblí, gan aon toradh ar chaipiteal a chur san áireamh.

= Glanchostas na seirbhíse poiblí	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
+ Toradh ar chaipiteal (6,5 %)	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
= Incháilithe do chúiteamh	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]
+ An cúiteamh iarbhír	13 375 000	13 376 000	13 330 000	13 370 070	13 356 282	13 366 510	80 173 862
= Róchúi-teamh/tearc-chúiteamh	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	[…]	- 2 151 138

(213) A mhéid a bhaineann le leibhéal an bhrabúis réasúnta, le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil (féach aithris 136), áfach, shoiléirigh an Iodáil go ndearnadh cinneadh an ríomh a shimpliú trí 6,5 % a chur i bhfeidhm mar ráta comhréidh i ndáil le toradh ar chaipiteal mar gheall go gcuirtear uasteorainn le méid an chúitimh le Dlí 2009. Measann an Iodáil go bhfuil a cur chuige simplithe coimeádach (féach aithris 134) agus nach ligeann sé do chúiteamh níos airde le haghaidh Laziomar ná an tsuim a suíodh faoi Threoir CIPE.

(214) Ina fhianaise sin, rinne an Coimisiún comparáid idir an toradh ar chaipiteal 6,5 % arna chur i bhfeidhm maidir le Laziomar agus an meántoradh ar chaipiteal a ghin grúpa tagarmhairc in 2013 (an bhliain sular cuireadh oibleagáidí ar iontaoibh Laziomar). Is éard atá sa ghrúpa tagarmhairc oibreoirí farantóireachta roghnaithe a sholáthraigh naisc mhuirí san Iodáil nó idir an Iodáil agus Ballstáit eile ([69]). Léirítear san anailís go raibh an toradh ar chaipiteal a cuireadh i bhfeidhm maidir le Laziomar comhchosúil leis an meántoradh a ghin na cuideachtaí sa grúpa tagarmhairc. Taispeántar sa chomparáid sin nach raibh toradh 6,5 % ar chaipiteal míréasúnach an bhliain sin sular cuireadh oibleagáidí ar iontaoibh Laziomar.

(215) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, ar chaoi dhearfach, go n-éilítear ar Laziomar faoin gconradh nua seirbhíse poiblí a chuntais bainistíochta (agus iad foroinnte de réir bealaí agus deimhnithe ag iniúchóir neamhspleách) a sheoladh chuig an Aireacht Bonneagair agus Iompair gach bliain chun é a chur ar a cumas don Aireacht seiceáil an raibh aon róchúiteamh ann. Soláthraítear leis sin cosaint bhreise chun a áirithiú nach féidir le Laziomar tairbhiú d'aon róchúiteamh. Chur an Iodáil na cuntais bainistíochta sin don tréimhse 2014–2019 isteach freisin, ag cur ar a chumas é don Choimisiúin na ríomhanna i dTábla 10 a dhéanamh dá bhrí sin.

(216) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún nach sáraíonn an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh ar Laziomar an tsuim is gá chun na costais a tabhaíodh i bhfeidhmiú a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, ag cur na hadmhálacha ábhartha agus brabús réasúnach san áireamh. Ar dhóigh níos sonraí, measann an Coimisiún nach mór measúnú a dhéanamh ar an bpréimh riosca 6,5 % a bheartaítear le Treoir CIPE in éineacht leis an uasmhéid cúitimh a leagtar síos sa chonradh seirbhíse poiblí. Agus aird á tabhairt air sin, bhí an toradh ar chaipiteal a bhféadfadh Laziomar a bheith ag súil leis ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir leis na rioscaí a ghlac sé agus na seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gconradh seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, faightear réidh leis an amhras a bhí ar an gCoimisiún i ndáil leis an tríú coinníoll de bhreithiúnas *Altmark*.

(217) I ndáil leis an tosaíocht feistithe agus aon róchúiteamh a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh uirthi, tugann an Coimisiún dá aire, a mhéid a laghdódh an beart sin na costais oibriúcháin nó a mhéadódh sé ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, go léireofaí na héifeachtaí sin ina n-iomláine i gcuntais inmheánacha an oibreora. Deimhníodh san anailís thuas a rinne an Coimisiún (féach aithris 212) nach bhfuair Laziomar aon róchúiteamh sa tréimhse 2014–2019. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an tosaíocht feistithe an tríú critéar *Altmark* freisin.

([69]) Go háirithe, baineann sé le Minoan Lines Shipping, La Méridionale, Moby, Grandi Navi Veloci, Libertylines, Grimaldi Group, Corsica Ferries, SNAV, agus Caronte & Tourist. Níor cuireadh cuideachtaí eile iar-Ghrúpa Tirrenia (e.g. Caremar, CIN, Siremar) san áireamh sa ghrúpa tagarmhairc.

5.1.2.4. Altmark 4

(218) Comhlíontar an ceathrú critéar *Altmark* má roghnaíodh faighteoir an chúitimh chun SGEI a oibriú tar éis nós imeachta tairisceana, ar nós imeachta tairisceana é ina gceadaítear an tairgeoir is féidir SGEI a chur ar fáil ar an gcostas is lú don phobal a roghnú, nó dá uireasa sin, gur ríomhadh an cúiteamh trí thagairt a dhéanamh do na costais atá ag gnóthas éifeachtúil.

(219) De réir mhír 63 de Theachtaireacht SGEI, is é an bealach is simplí is féidir le húdaráis phoiblí an ceathrú critéar *Altmark* a chomhlíonadh ná nós imeachta tairisceana poiblí oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a reáchtáil i gcomhréir le Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([70]) agus Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([71]).

(220) Maidir leis an gcás idir lámha, feiceann an Coimisiún gur seoladh an nós imeachta tairisceana roimh theacht i bhfeidhm Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([72]) (a bhfuil feidhm aici maidir le conarthaí poiblí a dhámhtar chun seirbhísí iompair mhuirí a oibriú) agus Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([73]). An tráth sin, bhí Treoir 2004/17/CE agus Treoir 2004/18/CE fós i bhfeidhm. Mar sin féin, níl feidhm ag Treoir 2004/17/CE maidir le seirbhísí iompair mhuirí, amhail iad siúd a sholáthraíonn Laziomar. Go deimhin, cuirtear in iúl go soiléir in Airteagal 5 de Threoir 2004/17/CE nach dtagann ach seirbhísí iompair d'iarnród, de chórais uathoibrithe, de thrambhealach, de bhus tralaí, de bhus nó de chábla faoina raon feidhme.

(221) Titeann conarthaí poiblí a dhámhann na húdaráis chonarthacha i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí seirbhísí ar son iompar muirí, cósta nó abhann faoi raon feidhme Threoir 2004/18/CE ar bhonn aithris 20 di. Mar sin féin, liostaítear seirbhísí iompair uisce in Iarscríbhinn II B a ghabhann leis an Treoir sin lena dtugtar le fios ([74]) nach bhfuil siad faoi réir ach Airteagail 23 agus 35(4) di amháin. Ciallaíonn sé sin, faoi Threoir 2004/18/CE, nach bhfuil conradh poiblí le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí ach faoi réir na n-oibleagáidí a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla (Airteagal 23) agus faoi réir na hoibleagáide fógra dámhachtana conartha a fhoilsiú agus faoina réir sin amháin (tar éis don chonradh a bheith dáfa agus ag deireadh an phróisis dámhachtana dá bhrí sin, seachas ag a thús: Airteagal 35(4)). Níl feidhm ag aon cheann de na rialacha eile a shocraítear le Treoir 2004/18/CE – lena n-áirítear na forálacha maidir le hábhar na bhfógraí atá le foilsiú (Airteagal 36(1)) agus na forálacha maidir le critéir roghnúcháin (Airteagail 45 go 52) – maidir le conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí iompair mhuirí.

(222) Thairis sin, níl feidhm ag Treoir 2004/18/CE in aon chás maidir le lamháltais seirbhíse mar a shainítear in Airteagal 1(4) di ([75]). Tugann an Coimisiún dá aire go bhfanann lamháltais seirbhíse (agus conarthaí poiblí) a mbaineann leas áirithe trasteorann leo le bheith faoi réir phrionsabail ghinearálta an Chonartha, is iad sin trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus cóir chomhionann.

(223) Ar bhonn a bhfuil thuas, measann an Coimisiún nach bhféadfaidh go mbeidh feidhm ag Treoir 2004/18/CE ach i gcás conartha phoiblí ach nach bhfuil feidhm léi a mhéid a bhaineann le lamháltas seirbhíse. Anuas air sin, ós rud é go mbaineann an cás atá idir lámha le seirbhísí iompair uisce atá faoi réir conradh seirbhíse poiblí, ní bheadh feidhm ach le roinnt de cheanglais na Treorach sin, mar a luadh cheana. Ina fhianaise sin, measann an Coimisiún nach féidir leis brath go hiomlán ar chomhlíontacht na dTreoracha um Sholáthar Poiblí chun comhlíontacht sin an cheathrú

([70]) Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 134, 30.4.2004, lch. 1).

([71]) Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú (IO L 134, 30.4.2004, lch. 114).

([72]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65)

([73]) Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243)

([74]) Faoi Airteagal 21 de Threoir 2004/18/CE.

([75]) Deirtear in Airteagal 1(4) de Threoir 2004/18/CE: "Is éard is 'lamháltas seirbhíse' ann conradh den chineál céanna le conradh seirbhíse poiblí seachas gurb é atá sa chomaoin chun an tseirbhís a sholáthar ná an ceart chun leas a bhaint as an tseirbhís agus sin amháin nó an ceart chuige sin agus chun íocaíochta."

critéar *Altmark* a léiriú. Ar an gcúis sin, déanann an Coimisiún measúnú thíos ar cibé acu an raibh, nó nach raibh, an nós imeachta a d'úsáid an Iodáil iomaíoch, trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus gan choinníoll. Chun an measúnú sin a dhéanamh, bíonn an Coimisiún ag brath ar an treoraíocht ábhartha a leagtar amach ina Theachtaireacht ar Choincheap na Cabhrach ([76]) (go háirithe míreanna 89 *et seq*. di) agus Teachtaireacht SGEI (go háirithe míreanna 63 *et seq*. di).

Cineál iomaíoch agus trédhearcach na tairisceana

(224) Sonraítear i mír 90 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach nach mór do nós imeachta tairisceana a bheith iomaíoch ([77]) ionas go mbeidh gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann agus atá cáilithe chuige in ann a bheith rannpháirteach sa phróiseas. Thairis sin, de réir mhír 91 den Teachtaireacht sin, ní mór don nós imeachta a bheith trédhearcach ionas go mbeidh gach tairgeoir a bhfuil suim aige ann in ann a bheith ar an eolas go cothrom agus go hiomchuí ag gach céim den nós imeachta tairisceana. Cuirtear i dtábhacht sa mhír sin freisin gur gnéithe ríthábhachtacha iad inrochtaineacht na faisnéise, am leordhóthanach le haghaidh tairgeoirí a bhfuil suim acu, agus soiléireacht na gcritéar roghnúcháin agus dámhachtana le haghaidh nós imeachta roghnúcháin atá trédhearcach agus léirítear inti nach mór poiblíocht leordhóthanach a thabhairt don tairiscint, ionas go bhféadfadh gach tairgeoir féideartha é a thabhairt faoi deara.

(225) Maidir leis an gcás atá i gceist anseo, foilsíodh an glao ar léiriú spéise in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile, i gceithre cinn de nuachtáin laethúla náisiúnta agus réigiúnacha na hIodáile agus ar shuíomh gréasáin Réigiún Lazio (féach aithris 58). Iarradh sa ghlao sin ar aon duine a bhféadfadh "*leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*" a spéis a chur in iúl agus níor forchuireadh aon choinníoll breise air. Tugadh méid leordhóthanach ama do thairgeoirí féideartha a spéis a chur in iúl rud a ligeadh dóibh ansin le bheith rannpháirteach a thuilleadh sa phróiseas. Measann an Coimisiún dá bhrí sin gur fógraíodh rún Réigiún Lazio le Laziomar a dhíol agus an conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain go forleathan ar bhealach a tháinig chomh fada le gach tairgeoir féideartha.

(226) Thairis sin, ní mór na doiciméid agus an fhaisnéis uile a theastaíonn le bheith rannpháirteach sa phróiseas tairisceana a chur ar fáil do na tairgeoirí d'fhonn a chur ar a gcumas dóibh measúnú ceart a dhéanamh ar an gcuideachta a bhí ar díol. Cuireadh faisnéis den sórt sin ar fáil do thairgeoirí féideartha ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus bhí an rochtain chéanna ag gach rannpháirtí a raibh suim aige sa phróiseas ar fhaisnéis ábhartha.

(227) Ar an gcéad dul síos, luadh sa ghlao ar léirithe spéise nach mór do thairgeoirí a bheith in ann "*leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*". Ba é sin an t-aon critéar roghnúcháin a chuir an Iodáil i bhfeidhm chun cinneadh a dhéanamh ar cheart, nó nár cheart, ligean do pháirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana. Cé nár sonraíodh sa ghlao an bealach ar féidir le tairgeoirí a chruthú go gcomhlíonann siad an ceanglas sin, chiallaigh sé sin i bhfírinne go bhféadfaí aon mhodh cruthúnais iomchuí a úsáid ([78]). Measann an Coimisiún go raibh an critéar roghnúcháin sin soiléir do gach tairgeoir a raibh spéis aige sa phróiseas agus go raibh údar iomchuí leis freisin i bhfianaise an chuspóir a bhí aici.

(228) Ar an dara dul síos, rinneadh soiléir do pháirtithe leasmhara i nDlí 2009 go tabharfar coinbhinsiún nua/conradh nua seirbhíse poiblí i gcrích nuair a chríochnaítear an nós imeachta tairisceana agus gur socraíodh an t-uasmhéid bliantúil don chúiteamh seirbhíse poiblí ag EUR 10 030 606 mhilliún in aghaidh na bliana. Anuas air sin, sonraíodh sa ghlao ar léirithe spéise gurb é an chuspóir a bhí leis Laziomar a dhíol ar phraghas seasta de EUR 2 272 000. Thairis sin, mar a dheimhnigh an Iodáil, cuireadh an fhaisnéis ábhartha uile a mhéid a bhaineann le raon feidhme an díola, lena n-áirítear an conradh seirbhíse poiblí a bheadh le tabhairt i gcrích idir an ceannaitheoir agus an Iodáil, ar fáil do na seacht bpáirtí a ligeadh isteach sa chéad chéim eile den phróiseas tairisceana. Cheadaigh sé sin do na páirtithe sin cinneadh a dhéanamh an gcuirfidís tairiscint isteach nó nach gcuirfidís tairiscint isteach agus dá gcuirfidís an méid tairisceana a chuirfidís isteach. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún go raibh sé sách soiléir ón nglao ar léirithe spéise go raibh gnó Laziomar á dhíol le chéile le conradh nua seirbhíse poiblí. Tar éis dóibh a spéis a léiriú, tugadh rochtain do na páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis ábhartha uile ba ghá chun cinneadh a dhéanamh faoi thairiscint fhéideartha.

([76]) Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

([77]) Sa Teachtaireacht ar Choincheap na Cabhrach, feiceann an Coimisiún go dtagraíonn Cúirteanna an Aontais do nós imeachta tairisceana "oscailte" go minic i gcomhthéacs Státchabhrach. Ní thagraíonn an focal "oscailte", áfach, do nós imeachta sonrach faoi na Treoracha um Sholáthar Poiblí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil an focal "iomaíoch" níos oiriúnaí. Sa Teachtaireacht sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin nach bhfuil sé beartaithe atreorú ó na coinníollacha substaintiúla a leagtar amach sa chásdlí.

([78]) Thairis sin, mar a mhínítear thuas (féach aithris 221) ní raibh feidhme ag Airteagal 36(1) de Threoir 2004/18/CE maidir leis an tairiscint seo. Dá bhrí sin, ní raibh aon oibleagáid ag an Iodáil na critéir roghnúcháin a sholáthar sa ghlao.

(229) Ar an tríú dul síos, measann an Coimisiún gur mheall an glao ar léiriú spéise líon suntasach de thairgeoirí féideartha. Ina dhiaidh sin, fuair gach ceann de na seacht gcuideachta ar tugadh cuireadh dóibh dul isteach sa chéad chéim eile den phróiseas tairisceana faisnéis mhionsonraithe ó Réigiún Lazio faoin bpróiseas. Thairis sin, i gcomhréir le forálacha Threoir 2004/18/CE, is cosúil nach raibh aon oibleagáid ar an Iodáil a chur ar fáil sa ghlao aon fhaisnéis bhreise faoin gconradh a bhí le dámhachtain ach amháin tagairt bheag do leanúnachas i ndáil leis an tseirbhís phoiblí a sholáthar agus tagairt do na rialacha a rialaíonn an tseirbhís sin (féach aithris 221).

(230) Ar an gceathrú dul síos, bhí an t-íosmhéid faisnéise is gá chun léiriú spéise a chur isteach (i.e. leanúnachas na seirbhíse poiblí) le fáil sa ghlao, agus ní fhéadfadh sé a bheith ina chúis d'oibreoirí muirí eile a bhfuil spéis acu sa phróiseas a eisiamh uaidh. Ba é cinneadh na n-údarás pleanála leanúnachas na seirbhíse poiblí agus nascacht oileán oileánra Pontino leis an mórthír a áirithiú. Cuireadh an coinníoll sin in iúl roimh ré, mar a míníodh thuas, do gach tairgeoir féideartha a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach raibh aon smacht ag an Iodáil ar thairgeoirí féideartha ag an gcéim sin, rud a léiríonn nach raibh sé de rún ag na húdaráis phleanála, mar thoradh ar cheanglas sainordaitheach chun leanúint den tseirbhís phoiblí a chur leis an bpróiseas, a bheith fabhrach go roghnach d'aon tairgeoir féideartha i ndámhachtain an chonartha le haghaidh na seirbhíse poiblí agus úinéireacht ghnó Laziomar. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na critéir roghnúcháin agus forbairt bhreise an nóis imeachta sa litir chuiridh a seoladh chuig gach ceann de na seacht bpáirtí a ligeadh isteach sa chéim tairisceana.

(231) I gCinneadh 2012 uaidh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le *ceanglais áirithe airgeadais* de chuid na tairisceana (féach aithris 109) a forchuireadh ar thairgeoirí de bhua an chonartha seirbhíse poiblí, anuas ar na coinníollacha cáilíochtúla caighdeánacha a éilítear in aon chás mar oibleagáidí seirbhíse poiblí. Thairis sin, bhí amhras ar an gCoimisiún go nglacfaí le ceanglais den sórt sin i gcás, amhail an cás atá i gceist faoi láthair, ina gcuirtear cuideachta iomlán ar díol.

(232) Le linn an imscrúdaithe, áfach, fuair an Coimisiún faisnéis a mhaolaigh an imní sin. Go háirithe, chuir an Iodáil amach as an gcuireadh chun tairisceana na ceanglais airgeadais (i.e. méideanna réamhchinntithe láimhdeachais san earnáil iompair mhuirí) a d'fhágfadh go bhféadfadh cuideachtaí loingseoireachta, agus iad sin amháin, a bheith rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana (féach aithris 125). Tugann an Coimisiún dá aire go raibh Carpoint Motorsport S.p.A., ar cuideachta é atá gníomhach san earnáil mhiondíola agus mhórdhíola feithiclí de réir faisnéise atá ar fáil go poiblí, i measc na gcuideachtaí sin a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa tairiscint (féach aithris 61).

(233) Fáiltíonn an Coimisiún thairis sin roimh an treallús a léirigh Réigiún Lazio spreagadh a thabhairt don réimse ba leithne tairgeoirí agus ab fhéidir a bheith rannpháirteach sa nós imeachta, trí chead a thabhairt do thairgeoirí a bheith rannpháirteach ann go comhpháirteach trí bhíthin grúpálacha sealadacha tairgeoirí, cuibhreannas nó GELEnna (féach aithris 60).

(234) Ar bhonn a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go raibh an nós imeachta tairisceana iomaíoch agus trédhearcach nuair a bhreathnaítear air ina iomláine. Go háirithe, fógraíodh rún Réigiún Lazio gnó Laziomar a dhífheistiú agus conradh nua seirbhíse poiblí le fad 10 mbliana a thabhairt i gcrích leis an tairgeoir a n-éiríonn leis, go forleathan ar bhealach a tháinig chomh fada le gach tairgeoir féideartha ar an margadh réigiúnach agus idirnáisiúnta ábhartha. Thairis sin, cuireann an Coimisiún san áireamh go bhféadfadh tairgeoirí ionchasacha a spéis a chur in iúl go héasca agus nach raibh orthu gealltanas a thabhairt i leith aon rud ag an gcéim sin. Ar choinníoll go bhféadfaidís a léiriú gur chomhlíon siad an t-aon chritéar roghnúcháin a bhí ann, is é sin, leanúnachas na seirbhíse a ráthú, tugadh an fhaisnéis uile ba ghá agus am do na páirtithe sin chun cinneadh a dhéanamh an gcuirfidís tairiscint isteach agus dá gcuirfidís tairiscint isteach an méid tairisceana a chuirfidís isteach do ghnó Laziomar Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún go bhfaightear réidh leis an amhras a bhí air nach raibh an nós imeachta tairisceana trédhearcach go leordhóthanach mar gheall ar easnaimh sa ghlao ar léirithe spéise.

Cineál neamh-idirdhealaitheach na tairisceana

(235) Cuirtear i dtábhacht i mír 92 den Teachtaireacht maidir le Coincheap na Cabhrach gur coinníollacha fíor-riachtanacha iad láimhseáil neamh-idirdhealaitheach na dtairgeoirí uile ag gach céim den nós imeachta agus roghnú oibiachtúil agus critéir dhámhachtana a shonraítear roimh an bpróiseas chun a áirithiú go bhfuil an t-idirbheart a eascraíonn as i gcomhréir le dálaí an mhargaidh. Thairis sin, sonraítear sa mhír sin gur cheart go mbeifí in ann comparáid agus measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na tairgeoirí leis na critéir chun an conradh a dhámhachtain chun cóir chomhionann a ráthú.

(236) Mar a sonraíodh thuas, (féach aithris 227), bhí an t-aon choinníoll le fáil sa ghlao ar léirithe spéise, ba é sin, nach mór do thairgeoirí a bheith in ann "*leanúnachas na seirbhíse iompair mhuirí a ráthú*". Bhí gach ceann de na hocht bpáirtí a d'fhreagair an glao agus a chuir spéis in iúl ar an eolas faoin oibleagáid sin. Measann an Coimisiún go raibh an coinníoll sin oibiachtúil agus go ndearna é soiléir go leor do gach páirtí a raibh spéis aige sa ghlao ar léirithe spéise.

(237) Tugadh cuireadh do sheacht gcinn as na hocht dtairgeoir a léirigh spéis agus a ligeadh isteach sa chéad chéim eile den nós imeachta tairisceana ina dhiaidh sin tairiscint a chur isteach, tar éis dóibh uile an fhaisnéis chéanna a fháil (féach aithris 61).

(238) Dá bhrí sin, faightear réidh leis an imní a bhí ar an gCoimisiún i gCinneadh 2011 go mb'fhéidir nach raibh an glao ar léiriú spéise neamh-idirdhealaitheach go leordhóthanach. Cuireadh gach páirtí ar an eolas i gceart agus go cothrom feadh na gcéimeanna éagsúla den nós imeachta tairisceana, rud a chuir ar a gcumas dóibh tairiscint a dhéanamh agus eolas foriomlán acu ar an nós imeachta agus ar na ceanglais. Measann an Coimisiún freisin gur ceadaíodh do chomparáid agus measúnú oibiachtúil ar na tairgeoirí leis na critéir dhámhachtana.

Soláthar na seirbhísí ar an gcostas is lú don phobal a áirithiú

(239) Foráiltear i mír 65 de Theachtaireacht SGEI, bunaithe ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais, nach n-eisiann nós imeachta soláthair phoiblí Státchabhair a bheith ann ach amháin i gcás ina ligeann sé do roghnú an tairgeora is féidir an tseirbhís a sholáthar ag "an costas is lú don phobal".

(240) Sa chás seo, cuireadh an conradh nua seirbhíse poiblí in éineacht le gnó Laziomar amach ar tairiscint, seachas an conradh seirbhíse poiblí leis féin. Chinn an Iodáil go raibh an praghas díola ar ghnó Laziomar seasta (bunaithe ar luacháil a rinne saineolaí neamhspleách) agus nach raibh sé inchaibidle agus, i gcás an chonartha seirbhíse, roghnaigh an Iodáil an tairiscint ba bhuntáistí go heacnamaíoch agus 30 pointe scórála ag dul don phraghas agus 70 pointe ag dul do chritéir theicniúla (féach aithris 62).

(241) Maidir leis an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a úsáid, sonraítear i mír 67 de Theachtaireacht SGEI go meastar "an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch" (anuas ar "an praghas is ísle") le bheith leordhóthanach chun an ceathrú critéar *Altmark* a chomhlíonadh "*[…] ar choinníoll go bhfuil […] dlúthbhaint idir na critéir dhámhachtana agus ábhar na seirbhíse a sholáthraítear agus go gceadaíonn siad don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch luach an mhargaidh a mheaitseáil*" ([79]).

(242) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Iodáil béim ar oibreoir a soláthródh an tseirbhís ar ardchaighdeáin theicniúla agus cháilíochta a roghnú ag cur ceanglais áirithe san áireamh. A mhéid a bhaineann leis an miondealú ar na scóir uasta don tairiscint theicniúil (70 pointe) agus don thairiscint eacnamaíoch (30 pointe) chun an conradh a dhámhachtain, de réir chritéar na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch, agus í ag tagairt do thuairim a thug Comhairle Stáit na hIodáile (féach aithris 126), díríonn an Iodáil ar a thábhachtaí atá gnéithe cáilíochtúla na tairisceana mar bhealach chun leasuithe síos iomarcacha ar an bpraghas a sheachaint, rud ba dheacair a choinneáil gan cáilíocht na seirbhíse poiblí a bheith thíos leo. An tráth céanna, áitíonn an Iodáil go rabhthas in ann praghas níos fearr a fháil ar an tseirbhís de bharr an mhiondealaithe sin (féach aithris 127).

(243) Bhí an fhaisnéis uile ba ghá chun na tairiscintí airgeadais agus teicniúla a chomhlánú le fáil sa chuireadh chun tairiscint a chur isteach. A mhéid a bhaineann leis an tairiscint theicniúil go háirithe, ceanglaíodh ar na seacht n-oibreoir mhuirí ar tugadh cuireadh dóibh tairiscint a chur isteach faisnéis mhionsonraithe a sholáthar ina dtabharfaí tuairisc ar na socruithe bainistíochta agus ar na coinníollacha a ndéanfaidís dá réir i gcaitheamh na tréimhse iontaoibhe ina hiomláine. Go háirithe, b'éigean do na hoibreoirí na nithe seo a leanas a thaispeáint: i) tionscnaimh feabhsúcháin bainistíochta spriocdhírithe (e.g. cairt seirbhíse, beartas margaíochta agus cumarsáide, plean margaíochta ar líne, optamú acmhainní daonna agus soithí – 10 bpointe); ii) socruithe le haghaidh athchóiriú an chabhlaigh (e.g. forbairt ar mheánaois an chabhlaigh, comhlíontacht le saintréithe íosta feidhmeacha soithí, amhail toisí, compord, luas, córas slándála, etc. – 40 pointe); agus iii) leithdháileadh soithí chun an cabhlach atá ann faoi láthair a fhorlíonadh (i.e. saintréithe teicniúla a sholáthar i gcomhair gach ceann de na soithí (lena n-áirítear an líne) a bheartaíonn an t-oibreoir a úsáid chun na seirbhísí a dhéanamh – 20 pointe). Is léir go mbaineann na ceanglais sin go dlúth le soláthar na seirbhíse muirí agus go gcuireann siad luach breise leis. Dá bhrí sin, measann an

([79]) Féach freisin mír 96 den Teachtaireacht ar Choincheap na Cabhrach.

Coimisiún gur chuir úsáid na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch maidir leis an tseirbhís lena mbaineann in éineacht le díol ghnó Laziomar ar a cumas don Iodáil iomaíocht éifeachtach a chruthú agus seirbhís a fháil ar an luach is airde agus is féidir agus ar an gcostas is lú don phobal. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur lú i bhfad an luach saothair bliantúil a dámhadh do CLN as an tseirbhís mhuirí a sholáthar ná an uasmhéid bliantúil cúitimh a mhol Réigiún Lazio ag tús na tairisceana (féach aithris 75).

(244) A mhéid a bhaineann go sonrach leis an tseirbhís a chur ar tairiscint in éineacht le díol ghnó Laziomar, i gCinneadh 2012, thug an Coimisiún an réamhthuairim go mbeadh costas ní b'ísle don phobal mar thoradh ar chonradh nua seirbhíse poiblí a chur ar tairiscint gan oibleagáid chun soithí Laziomar is gá le haghaidh fheidhmiú na seirbhíse poiblí a shealbhú.

(245) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid thuas cheana féin go raibh an nós imeachta tairisceana trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach go leordhóthanach chun rannpháirtíocht a oiread tairgeoirí féideartha agus arbh fhéidir a chumasú. Go deimhin, i ndiaidh fhoilsiú forleathan an ghlao ar léiriú spéise, d'fhreagair ocht n-oibreoir mhuirí go dearfach agus ligeadh seacht gcinn isteach sa chéim tairisceana. Soláthraíodh an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an nós imeachta tairisceana sa litir chuiridh a seoladh chuig na seacht n-oibreoir sin.

(246) I ndiaidh chéim an léirithe spéise, cuireadh 1 tairiscint iomaíoch amháin isteach (CLN), agus rinne Réigiún Lazio meastóireacht uirthi, ag cur a thairiscint theicniúil agus airgeadais san áireamh.

(247) Tá dlúthbhaint idir an coinníoll sainordaitheach chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a ráthú agus na sócmhainní a chur ar tairiscint in éineacht le hoibleagáidí seirbhíse poiblí. Go háirithe, trí dhíol Laziomar a chur ar tairiscint in éineacht le conradh nua seirbhíse poiblí, bíonn an sealbhóir, CLN, faoi réir an cheanglais chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a ráthú go huathoibríoch agus dámhtar an tosaíocht feistithe dó. Measann an Coimisiún nach bhfuil praghas níos ísle mar thoradh ar ghnó Laziomar a chur ar tairiscint in éineacht leis an gconradh nua seirbhíse poiblí agus dámhachtain na tosaíochta feistithe ná nuair a chuirtear é sin i gcomparáid leis na sócmhainní agus an conradh seo a dhíol ar leithligh, ar son na gcúiseanna seo a leanas.

(248) Is leis an tseirbhís phoiblí a sheachadadh agus leanúnachas críche a áirithiú amháin a bhain gnó Laziomar. Mar sin féin, úsáideadh go dtí seo, agus úsáidtear faoi láthair, gach soitheach de chuid Laziomar ar son na seirbhíse poiblí. Ní féidir argóint a dhéanamh dá bhrí sin go mbainfeadh díoltóir príobháideach praghas níos airde amach dá ndíolfaí na soithí sin, nó cuid díobh, in éagmais an choinníll sin. De réir na faisnéise a sholáthair an Iodáil agus de réir meastóireachta le saineolaí neamhspleách a choimisiúnaigh Réigiún Lazio (féach aithrisí 66 agus 67), tá soithí Laziomar sean go maith (idir 22 bhliain agus 32 bhliain d'aois) agus is gá uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar na hinnill agus ábhair eile (e.g. ábhair tógála cabhlach) tar éis an oiread sin uaireanta an chloig oibríochta in imeacht na mblianta úsáide. Dá bhrí sin, is beag an t-éileamh tráchtála a bheadh ar na soithí mura gceannófaí iad d'fhonn infheistíocht a dhéanamh iontu agus athchóiriú agus nuachóiriú a dhéanamh orthu laistigh de thréimhse ghearr. Mar sin féin, ní dócha go ndíolfaí na soithí chun críoch loingseoireachta, ach amháin dá mbeadh an coinníoll chun leanúint den tseirbhís phoiblí mar chuid den mhargadh, ar phraghas níos airde ná an méid a buiséadaíodh ina leith.

(249) Ina theannta sin, dá ndíolfaí Laziomar ar leithligh, measann an Coimisiún nach dócha go mbeadh fáil éasca ag tairgeoirí féideartha ar acmhainní suntasacha den sórt sin (lena n-áirítear 4 shoitheach agus trealamh tionsclaíoch agus tráchtála) lena n-imlonnú chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa chonradh nua seirbhíse poiblí a oibriú. Is fíor sin go háirithe ós rud é go bhfuil ceanglais shonracha sa chonradh nua maidir leis na soithí atá le húsáid ar na bealaí éagsúla seirbhíse poiblí (féach aithris 243). Is dócha go n-úsáidfeadh aon oibreoir a raibh na hacmhainní ba ghá aige iad cheana féin ar bhealaí eile agus gur cinnte go mbeadh caillteanas ioncam óna n-úsáid roimhe sin mar thoradh ar a athlonnú i gcomhréir leis an gconradh nua seirbhíse poiblí.

(250) Measann an Coimisiún dá bhrí sin gur ceadaíodh do phraghas ní b'airde a fháil le haghaidh soithí Laziomar trína gcur ar tairiscint in éineacht leis an gconradh seirbhíse poiblí ós rud é go bhfaigheadh sealbhóir na n-árthach cúiteamh seirbhíse poiblí ar feadh tréimhse 10 mbliana mar chúiteamh ar na hárthaigh a oibriú ar na bealaí seirbhíse poiblí. Anuas air sin, chinnfeadh aon díoltóir eacnamaíoch de chuid an mhargaidh le Laziomar a dhíol in éineacht le conradh nua seirbhíse poiblí chun an praghas is airde a fháil. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún nár chuir an Iodáil coinníollacha ar dócha go laghdóidís an praghas nó nár n-iarrfadh díoltóir príobháideach.

(251) Measann an Coimisiún go bhfaightear réidh leis an amhras a bhí aige nach bhféadfadh costas ní b'ísle don phobal a bheith mar thoradh ar an gconradh nua seirbhíse poiblí a chur ar tairiscint in éineacht le gnó Laziomar.

(252) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go raibh fíoriomaíocht ann go dtí deireadh an nós imeachta tairisceana de bharr gur úsáideadh an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch maidir leis an gconradh nua seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar.

Bearta láidre coimirce i ndearadh an nós imeachta nuair nach gcuirtear ach 1 tairiscint amháin isteach

(253) Ar bhonn an measúnú a thuairiscítear thuas (féach aithrisí 224 go 252), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go raibh an nós imeachta tairisceana oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach i gcomhréir le rialacha an tsoláthair phoiblí. Luaitear i mír 68 de Theachtaireacht SGEI, áfach, "*maidir le nósanna imeachta i gcás nach gcuirtear ach tairiscint amháin isteach, ní féidir a mheas go bhfuil an tairiscint leordhóthanach chun a áirithiú go mbeidh an costas is lú don phobal mar thoradh ar an nós imeachta*".

(254) Dá réir sin, i bhfianaise nár chuir ach CLN tairiscint isteach sa nós imeachta tairisceana le haghaidh Laziomar (lenar áiríodh an conradh nua seirbhíse poiblí), ní bheadh tairiscint den sórt sin leordhóthanach de ghnáth chun a áirithiú nach raibh buntáiste ann don bhuaiteoir.

(255) Shoiléirigh an Coimisiún, áfach, an seasamh a chuirtear in iúl i mír 68 de Theachtaireacht SGEI ina Threoir SGEI ([80]), áfach, tríd an méid a leanas a lua: *'ní fhágann sin nach féidir cásanna a bheith ann inar féidir le tairiscint amháin, de bharr bearta coimirce thar a bheith láidir a bheith i ndearadh an nós imeachta, a bheith leordhóthanach chun soláthar na seirbhíse 'ar an gcostas is lú don phobal' a áirithiú*".

(256) Measann an Coimisiún, sa chás atá faoi mheasúnú, gurbh ann do bhearta coimirce den sórt sin. Go sonrach:

(1) Eagraíodh an nós imeachta tairisceana ar bhealach ina ndéanfaí spéis tairgeoirí ionchasacha a uasmhéadú. Thairis sin, níor ghá do na tairgeoirí ionchasacha sin nósanna imeachta a raibh ualach mór ag baint leo a leanúint agus níor ghá dóibh costais shuntasacha a thabhú chun a spéis a chur in iúl. Mar thoradh air sin, fuarthas ocht léiriú spéise agus iarradh ar sheacht gcinn díobh tairiscint a chur isteach (féach aithris 237);

(2) Roghnaigh an Iodáil an nós imeachta tairisceana srianta chun an conradh seirbhíse a dhámhachtain (féach aithris 59), ar próiseas dhá chéim é nach gceadaítear ach d'oibreoirí ar tugadh cuireadh dóibh bheith rannpháirteach sa chéim tairisceana tairiscintí a chur isteach. De réir mhír 66 de Theachtaireacht SGEI, *'[...] is féidir le nós imeachta srianta an ceathrú critéar Altmark a chomhlíonadh freisin, mura rud é go gcuirtear cosc gan cúiseanna bailí ar oibreoir a bhfuil suim aige ann tairiscint a chur isteach'*. Go deimhin, i gcás na tairisceana seo, d'fhan seacht dtairgeoir (as na hocht gcinn a léirigh spéis ar dtús) sa chéim tairisceana (féach aithris 61), rud é a léiríonn go raibh fíoriomaíocht ann go dtí deireadh an nós imeachta tairisceana. Is iondúil go dtugann nós imeachta srianta níos mó ama do thairgeoirí meastóireacht a dhéanamh ar a dtairiscint sula gcuireann siad isteach í. Measann an Coimisiún, bunaithe ar a bpróifíl, gur dócha go raibh cúig cinn ar a laghad de na tairgeoirí féideartha a bhí fós ann (i.e. NLG, Traghetti Lines, Navigazione Generale Italiana S.p.A., Vetor agus Ustica Lines, a bhfuil an ceann deireanach sin ag oibriú faoin ainm Liberty Lines anois) in ann (de bharr a dtaithí agus a gcuid acmhainní airgeadais) tairiscintí a dhéanamh nó go raibh fíorspéis acu i dtairiscint a dhéanamh (e.g. bhí NLG agus Vetor gníomhach cheana ar chuid de na bealaí a bhfuil Laziomar ag seoladh orthu (féach Tábla 9), agus is oibreoirí muirí fadbhunaithe iad na cuideachtaí eile a bhfuil gníomhaíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta acu);

(3) Sa chuireadh chun tairisceana a seoladh chuig na seacht n-oibreoir a léirigh spéis bhí praghas seasta EUR 2 272 000 ar dhíol scaireanna uile Laziomar, nach raibh faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise aon tairiscint eile d'aon chineál (féach aithris 62). Tugann an Coimisiún dá aire gur chinn saineolaí neamhspleách praghas díola Laziomar bunaithe ar dhálaí ábhartha eacnamaíocha agus margaidh an tráth sin agus gur praghas seasta a bhí ann sa nós imeachta tairisceana. Mar sin féin, bhí na rannpháirtithe uile ar an eolas faoin bpraghas sin agus ní dhearna siad aon ghearán a mhéid a bhaineann lena raon feidhme ná a leibhéal. Ina theannta sin, sa chuireadh chun tairisceana bhí uasluach saothair bliantúil as an tseirbhís phoiblí, arna shocrú ag Réigiún Lazio ag EUR 14 300 550 in aghaidh na bliana, glan ó CBL iníoctha le 10 mbliana. Tugadh cuireadh do na rannpháirtithe uile tairiscintí níos fearr a chur isteach a mhéid a bhaineann leis an luach saothair bliantúil sin as

([80]) Ar dhóigh níos sonraí, féach freagra an Choimisiúin ar cheist 68 ina Dhoiciméad Inmheánach Oibre "Treoir maidir le rialacha an Aontais i dtaca le státchabhair, soláthar poiblí agus an margadh inmheánach a chur i bhfeidhm maidir le seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta" an 29 Aibreán 2013 (féach: http://ec.europa.eu/competition/state_aid/overview/new_guide_eu_rules_procurement_en.pdf).

an tseirbhís phoiblí ar bhonn critéir theicniúla áirithe. Is beart coimirce láidir go maith é sin chun a áirithiú go bhfaightear an tairiscint is ísle agus is féidir i dtéarmaí luach saothair bliantúil as an tseirbhís phoiblí (agus an costas is lú don phobal dá bharr) agus nach ndíspreagtar tairgeoirí ó thairiscint a chur isteach.

(257) Measann an Coimisiún, i bhfianaise na mbeart coimirce thuas, go raibh an nós imeachta leordhóthanach chun soláthar na seirbhíse ar an gcostas ba lú don phobal a áirithiú, fiú murar cuireadh ach 1 tairiscint amháin isteach sa deireadh ([81]).

(258) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíontar critéar *Altmark* 4 sa chás seo.

(259) Ós rud é go gcomhlíontar go carnach na ceithre choinníoll a leag Cúirt an Bhreithiúnais amach i gcás *Altmark*, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach dtugtar buntáiste eacnamaíoch do Laziomar ná dá fhaighteoir, CLN, de bharr an conradh nua seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar agus an tosaíocht feistithe a bheith dáfa do Laziomar.

5.1.2.5. Conclúid

(260) Ó tharla nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach Státchabhair é dámhachtain an chonartha seirbhíse poiblí arna chuachadh le gnó Laziomar agus na tosaíochta feistithe do Laziomar agus dá fhaighteoir de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.1.3. *Na bearta a leagtar síos le Dlí 2010*

(261) Thug an Coimisiún an réamhthuairim i gCinneadh 2011 gur Státchabhair iad na bearta a leagtar síos le Dlí Foraithne Uimh. 125/2010 arna thiontú le leasuithe i nDlí 2010, i bhfabhar cuideachtaí d'iar-Ghrúpa Tirrenia, a fhad is go bhfuil na tairbhithe in ann na bearta sin a úsáid chun riachtanais leachtachta a chumhdach agus dá bhrí sin a staid airgeadais fhoriomlán a fheabhsú.

(262) Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, measann an Coimisiún gur cheart measúnú a dhéanamh ar na trí bheart ar leithligh.

5.1.3.1. An úsáid a d'fhéadfadh a bheith arna baint as cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta

(263) Acmhainní stáit: Dhámh an Stát na cistí atá i gceist óna bhuiséad féin (féach aithris 84) agus cumasaíodh a n-úsáid chun críoch leachtachta le Dlí 2010. Dá bhrí sin, tá an beart inchurtha i leith an Stáit agus tugtar é trí acmhainní Stáit.

(264) Roghnaíocht: níor deonaíodh an beart sin ach do chuideachtaí iar-Ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, agus is beart roghnach é dá bhrí sin. Le haghaidh iomláine, tugann an Coimisiún dá aire nár deonaíodh an beart sin do CLN.

(265) Buntáiste eacnamaíoch: de réir na hIodáile, thairbhigh Caremar (an tráth sin) de na cistí atá i gceist chun obair nuachóirithe a dhéanamh ar an gcabhlach a bhí á úsáid in oileánra Pontino lena thabhairt i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Bhí dhá aonad de chabhlach Caremar i gceist le cuid de na hoibreacha agus aistríodh saor in aisce ina dhiaidh sin iad chuig Laziomar (féach aithris 132). Dá bhrí sin, níor úsáideadh na cistí sin riamh chun críoch leachtachta (féach aithris 132) agus níor aimsigh an Coimisiún aon fhianaise chun tacú lena mhalairt.

(266) Ós rud é nár úsáid Laziomar na cistí sin chun críche leachtachta chun costais a sheachaint, a mbeadh air amhlaidh a dhéanamh de ghnáth chun an chuideachta a chumhdach trí bhíthin a acmhainní airgeadais, níl an t-amhras a cuireadh in iúl i gCinneadh 2011 bailí a thuilleadh agus measann an Coimisiún nár tugadh aon bhuntáiste eacnamaíoch do Laziomar trí úsáid na gcistí sin dá bhrí sin.

(267) Conclúid: ó tharla nach gcomhlíontar gach ceann de na critéir a leagtar síos in Airteagal 107(1) CFAE, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach Státchabhair é an beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

([81]) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an cás seo éagsúil ó chásanna eile nár cuireadh ach aon tairiscint amháin isteach iontu. I dtaca leis sin agus mar réasúnaíocht shonrach, féach Cinneadh (AE) 2020/1412 (aithrisí 404 agus 405).

5.1.3.2. Díolúintí fioscacha a bhaineann leis an bpróiseas príobháidithe

(268) Mar a thugtar tuairisc air in aithris 86, de bhun Airteagal 1 de Dhlí 2010, tá díolúine ag roinnt gníomhartha agus oibríochtaí a rinneadh chun grúpa Tirrenia a phríobháidiú agus mar a thugtar tuairisc air i mír 1 go 15 d'Airteagal 19-*ter* de Dhlí Foraithne 135/2009, arna thiontú le modhnuithe isteach i nDlí 2009, ó chánacha a bheadh dlite ar na gníomhaithe agus oibríochtaí sin de ghnáth.

(269) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach mór measúnú a dhéanamh ar thrí thacar éagsúla aistrithe: (1) aistrithe iar-fhochuideachtaí Tirrenia, is iad sin Caremar, Saremar agus Toremar, ó Tirrenia chuig Réigiúin Campania, na Sairdíne agus na Tuscáine, (2) aistriú ghnó Laziomar ó Réigiún Campania chuig Réigiún Lazio, agus (3) aistriú ghnó Laziomar ó Réigiún Lazio chuig CLN. Is iad na cánacha a bhfuil díolúine ina leith dleacht chlárúcháin, táillí clárúcháin chlár talún agus morgáiste, dleacht stampála (ar a dtugtar "na cánacha indíreacha" le chéile), CBL agus cáin chorparáide go háirithe. Bheadh an díoltóir, an ceannaitheoir, nó an dá pháirtí ina dtairbhithe den bheart cabhrach sin. Ní dhéanfar measúnú sa Chinneadh seo ach ar an dara agus an tríú tacar aistrithe ([82]).

(270) Ar dtús, glacann an Coimisiún leis nach raibh aistriú ghnó Laziomar idir Réigiún Campania agus Réigiún Lazio faoi réir cáin chorparáide (ó tharla nár íocadh aon chomaoin ina leith) ná faoi réir CBL (nach bhfuil infheidhme maidir le hidirbhearta den sórt sin faoin dlí náisiúnta). A mhéid a bhaineann leis na cánacha indíreacha, maidir leis na cinn nach raibh iníoctha, faoin dlí náisiúnta, ach ag na faighteoirí, bhí siad iníoctha sa chás seo ag Réigiún Lazio ag gníomhú dó laistigh dá chúram poiblí, i.e. mar eintiteas Stáit. Dá réir sin, ní cháilíonn sé mar ghnóthas. Ní dhéanfar tuilleadh measúnaithe sa Chinneadh seo dá bhrí sin ar aon cheann de na díolúintí cánach réamhluaite.

(271) A mhéid a bhaineann leis an tríú haistriú, ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire go meastar, faoi Fhoraithne Uimh. 633 ón Uachtarán an 26 Deireadh Fómhair 1972, nach soláthar earraí iad aistrithe gnóthas leantach ná aonad gnó chuig cuideachta eile agus nach dtagann siad faoi raon feidhme CBL dá réir. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhfuil idirbhearta amhail díol ghnó Laziomar chuig CLN faoi réir CBL, ní fhéadfadh sé gur thug an díolúine cánach buntáiste do Laziomar i ndáil le CBL. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire go sonraítear go soiléir i gconradh díolacháin ghnó Laziomar go bhfuil ar an gceannaitheoir, i.e. CLN, íoc as na costais uile a bhaineann leis an díol (i.e. táillí clárúcháin, costais nótaire, táillí clárúcháin chlár talún, etc.), gan tagairt d'aon díolúine atá ag CLN maidir leis na costais sin. A mhéid a bhaineann le díolúine ó cháin chorparáide, measann an Coimisiún nach mbeadh feidhm ag cáin den sórt sin ach maidir le toradh an díola. Sa chás seo, áfach, cheannaigh CLN Laziomar ó Réigiún Lazio, rud a chiallaíonn go raibh an t-idirbheart sin ina chaiteachas ag CLN agus nach bhféadfadh aon cháin chorparáide a bheith dlite dá thoradh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an mbeart sin maidir le CLN. Measann an Coimisiún, i bhfianaise a bhfuil thuas, nár thairbhigh Laziomar ná CLN de na díolúintí fioscacha sin.

(272) Ar na cúiseanna sin, ní Státchabhair aon cheann de na díolúintí cánach a luaitear de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.1.3.3. An fhéidearthacht a bhaineann le hacmhainní FAS a úsáid chun freastal ar riachtanais leachtachta

(273) I gCinntí 2011 agus 2012, luaigh an Coimisiún an fhéidearthacht go mbainfeadh na hiarchuideachtaí den Ghrúpa Tirrenia úsáid as acmhainní FAS d'fhonn riachtanais leachtachta reatha a shásamh. Mar sin féin, i gcaitheamh nós imeachta an imscrúdúcháin fhoirmiúil, shoiléirigh an Iodáil nach raibh na hacmhainní FAS ceaptha dá n-úsáid mar chúiteamh breise le haghaidh Laziomar nó CLN (nó d'aon chuideachta den iar-Ghrúpa Tirrenia ná a sealbhóirí faoi seach). Ina ionad sin, cuireadh na hacmhainní sin ar fáil mar fhorlíonadh ar na leithreasuithe buiséid chun na cúitimh sheirbhíse poiblí a íoc le cuideachtaí den iar-Ghrúpa Tirrenia, dá dtarlódh sé nár leordhóthanach na leithreasuithe buiséid sin. Go deimhin, cumasaíodh na réigiúin le hAirteagal 1, mír 5-*ter* de Dhlí 2010, chun úsáid a bhaint as na hacmhainní FAS le cuid den c(h)úiteamh seirbhíse poiblí tráthrialta a chistiú, agus dá réir chun leanúnachas na seirbhísí poiblí muirí a áirithiú. I bhfocail eile, ní bhaineann an beart seo ach le leithdháileadh acmhainní i mbuiséad Stáit na hIodáile chun na cúitimh seirbhíse poiblí a íoc.

(274) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil na hacmhainní FAS ach ina bhfoinse chistithe chun caoi a thabhairt don Stát na cúitimh sheirbhíse poiblí a íoc (a dheonaítear ar bhonn an Choinbhinsiúin tosaigh fhadaithe) agus nach ionann iad agus beart dar féidir le Laziomar tairbhiú i dteannta na gcúiteamh seirbhíse poiblí sin. Dá bhrí sin, ní Státchabhair í úsáid fhéideartha acmhainní FAS de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

([82]) Rinneadh measúnú ar an gcéad shraith aistrithe i gCinneadh (AE) 2020/1412 (féach aithris 418).

5.1.4. *An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann*

(275) Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, suíonn an Coimisiún an méid seo a leanas:

— an cúiteamh do Laziomar as bealaí muirí a oibriú sa tréimhse 1 Meitheamh 2011 – 14 Eanáir 2014, is Státchabhair é sin de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— comhlíonann dámhachtain an chonartha nua seirbhíse poiblí le haghaidh na tréimhse 15 Eanáir 2014 – 14 Eanáir 2024, arna chuachadh le gnó Laziomar agus leis an tosaíocht feistithe do Laziomar agus dá fhaighteoir CLN, na ceithre choinníoll *Altmark*, agus is amhlaidh dá réir nach Státchabhair í de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— ó tharla nár úsáid Laziomar na cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta, mar a cumasaíodh le Dlí 2010, níl an beart sin ina Státchabhair le Laziomar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE;

— Maidir leis na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Laziomar agus an fhéidearthacht acmhainní FAS a úsáid chun éilimh leachtachta a shásamh, mar a leagtar síos le Dlí 2010, ní Státchabhair le Laziomar iad de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

5.2. **Dleathacht na cabhrach**

(276) Cuireadh an beart cabhrach faoi raon feidhme an Chinnidh seo i bhfeidhm sular fhormheas an Coimisiún go foirmiúil é. Dá bhrí sin, a mhéid nach raibh an beart cabhrach sin díolmhaithe ó fhógra a thabhairt de réir Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2005 nó Cinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011, dheonaigh an Iodáil an beart cabhrach sin de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE ([83]).

5.3. **Comhoiriúnacht na cabhrach**

(277) Ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an chúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh i bhfianaise Airteagal 106(2) CFAE.

5.3.1. *Rialacha is infheidhme*

(278) Mar atá luaite thuas cheana, rinneadh fadú an Choinbhinsiún tosaigh i ndiaidh dheireadh 2008 le gníomhartha dlíthiúla ina dhiaidh sin, mar a leanas:

(a) Le Dlí Foraithne Uimh. 207 an 30 Nollaig 2008, arna thiontú sa Dlí Uimh. 14 an 27 Feabhra 2009, leagtar síos fadú na gCoinbhinsiún tosaigh ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009;

(b) Le Dlí Foraithne Uimh. 135 an 25 Meán Fómhair 2009, arna thiontú sa Dlí 2009, leagtar síos *inter alia* fadú na gCoinbhinsiún tosaigh ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 30 Meán Fómhair 2010;

(c) Le Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010, arna thiontú sa Dlí ó 2010, inar foráladh maidir le fadú breise leis na Coinbhinsiúin tosaigh idir 1 Deireadh Fómhair 2010 agus deireadh an phróisis phríobháidithe ar Tirrenia agus Siremar; agus

(d) Dlí Uimh. 228 ó Réigiún Lazio an 24 Nollaig 2012, lena ndeimhnítear an oibleagáid atá ar Laziomar leanúnachas críche bhealaí oileánra Pontino a áirithiú go dtí a phríobháidiú.

(279) Ina fhianaise sin, tugann an Coimisiún dá aire gur deonaíodh an cúiteamh seirbhíse poiblí faoin bhfadú deireanach ar an gCoinbhinsiún tosaigh tar éis do Chinneadh 2011 SGEI agus do Chreat 2011 SGEI teacht i bhfeidhm, ach go ndearnadh na chéad trí fhadú sular tháinig an creat reachtach i bhfeidhm. Sa chomhthéacs deiridh, faightear rialacha i bpacáiste sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011, áfach, – in Airteagal 10 de Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ó 2011 agus i mír 69 de Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ó 2011 – rialacha lena bhforáiltear maidir lena chur i bhfeidhm freisin ar chabhair a deonaíodh sular tháinig pacáiste maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011 i bhfeidhm an 31 Eanáir 2012. Go háirithe, foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 10(b) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta:

([83]) Déanfaidh an Coimisiún measúnú arbh amhlaidh a bhí an scéal i ndáiríre i roinn 5.3.1.

'haon chabhair a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo [i.e., roimh an 31 Eanáir 2012] nach raibh comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ná nach raibh díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005/842/CE ach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo; beidh sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt roimh ré.'

(280) Maidir le Creat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011, sonraítear i míreanna 68 agus 69 den Chreat sin go gcuirfidh an Coimisiún na prionsabail a leagtar amach sa Chreat i bhfeidhm ar gach tionscadal cabhrach dá dtugtar fógra, gan beann ar tugadh fógra roimh nó ina dhiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Chreata sin ar an 31 Eanáir 2012, agus freisin ar gach cabhair neamhdhleathach ar a ndéanann sé cinneadh tar éis 31 Eanáir 2012, fiú má deonaíodh an chabhair sin roimh 31 Eanáir 2012. Sa chás deireanach sin, ní hinfheidhme iad forálacha mhíreanna 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(281) Dá thoradh sin, ciallaítear leis na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta mar a thuairiscítear thuas gur féidir an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar i rith tréimhse an fhadaithe a mheasúnú de bhun Phacáiste 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta. Má chomhlíontar na coinníollacha ábhartha i gceachtar de Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011, ná Creat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011, tá an beart cabhrach sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach go ceann na tréimhse iomláine idir 1 Meitheamh 2011 agus 14 Eanáir 2014 ([84]).

(282) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu a chomhlíonann an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar le linn thréimhse an fhadaithe coinníollacha Chreat 2011 SGEI nó nach gcomhlíonann.

(283) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil Cinneadh 2011 SGEI infheidhme ach maidir le Státchabhair i bhfoirm cúitimh seirbhíse poiblí ar naisc mhuirí le hoileáin nach bhfuil an meánlíon paisinéirí bliantúil i rith an 2 bhliain airgeadais roimh an gceann inar sannadh SGEI níos mó ná 300 000 paisinéir (Airteagal 2(1)(d)). Mar a thugtar tuairisc in aithris 141, chuir an Iodáil figiúirí i láthair a léiríonn nach sáraítear an tairseach sin ar aon cheann de bhealaí Laziomar. Tagann an Coimisiún ar an gconclúid dá bhrí sin go gcomhlíontar coinníoll Airteagal 2(1)(d) de Chinneadh 2011 SGEI.

(284) Thairis sin, de réir Airteagal 4 de Chinneadh SGEI, áireofar leis an ngníomh iontaoibhe, i measc nithe eile, tagairt do chur i bhfeidhm an Chinnidh sin. Tugann an Coimisiún dá aire nach n-áirítear aon tagairt den sórt sin leis an gconradh seirbhíse poiblí idir Réigiún Lazio agus Laziomar ná le haon cheann de na doiciméid a ghabhann leis. Dá thoradh sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíontar Airteagal 4 agus nach féidir measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht an chúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar le linn thréimhse an fhadaithe faoi Chinneadh 2011 SGEI.

(285) Dá dhroim sin, ba ghnách go dtiocfadh comhoiriúnacht an chúitimh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar amhail 2011 agus go dtí críochnú an phróisis phríobháidithe faoi raon feidhme chur i bhfeidhm Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(286) Sa chomhthéacs sin, áfach, i bhfianaise go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 2(1)(d) de Chinneadh 2011 SGEI, tá feidhm ag mír 61 de Chreat 2011 SGEI. Ar an mbonn sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar le linn thréimhse iomlán an fhadaithe le coinníollacha Chreat 2011 SGEI, cé is moite de na coinníollacha i míreanna 14, 19, 20, 24, 39 agus 60 de.

([84]) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire, an fhoráil idirthréimhseach a fhaightear in Airteagal 10(a) de Chinneadh 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ina sloinntear maidir le haon scéim chabhrach a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh sin (i.e. roimh 31 Eanáir 2012), a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus díolmhaithe ón gceanglas fógra a thabhairt i gcomhréir le Cinneadh 2005 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, go leanfaidh sí ar aghaidh de bheith comhoiriúnach agus díolmhaithe go ceann tréimhse dhá bhliain eile (i.e. go dtí 30 Eanáir 2014 agus an dáta sin san áireamh). Ciallaíonn sé sin go measfar an chabhair a deonaíodh faoi scéim den sórt sin le linn na tréimhse idir theacht i bhfeidhm Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2005 ar an 19 Nollaig 2005 agus teacht i bhfeidhm Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011 ar an 31 Eanáir 2012 a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ach ón dáta ar deonaíodh í dtí an 30 Eanáir 2014, agus an dá dáta sin san áireamh, amháin. In aon chás, maidir leis an gcabhair a deonaíodh ón 31 Eanáir 2012 ar aghaidh, níl an fhoráil idirthréimhseach d'Airteagal 10(a) de Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011 infheidhme agus ní mór an measúnú comhoiriúnachta a dhéanamh de bhun Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta 2011.

5.3.2. *Fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 106 CFAE*

(287) De réir mhír 12 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "ní mór an chabhair a dheonú d'fhíorsheirbhís a ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta léi agus atá sainithe i gceart dá dtagraítear in Airteagal 106(2) den Chonradh". Soiléirítear le mír 13 "[nach] féidir le Ballstáit oibleagáidí sonracha seirbhíse poiblí a cheangal le seirbhísí atá á soláthar cheana ag gnóthais a oibríonn faoi ghnáthdhálaí margaidh nó ar féidir leo iad a sholáthar go sásúil agus faoi choinníollacha, amhail praghas, saintréithe cáilíochta oibiachtúla, leanúnachas agus rochtain ar an tseirbhís, ar bhealach atá comhsheasmhach le leas an phobail, mar a shainíonn an Stát. Maidir leis an gceist cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an margadh seirbhís a sholáthar, tá measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu atá nó nach bhfuil sainiú an Bhallstáit curtha ó bhail mar gheall ar earráid fhollasach, mura soláthraítear caighdeán níos doichte le forálacha dhlí an Aontais". Ar deireadh, tagraítear i mír 56 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, do "chorrlach lánroghnach a bheith ag an mBallstát" maidir leis an gcineál seirbhísí a bhféadfaí a aicmiú mar sheirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

(288) Ní mór an measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil an leas eacnamaíoch ginearálta atá ag gabháil leis an tseirbhís fíor a dhéanamh freisin i bhfianaise na Teachtaireachta maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (féach aithrisí 170 agus 186), i bhfianaise an Rialacháin maidir le Cabatáiste Muirí (féach aithrisí 173, 174 agus 175) agus i bhfianaise an chásdlí (féach aithrisí 176 agus 177). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas le haghaidh thréimhse an fhadaithe:

(1) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, **éileamh ó úsáideoirí** ann;

(2) Cibé acu an raibh, nó nach raibh, na hoibreoirí margaigh in ann an t-éileamh sin a chomhlíonadh in éagmais oibleagáid a fhorchuireann na húdaráis phoiblí (**teip mhargaidh a bheith ann**); agus

(3) Bhí comhairle maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí amháin neamhleor chun an easpa sin a leigheas (**an cur chuige lena mbaineann an dochar is lú**).

(289) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na bealaí seirbhíse poiblí a d'oibrigh Laziomar le linn thréimhse an fhadaithe mar an gcéanna leo siúd a cuireadh ar a iontaoibh faoin gconradh nua seirbhíse poiblí, ach amháin nach raibh ach cúig bhealach ann le linn thréimhse an fhadaithe (féach aithris 43) agus go bhfuil dhá bhealach breise curtha leo faoin gconradh nua seirbhíse poiblí ag nascadh Terracine le Ponza (Líne T3) agus le Ventotene (Líne T4) (féach aithris 72). Anuas air sin, thug an Coimisiún tuairisc agus rinne sé measúnú cheana féin ar an staid iomaíoch ar na bealaí sin le linn na tréimhse sínithe. In aghaidh an chúlra sin, beidh an measúnú seo a leanas ag brath ar, agus tagróidh sé do, chodanna den mheasúnú a rinneadh le haghaidh an conradh nua seirbhíse poiblí a luaitear thuas (féach roinn 5.1.2.1).

(290) Meabhraíonn an Coimisiún ar dtús (féach aithris 120) gur fhorchuir an Iodáil na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a leagtar síos sa Choinbhinsiún tosaigh chun na nithe seo a leanas a dhéanamh go príomha (i) leis an leanúnachas críche idir an mhórthír agus na hoileáin a áirithiú agus (ii) le rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann, trí mheán seirbhísí iompair mhuirí tráthrialta agus iontaofa. Mheas an Coimisiún cheana féin (féach aithris 179) gur cuspóirí leas an phobail iad sin.

(291) Chun an fíoréileamh ó úsáideoirí ar na seirbhísí muirí lena mbaineann a thaispeáint, sholáthair an Iodáil (féach Táblaí 11 agus 12) staidreamh mionsonraithe ina léirítear gur iompair Laziomar 270 457 bpaisinéir agus 17 717 bhfeithicil ar na cúig bhealach seirbhíse in éineacht in 2011, le linn na dtréimhsí ama faoi seach a chumhdaítear leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí. Iompraíodh 240 430 paisinéir agus 13 228 bhfeithicil in 2012 agus 254 167 bpaisinéir agus 16 927 bhfeithicil in 2013. ([85])

([85]) Sholáthair an Iodáil figiúirí a bhaineann le paisinéirí amháin freisin le haghaidh 2009 agus 2010. Meabhrófar gurbh é Caremar a d'oibrigh na bealaí sonracha le linn na tréimhse sin go dtí deireadh mhí na Bealtaine 2011. 287 639 bpaisinéir (157 055 ar T1 agus A2, 99 087 ar T2 agus A3 agus 31 494 ar A1) a iompraíodh in 2009 agus 253 638 bpaisinéir (141 300 ar T1 agus A2, 86 031 ar T2 agus A3 agus 26 307 ar A1) a iompraíodh in 2010.

Tábla 11

Staidreamh ar phaisinéirí le haghaidh na mblianta 2011-2013

Bliain	Líne T1	Líne T2	Líne A1	Líne A2	Líne A3	Líon iomlán paisinéirí
2011	57 374	53 461	15 374	106 588	37 660	270 457
2012	36 446	61 978	16 372	96 125	29 509	240 430
2013	26 492	61 678	19 655	117 085	29 257	254 167

Tábla 12

Staidreamh ar fheithiclí le haghaidh na mblianta 2011-2013

Bliain	Líne T1	Líne T2	Líne A1	Líne A2	Líne A3	Méid foriomlán na bhfeithiclí [1]
2011	13 203	2 880	1 634 [2]			17 717
2012	10 614	2 614				13 228
2013	14 177	2 750				16 927

[1] Níor iompair na soithí a úsáideadh ar Líne A1, Líne A2 agus Líne A3 feithiclí (cé is moite de Líne A1 in 2011).
[2] Ó 2012 níl ach paisinéirí á n-iompar ar an mbealach sin.

(292) Ar an iomlán, léirítear sna figiúirí go raibh éileamh ó úsáideoirí le haghaidh na seirbhísí farantóireachta suntasach agus sách seasta, agus nár soláthraíonn aon eolas san anailís le haghaidh na blianta 2011-2013 go n-imeodh an t-éileamh sin. Thaispeáin an Coimisiún cheana féin go raibh éileamh suntasach ann freisin ó úsáideoirí le haghaidh na seirbhísí muirí le haghaidh na tréimhse 2014 ar aghaidh (féach aithris 184).

(293) Is féidir an chonclúid a bhaint as dá bhrí sin gur tugadh aghaidh ar fhíoréileamh ó úsáideoirí leis na seirbhísí sin agus gur shásaigh siad fíoréilimh an phobail dá réir.

(294) Mar a mhínítear faoi aithris 186, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh le meas an mbeadh soláthar na seirbhíse neamhleor dá d'fhágfaí a sholáthar faoi fhórsaí an mhargaidh amháin i bhfianaise na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a fhorchuireann an Ballstát de bhua sínithe leis an gCoinbhinsiún tosaigh. Tugtar faoi deara ina leith sin i mír 48 de Theachtaireacht SGEI go bhfuil "*measúnú an Choimisiúin teoranta do sheiceáil cibé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát earráid fhollasach*".

(295) Tugann an Coimisiún dá aire gur chuir oibreoir eile, Vetor, seirbhís do phaisinéirí ar fáil le linn na tréimhse ón 1 Meitheamh 2011 go dtí an 14 Eanáir 2014 ar bhealach amháin a d'oibrigh Laziomar faoin síneadh leis an gCoinbhinsiún tosaigh (Líne A3), cé nár cuireadh ar fáil iad chomh leanúnach tráthrialta céanna ná ar an bpraghas céanna. Rinne an Coimisiún measúnú cheana in aithris 195 ar an staid iomaíoch ar Líne A3 agus ar cibé acu a bhí nó nach raibh na seirbhísí a sholáthair Vetor comhionann leo siúd a bhí ar Laziomar a sholáthar faoin gconradh nua seirbhíse poiblí. Meabhraíonn an Coimisiún go raibh an measúnú sin bunaithe ar an staid iomaíoch ar an mbealach sin idir an 1 Meitheamh 2011 agus an 14 Eanáir 2014. Ós rud é go bhfuil na seirbhísí i gcoitinne atá ar Laziomar a oibriú beagnach comhionann leis na seirbhísí a bhí air a oibriú le linn thréimhse an fhadaithe, a mhéid a bhaineann leis na bealaí a bhfreastalaítear orthu, na minicíochtaí agus na ceanglais theicniúla, tá an chonclúid a rinne an Coimisiún (féach aithris 195) nach raibh fórsaí margaidh iontu féin leordhóthanach chun freastal ar riachtanais seirbhíse poiblí bailí freisin maidir le Laziomar le linn thréimhse iomlán an fhadaithe. Go deimhin, ba é Laziomar an t-aon oibreoir amháin ar an gcuid is mó de na bealaí, agus ní raibh na seirbhísí a sholáthair Vetor ar bhealach amháin (Líne A3), agus ar an aon bhealach amháin sin, comhionann i dtéarmaí leanúnachais, rialtachta, toillte ná praghais agus dá bhrí sin níor chomhlíon siad na riachtanais seirbhíse poiblí a forchuireadh ar Laziomar de bhua an Choinbhinsiúin tosaigh (arna fhadú) ina n-iomláine.

(296) Ar deireadh, i bhfianaise an phríobháidithe bheartaithe agus chun leanúnachas na seirbhísí poiblí a bhí á n-oibriú faoin gCoinbhinsiún tosaigh, chinn an Iodáil síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún sin gan é a athrú agus faoi réir an athraithe ar mhodheolaíocht cúitimh is infheidhme ó 2010 ar aghaidh). Glacann an Coimisiún leis nach mbeifí in ann freastal ar an éileamh sin ó úsáideoirí (mar a thuairiscítear air in aithrisí 291, 292 agus 293) trí oibleagáidí seirbhíse poiblí a bheadh infheidhme maidir leis na hoibritheoirí uile a chuireann na bealaí ar fáil a fhorchur. Go háirithe, ba é Laziomar an t-aon oibreoir amháin ar an gcuid is mó de na bealaí (féach e.g. aithris 188) agus, i gcásanna nárbh é an t-aon oibreoir amháin é, níor chomhlíon an tseirbhís a sholáthair an t-oibreoir eile na ceanglais maidir le rialtacht, leanúnachas, toilleadh ná praghas inacmhainne. Thairis sin, ní ghintear brabús ag riar an chuid is mó, (nó aon cheann fiú) de na bealaí, go háirithe le linn an tséasúir chiúin, agus ní dócha go riarfaí iad ar chor ar bith murach cúiteamh seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, glacann an Coimisiún leis, i bhfianaise phróiseas príobháidithe Laziomar, gurbh é fadú an chonartha seirbhíse poiblí a bhí ann cheana an t-aon bhealach amháin le leanúnachas na seirbhísí poiblí a ráthú go dtí go mbeadh an príobháidiú sin tugtha i gcrích.

(297) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna an Iodáil earráid fhollasach nuair a bhí na seirbhísí a cuireadh ar iontaoibh Laziomar á sainiú aici mar SGEI. Faightear réidh mar sin leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl i gCinntí 2011 agus 2012.

5.3.3. *An gá le gníomh iontaoibhe ina sonraítear na hoibleagáidí seirbhíse poiblí agus na modhanna ríomha cúitimh*

(298) Mar a léiríodh i roinn 2.3 de Chreat SGEI 2011, de réir bhrí Airteagal 106 CFAE ciallaíonn an choincheap de sheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta go cuireadh oibriú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ar iontaoibh an ghnóthais lena mbaineann trí bhíthin gníomh oifigiúil amháin nó níos mó ná gníomh oifigiúil amháin.

(299) Ní mór na nithe seo a leanas go háirithe a shonrú sna gníomhartha sin:

— Cineál beacht na hoibleagáide seirbhíse poiblí agus a fad;

— An gnóthas agus an chríoch lena mbaineann;

— Cineál na gcearta eisiach;

— Na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú;

— Na socruithe chun róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc.

(300) I gCinntí 2011 agus 2012 leis, chuir an Coimisiún amhras in iúl faoi cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh foráil sa ghníomh iontaoibhe maidir le tuairisc chuimsitheach ar chineál oibleagáidí seirbhíse poiblí Laziomar i rith thréimhse an fhadaithe. Mar sin féin, mheabhraigh an Coimisiún freisin go bhféadfaí gnéithe éagsúla den chur ar iontaoibh a chur i roinnt gníomhartha éagsúla gan amhras a chaitheamh ar oiriúnacht an tsainithe ar na hoibleagáidí. Le linn na tréimhse sínithe, bhí an Coinbhinsiún tosaigh (arna leasú agus arna síneadh le himeacht ama), na pleananna cúig bliana a chumhdaigh na tréimhsí 2000–2004 agus 2005–2008, agus sraith de chinntí *ad hoc* a rinne an Iodáil, Treoir CIPE agus Dlí 2009, mar chuid de ghníomh iontaoibhe Laziomar.

(301) In aghaidh an chúlra sin, tugann an Coimisiún dá aire i dtosach gur fhan an Coinbhinsiún tosaigh (arna leasú le himeacht ama), atá i gcroílár ghníomh iontaoibhe Laziomar, infheidhme ina iomláine ar bhonn shraith Dhlíthe Foraithne (féach aithris 278) go dtí gur cuireadh an príobháidiú i gcrích. Sonraítear sna gníomhartha dlí sin gur cuireadh oibleagáidí seirbhíse poiblí ar iontaoibh Laziomar go dtí go gcuirfear a phríobháidiú i gcrích.

(302) De réir an Choinbhinsiúin tosaigh, sonraítear sna pleananna cúig bliana na bealaí agus na calafoirt atá le seirbheáil, an cineál agus toilleadh na soithí atá le húsáid le haghaidh na naisc mhuirí atá i gceist, minicíocht na seirbhíse agus na táillí atá le híoc, lena n-áirítear táillí fóirdheonaithe, go háirithe le haghaidh cónaitheoirí na réigiún oileánach. Cé nár glacadh na pleananna le haghaidh na tréimhse 2005-2008 go foirmiúil, lean an plean le haghaidh na tréimhse 2000-2004 de bheith infheidhme gan aon athrú a mhéid a bhaineann le raon feidhme na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí. Dá bhrí sin, lean forálacha an phlean sin de bheith infheidhme ina n-iomláine le linn na tréimhse ón 1 Meitheamh 2011 go dtí an 14 Eanáir 2014. Roimh 2011, leasaíodh an scéim táille bhunaidh dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún tosaigh le roinnt gníomhartha ina dhiaidh sin. Mar sin féin, i gcaitheamh na tréimhse sínithe iomláine, níor eisíodh aon Fhoraithne Idir-Aireachta chun na táillí atá le gearradh ag cuideachtaí an iar-ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar, a leasú a thuilleadh. Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur sainíodh na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a raibh ar Laziomar a chomhlíonadh le linn na tréimhse fadaithe sainithe ar bhealach a bhí soiléir go leor.

(303) Thug an Coimisiún dá aire cheana in aithrisí 239 agus 240 de Chinneadh 2011 gur bunaíodh roimh ré na paraiméadair is gá chun méid an chúitimh a ríomh, agus go dtugtar tuairisc shoiléir orthu. Go háirithe, maidir leis na blianta 2011 go 2013, tá liosta praghais uileghabhálach agus beacht de na gnéithe costais atá le cur san áireamh chomh maith leis an modheolaíocht chun an toradh ar chaipiteal a infheistíonn an t-oibreoir a ríomh, le fáil sa Choinbhinsiún tosaigh (féach aithris 46). Leagtar an mhodheolaíocht ábhartha amach i dTreoir CIPE (féach aithrisí 47 go 57). Go sonrach, sonraítear i dTreoir CIPE sonraí na ngnéithe costais a cuireadh san áireamh agus an toradh ar chaipiteal a infheistíodh. Ar deireadh, áirítear le Dlí 2009 an t-uasmhéid cúitimh EUR 10 030 606 in aghaidh na bliana a bhfuil feidhm leis ó 2010 ar aghaidh. Thairis sin, leagadh síos sa Choinbhinsiún tosaigh go n-íocfar an cúiteamh ina thráthchodanna agus áirithíodh leis go mbeadh an cúiteamh bunaithe ar chostais agus ioncaim iarbhír a taibhíodh chun an tseirbhís phoiblí a sheachadadh. Sa bhealach sin, d'fhéadfaí róchúiteamh a aithint agus a sheachaint go héasca. I gcás inarb infheidhme, d'fhéadfadh an Stát an róchúiteamh sin a ghnóthú ó Laziomar.

(304) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún, maidir le tréimhse fhadaithe an Choinbhinsiúin tosaigh, gur leagadh síos sainmhíniú soiléir sna gníomhartha iontaoibhe ar na hoibleagáidí seirbhíse poiblí, ar an bhfad, ar an ngnóthas agus ar an gcríoch lena mbaineann, ar na paraiméadair chun an cúiteamh a ríomh, a rialú agus a athbhreithniú agus ar na socruithe chun aon róchúiteamh a sheachaint agus a aisíoc mar a cheanglaítear faoi Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

5.3.4. *Fad na tréimhse iontaoibhe*

(305) Mar a léirítear i mír 17 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "[...] ba cheart údar a thabhairt d'fhad thréimhse na hiontaoibhe faoi threoir chritéir oibiachtúla amhail an gá le sócmhainní seasta neamh-inaistrithe a amúchadh. I bprionsabal, níor cheart do fhad na tréimhse fadaithe a bheith níos faide ná an tréimhse a theastaíonn le haghaidh dímheasa ar na sócmhainní is suntasaí chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar."

(306) Chuir an Iodáil in iúl gur socraíodh an síneadh agus an tréimhse a theastaíonn le haghaidh dímheasa na sócmhainní a úsáidtear chun an tseirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a sholáthar mar thagairt dó. Go háirithe, is é beagán níos mó ná 24 bliana fad iomlán an Choinbhinsiúin tosaigh arna fhadú. Is iad soithí na sócmhainní is suntasaí a theastaíonn chun an tseirbhís phoiblí a sholáthar. De ghnáth baineann tréimhse dímheasa fada le soithí a úsáidtear le haghaidh seirbhísí farantóireachta agus d'fhéadfadh an tréimhse a bheith ní b'fhaide ná 25 bhliain.

(307) Sholáthair an Iodáil luach dímheasa shoithí Laziomar le haghaidh na tréimhse 2011-2013 don Choimisiún. Tugann an Coimisiún dá aire go raibh meánaois 24 bliana ag ceithre shoitheach Laziomar tráth a thosaigh sé ag oibriú na mbealaí in oileánra Pontino ar an 1 Meitheamh 2011 faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh.

(308) Tugann an Coimisiún dá aire gurbh éigean síneadh 2 bhliain go leith a chur leis an tréimhse chun leanúnachas na seirbhíse poiblí a áirithiú go dtí go dtabharfaí an próiseas príobháidithe i gcrích. Agus meánaois na soithí agus meánfhad dímheasta na soithí a úsáidtear go ginearálta le haghaidh seirbhísí farantóireachta á gcur san áireamh ina theannta sin, chomh maith leis na tionscnaimh nuachóirithe a beartaíodh de bhun fhorálacha an chonartha seirbhíse agus úsáid soithí nua (féach aithris 243), tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil údar leordhóthanach le fad an ghnímh iontaoibhe agus go gcomhlíontar mír 17 de Chreat SGEI.

5.3.5. *Comhlíontacht le Treoir 2006/111/CE ón gCoimisiún* ([86])

(309) De réir mhír 18 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, "[...[] ní mheasfar cabhair a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) den Chonradh ach amháin i gcás ina gcomhlíonann an gnóthas, i gcás inarb infheidhme, Treoir 2006/111/CE maidir le trédhearcacht an chaidrimh airgeadais idir Ballstáit agus gnóthais phoiblí agus maidir le trédhearcacht airgeadais laistigh de ghnóthais áirithe".

([86]) OJ L 318, 17.11.2006, p. 17.

(310) Thairis sin, éilítear le mír 44 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta: "I gcás ina dtugann gnóthas faoi ghníomhaíochtaí atá laistigh agus lasmuigh de raon feidhme seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór go léirítear ar leithligh sna cuntais inmheánacha na costais agus na hioncaim a bhaineann le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus siúd a bhaineann leis na seirbhísí eile i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i mír 31."

(311) Dheimhnigh an Iodáil nár ghníomhaigh Laziomar ach chun seirbhísí poiblí a sholáthar faoin gCoinbhinsiún tosaigh.

(312) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil mír 18 de Chreat 2011 SGEI infheidhme.

5.3.6. *An méid cúitimh*

(313) Luaitear i mír 21 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta "[...] ní foláir nach sáróidh méid an chúitimh an méid is gá chun costas comhlíonta na n-oibleagáidí seirbhíse poiblí a chumhdach, lena n-áirítear brabús réasúnach".

(314) Sa chás idir lámha, ós rud é gurb ionann cuid den chúiteamh agus cabhair mhídhleathach a deonaíodh sular tháinig sí i bhfeidhm, foráiltear go sonrach i mír 69 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta maidir le modheolaíocht an ghlanchostais sheachanta nach gá a úsáid chun críche an mheasúnaithe Státchabhrach. Seachas sin, féadfar modhanna malartacha a úsáid chun an glanchostas is gá chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a sheachadadh a ríomh, cuir i gcás an mhodheolaíocht bunaithe ar leithdháileadh costais. Faoin dara modheolaíocht sin, ríomhfadh an glanchostas mar an difear idir na costais agus na hioncaim atá ag soláthraí ainmnithe chun na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh, mar a shonraítear agus a mheastar sa ghníomh iontaoibhe. Leagtar amach ar dhóigh níos mionsonraithe i míreanna 28 go 38 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta an chaoi ar cheart an mhodheolaíocht sin a chur i bhfeidhm.

(315) I gCinneadh 2011 agus 2012 uaidh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir leis an bpréimh riosca 6,5 % a bhí i bhfeidhm ó 2010. Go háirithe, cheistigh an Coimisiún cé acu atá an phréimh sin ina léiriú ar leibhéal iomchuí riosca nó nach bhfuil ag cur san áireamh nár dhealraigh sé *prima facie* gur ghlac Toremar chuige féin na rioscaí a ghlacann oibreoir chuige féin de ghnáth in oibriú na seirbhísí sin.

(316) Chuirfeadh préimh riosca de 6,5 % i bhfeidhm chun an toradh ar chaipiteal a ríomh ag úsáid foirmle WACC. Mar sin féin, mar a míníodh cheana in aithrisí 136, 137 agus 138, shoiléirigh an Iodáil gur cinneadh an ríomh a shimpliú trí ráta comhréidh 6,5 % a chur i bhfeidhm i ndáil le toradh ar chaipiteal i ngeall ar an uasteorainn a cuireadh le méid an chúitimh le Dlí 2009.

(317) Sa chomhthéacs sin, ar bhonn na gcuntas de réir bealaigh a chuir an Iodáil isteach agus a chomhiomlánaítear i dTábla 13, bhí an Coimisiún in ann a fhíorú go raibh an cúiteamh seirbhíse poiblí EUR 70 650 ní b'airde ná glanchostas na seirbhíse le haghaidh 2011, 2012 agus 2013 (gan aon toradh ar chaipiteal a chur san áireamh):

Tábla 13

Glanchostas na seirbhíse poiblí a d'oibrigh Laziomar le haghaidh na tréimhse 2011-2013

(EUR)

Cúram seirbhíse poiblí Laziomar	2011	2012	2013	Comhiomlán
Ioncaim iomlána	2 845 238	3 441 567	3 569 149	9 855 942
- Costais iomlána	11 182 105	17 140 076	15 799 712	44 121 893
- Amúchtaí	114 836	274 044	352 229	741 109
= Glanchostas na seirbhíse poiblí	- 8 451 703	- 13 972 553	- 12 582 792	- 35 007 048
+ Toradh ar chaipiteal (6,5 %)	0	0	0	0

= Incháilithe do chúiteamh	- 8 451 703	- 13 972 553	- 12 582 792	- 35 007 048
+ An cúiteamh iarbhír	8 601 187	13 780 506	12 696 005	35 077 698
= Róchúiteamh/ tearc-chúiteamh	149 484	- 192 047	113 213	70 650

(318) Cuireann an Coimisiún san áireamh gur thosaigh Laziomar ag oibriú na mbealaí in oileánra Pontino ar an 1 Meitheamh 2011, go díreach i ndiaidh aistriú na mbealaí sin ó Réigiún Campania agus Caremar chuig Réigiún Lazio agus Laziomar (féach aithrisí 4, 32 agus 33). Dá bhrí sin, ní féidir feidhmiú airgeadais 2011, a léiríonn difríocht dheimhneach EUR 149 484, a chur i leith Laziomar go hiomlán ná níl sé ionadaíoch do thorthaí iarbhír Laziomar. Go deimhin, le haghaidh na mblianta airgeadais 2012 agus 2013 a chuirtear i leith Laziomar go hiomlán, tá an difríocht in éineacht idir an méid iarbhír cúitimh agus an méid incháilithe diúltach (EUR - 78 834).

(319) Fíoraíonn an Coimisiún freisin na ríomhanna a sholáthair an Iodáil maidir leis an toradh ar chaipiteal infheistithe bunaithe ar an ráta comhréidh 6,5 %. Ós diúltach iad na torthaí i gcaitheamh na tréimhse 2011-2013 (féach aithris 138), léirítear mar "nialas" iad i dTábla 13 chun glanchostas na seirbhíse poiblí a ríomh. Dá bhrí sin, i bhfianaise na dtorthaí diúltacha sin, tugann an Coimisiún dá aire, i gcás an fheidhmithe airgeadais 3 bliana, go ndéantar an difríocht dheimhneach EUR 70 650, nach bhfuil ann ach 0,2 % den chúiteamh iarbhír a íocadh le Laziomar, a chuimsiú leis an ráta comhréidh 6,5 % agus nach bhfuil róchúiteamh ann mar thoradh uirthi. Thairis sin, ní théann ráta toraidh 0,2 % (nó 20 bonnphointe) thar an ráta babhtála ábhartha móide préimh 100 bonnphointe, a mheastar de bhun mhír 36 de Chreat 2011 SGEI a bheith réasúnach in aon chás.

(320) Le Mír 49 de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ceanglaítear ar Bhallstáit a áirithiú nach dtabharfar róchúiteamh do ghnóthais a ndeonaítear cúiteamh dóibh as seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a oibriú (mar a shainítear i mír 47 den Chreat sin). I measc nithe eile, ní mór do Bhallstáit cruthúnas a sholáthar ar iarraidh ón gCoimisiún. Thairis sin, ní mór dóibh seiceálacha tráthrialta a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéantar seiceálacha den sórt sin, ag deireadh na tréimhse iontaoibhe agus, in aon chás, ar eatraimh nach mó ná 3 bliana.

(321) Rinne an Coimisiún measúnú cheana féin faoi *Altmark* 3, agus fuarthas go bhféadfadh an ráta comhréidh 6,5 % de thoradh ar chaipiteal a bhféadfadh Laziomar a bheith ag súil leis ó pheirspictíocht *ex ante* i gcomhréir leis na riosca a ghlac sé agus na seirbhísí poiblí á n-oibriú aige faoin gconradh seirbhíse poiblí (féach aithrisí 211 go 216). Ina theannta sin, athdhearbhaíonn an Coimisiún gur úsáid an Iodáil ráta comhréidh i ndáil le toradh ar chaipiteal chun an ríomh a shimpliú.

(322) Tugann an Coimisiún dá aire go gcuirtear san áireamh i dTreoir CIPE na luachanna margaidh áirithe is infheidhme in earnáil an chabatáiste mhuirí. Leagtar amach leis na costais incháilithe chun críocha oibleagáidí seirbhíse poiblí, chomh maith leis na prionsabail ríofa a bhaineann leis an ráta toraidh ar chaipiteal ar bhonn na faisnéise, coinníollacha agus rioscaí ábhartha don earnáil áirithe sin.

(323) Ina theannta sin, mar a míníodh cheana in aithris 214 i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar an gconradh nua seirbhíse poiblí faoi *Altmark* 3, shuigh an Coimisiún go raibh an meántoradh ar chaipiteal a ghin grúpa tagarmhairc d'oibreoirí farantóireachta roghnaithe a sholáthair naisc mhuirí laistigh den Iodáil nó idir an Iodáil agus Ballstáit eile in 2013 (agus le haghaidh na tréimhse 2011-2013 ina hiomláine) comhchosúil go ginearálta leis an toradh 6,5 % ar chaipiteal Laziomar.

(324) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go bhfanann toradh ar chaipiteal ag 6.5 % le bheith ar leibhéal réasúnach.

(325) Ar deireadh, chuir an Iodáil an fhianaise is gá ar fáil ina léirítear go ndearnadh na seiceálacha tráthrialta uile le háirithiú nár sháraigh an méid cúitimh glanchostas na seirbhíse. Anuas air sin, meabhraíonn an Coimisiún go n-íoctar an cúiteamh i dtráthchodanna (féach aithris 45) agus go ndéantar an íocaíocht deiridh ar bhonn na gcostais agus na n-ioncam iarbhír don bhliain sin. Áirithíonn sé sin nach sáraíonn an méid cúitimh glanchostais na seirbhíse.

(326) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach raibh aon róchúiteamh mar thoradh ar an méid cúitimh a deonaíodh do Laziomar le linn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh agus go gcomhlíontar na ceanglais infheidhme de roinn 2.8 den Chreat maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

5.3.7. *An tosaíocht feistithe*

(327) Sonraítear in Airteagal 19-*ter,* mír 21 de Dhlí 2009 gur gá tosaíocht feistithe chun leanúnachas críche leis na hoileáin a ráthú agus i bhfianaise oibleagáidí seirbhíse poiblí na gcuideachtaí den iar-ghrúpa Tirrenia, lena n-áirítear Laziomar. Go deimhin, mura raibh aon tosaíocht feistithe ann le haghaidh cuideachtaí a gcuirtear oibleagáidí seirbhíse poiblí de chúram orthu, d'fhéadfadh go mbeadh orthu fanacht lena seal sula bhféadfaidís nascadh agus moill a chur leis an seoladh dá bharr, rud a chuirfeadh an chuspóir atá leis na hoibleagáidí, is é sin nascacht iontaofa agus áisiúil a áirithiú le haghaidh na tomhaltóirí, ar neamhní. Gan amhras, tá gá le hamchlár tráthrialta chun freastal ar riachtanais soghluaisteachta dhaonra na n-oileán agus chun cur le forbairt eacnamaíoch na n-oileán lena mbaineann. Thairis sin, ós rud é go bhfuil na bealaí seirbhíse poiblí socruithe ag an gCoinbhinsiún, is gá an tosaíocht feistithe le háirithiú go leithdháileann calafoirt na beartanna feistithe agus na hamanna feistithe ar bhealach a chuireann ar chumas an oibreora seirbhíse poiblí a oibleagáidí seirbhíse poiblí a chomhlíonadh.

(328) In aghaidh an chúlra sin, measann an Coimisiún go raibh údar leis an mbeart sin le cur ar Laziomar a oibleagáidí seirbhíse poiblí a fheidhmiú ar fíorsheirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta (SGEI) iad (féach roinn 5.3.2). Thairis sin, dheimhnigh an Iodáil nach bhfuil an tosaíocht feistithe infheidhme ach maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear faoin gcóras seirbhíse poiblí amháin.

(329) Rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe cheana ar chomhoiriúnacht SGEI agus an chúitimh ghaolmhair do Laziomar le linn fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh (féach ranna 5.3.2 go 5.3.6). Measann an Coimisiún dá réir gur féidir a mheasúnú comhoiriúnachta ar an tosaíocht feistithe a theorannú do chinneadh cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh róchúiteamh a bheith de thoradh an bhirt sin.

(330) Measann an Coimisiún gur theoranta aon bhuntáiste airgeadais a d'fhéadfadh an tosaíocht feistithe a thabhairt (féach aithris 162). Mar thoradh air sin, bheadh an riosca a bhaineann le róchúiteamh ag eascairt as an mbeart teoranta freisin. Anuas air sin, a mhéid a laghdódh an beart sin costais oibriúcháin nó a mhéadódh sé ioncaim an oibreora seirbhíse poiblí, léireofaí na héifeachtaí sin ina n-iomána i gcuntais inmheánacha an oibreora. Dá bhrí sin, tá na seiceálacha róchúitimh a cuireadh i bhfeidhm maidir le Laziomar mar a thugtar tuairisc orthu i roinn 5.3.6 a bheith oiriúnach chun aon róchúiteamh féideartha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an tosaíocht feistithe a aithint.

(331) Measann an Coimisiún dá bhrí sin go bhfuil an tosaíocht feistithe, atá nasctha go dlúth leis an tseirbhís phoiblí a fheidhmíonn Laziomar, a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach ar bhonn Airteagal 106(2) CFAE agus le Creat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta.

5.3.8. *Conclúid*

(332) Bunaithe ar an measúnú in aithrisí 278 go 331, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an cúiteamh a deonaíodh do Laziomarchun na seirbhísí muirí a sholáthar faoi réir fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh sa tréimhse idir an 1 Meitheamh 2011 agus an 14 Eanáir 2014 agus an tosaíocht feistithe na coinníollacha infheidhmithe de Chreat 2011 maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta agus go bhfuil siad comhoiriúnach dá bhrí sin leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE.

6. **Conclúid**

(333) Cinneann an Coimisiún gur chuir an Iodáil na bearta cabhrach atá faoi mheasúnú chun feidhme go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Ar bhonn an mheasúnaithe thuasluaite, chinn an Coimisiún go bhfuil an cúiteamh seirbhíse poiblí a deonaíodh do Laziomar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach faoi Airteagal 106 CFAE. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an tosaíocht feistithe nasctha go dlúth le feidhmiú na seirbhíse lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta ag Laziomar, tá an beart sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach freisin faoi Airteagal 106 CFAE.

(334) Thairis sin, cinneann an Coimisiún nach Státchabhair iad na bearta seo a leanas de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE:

(a) an cúiteamh a deonaíodh do Laziomar chun seirbhísí muirí a sholáthar faoin gconradh nua seirbhíse le haghaidh na tréimhse ón 15 Eanáir 2014 – 14 Eanáir 2024, arna chuachadh le gnó Laziomar agus leis an tosaíocht feistithe do Laziomar, toisc go gcomhlíonann sé na ceithre chritéar *Altmark*;

(b) An úsáid a d'fhéadfadh Laziomar a bhaint as cistí chun longa a uasghrádú chun críoch leachtachta, ós rud é nár úsáid Laziomar na cistí sin chun na gcríoch sin;

(c) Na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Laziomar agus an fhéidearthacht acmhainní FAS a úsáid chun éilimh leachtachta a shásamh, mar a leagtar síos le Dlí 2010.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE é an cúiteamh do Laziomar agus an tosaíocht feistithe chun seirbhísí muirí a sholáthar faoi fhadú an Choinbhinsiúin tosaigh sa tréimhse ón 1 Meitheamh 2011 – 14 Eanáir 2014. Chuir an Iodáil an chabhair le Laziomar chun feidhme de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE. Tá an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 2

Ní Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE í dámhachtain an chonartha nua seirbhíse poiblí le haghaidh na tréimhse ón 15 Eanáir 2014 – 14 Eanáir 2024, arna chuachadh le gnó Laziomar agus leis an tosaíocht feistithe do Laziomar.

Airteagal 3

An fhéidearthacht go mbainfear úsáid, ar bhonn sealadach, as na hacmhainní airgeadais a gealladh cheana d'uasghrádú agus nuachóiriú an chabhlaigh chun riachtanais phráinneacha leachtachta a chumhdach, mar a leagtar síos le Dlí 2010, níor baineadh úsáid aisti a mhéid a bhaineann le Laziomar. Dá bhrí sin, ní Státchabhair le Laziomar é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Airteagal 4

Ní Státchabhair le Laziomar de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na díolúintí fioscacha a bhaineann le próiseas príobháidithe Laziomar a leagtar síos le Dlí 2010.

Airteagal 5

An fhéidearthacht go n-úsáidfí acmhainní *Fondo Aree Sottoutilizzate* chun riachtanais leachtachta a chomhlíonadh, a leagtar síos le Dlí 2010, ní Státchabhair atá ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

Airteagal 6

Tá an Cinneadh seo dírithe ar Phoblacht na hIodáile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Comhalta den Choimisiún